


tuarascáil bhliantúil 14/15

institiúid teicneolaíochta chorcaí

www.cit.ie



Clár Chisti Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistíochta na hÉireann 2014-2020

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach



AONTAS EORPACH

Ag infheistiú i do dhán Ciste Sóisialta na hEorpa





Campas Bhaile an Easpaig CIT



Ceolscoil Chorcaí (CIT CSM)



Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CIT CCAD)



Coláiste Náisiunta Mara na hÉireann (NMCI)



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

tuarascáil bhliantúil 14/15

www.cit.ie

Stair

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua fairsingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh dioplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictreolaíochta a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúir a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuairoteoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras

oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na nInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Coláiste a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Dioplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarlmligean údarais d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQUAI) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá incomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraíthe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinisí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d’ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpaig. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chláir acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluchanna na hInstitiúide.

Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh . . .

- Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Ár bhFís

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, mar atá:

Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírthe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticíúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.


Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.



Clár na n-ábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Leathanach

1	Réamhrá	
1.1	Ráiteas ón gCathaoirleach	11
1.2	Ráiteas ón Uachtarán	12
1.3	Ráiteas maidir le Comhionannas	18
1.4	Gaeilge & Cultúr	19
1.5	Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	20
1.6	Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	23
1.7	Forbairt Saoráidí Spóirt	28
2	Rialachas	
2.1	Ráiteas Bliantúil maidir le Rialachas 2014/2015	33
2.2	Ballraíocht an Bhord Rialaithe	39
2.3	Cruinnithe an Bhord Rialaithe	41
2.4	Costais an Bhord Rialaithe	42
2.5	Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	43
2.6	Foireann Shinsearach na hInstitiúide	44
3	Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	
3.1	Ballraíocht na Comhairle Acadúla	49
3.2	Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	52
3.3	Coistí na Comhairle Acadúla	53
3.4	Forbairt Acadúil	54
3.5	Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	55
3.6	Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta	64
3.7	Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha	65
3.8	Údaráis Bhailíochtaithe	73
3.9	Scrúdaitheoirí Seachtracha	77
3.10	Staitisticí Mic Léinn	85
3.11	Duaiseanna agus Éachtaí na Mac Léinn	89
3.12	Ombudsman na Mac Léinn	104
4	Rannpháirtíocht, Taighde, Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus Alumni	
4.1	Rannpháirtíocht	117
4.2	Taighde	113
4.3	Foilseacháin Taighde	118
4.4	Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	127
4.5	Alumni	131
5	Acmhainní Daonna	
5.1	Tuairisc ar Acmhainní Daonna	135
5.2	Líon na Foirne	136
5.3	Éachtaí na Foirne	138
6	Tuarascáil Airgeadais	
6.1	Tuarascáil Airgeadais 2014/15	145
6.2	Cuntais Iniúchta	146
7	Faisnéis Eile	
7.1	Nuacht & Imeachtaí	171
7.2	Forbairt Champais	186
7.3	Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí	187
7.4	Pointí Teagmhála	188



Leaba Tástála Zero2020

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2014/2015 a chur i láthair. Leanann CIT ar aghaidh i dtreo a misean an t-oideachas neach léinn-láraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Is í seo an ceathrú bliain dom sa ról seo agus ba mhór an phribhléid agus an onóir dom a bheith gafa leis an institiúid an-tábhachtach seo agus comhoibriú le mo chomhghobharnóirí.

Tháinig críoch shásúil leis an mbliain nuair a ceannaíodh foirgneamh i lár na cathrach. Cuirfidh fáil an tsuímh seo ar chumas na hInstitiúide cur lena lorg i lár na cathrach ar riachtanas géar straitéiseach é.

Is maith liom a fheiceáil go leanann an Institiúid de bheith ag comhoibriú le roinnt Ollscoileanna idirnáisiúnta chun oiliúint oideachais agus deiseanna taighde a chur ar fáil do na mic léinn thar raon disciplíní agus sainréimsí.

Ba bhreá an rud é bualadh le baill foirne agus mic léinn le linn na bliana agus cuairt a thabhairt ar na campais uile. Léiríonn an rath leanúnach ar na mic léinn i gcomórtais idirnáisiúnta ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an taighde laistigh den Institiúid agus is mór an chreidiúint é do thiomantas an lucht foirne agus na mac léinn araon. Is ábhar mórtais do mo chomhghobharnóirí agus dom féin éachtaí na mac léinn a dtugtar aitheantas dóibh i bhfad is i gcéin as feabhas agus nuálaíocht a gcuid oibre.

Bhí gliondar orm a chloisteáil go raibh Timthriall 2 de phróiseas straitéiseach an Údarás um Ard-Oideachas curtha i gcrích ag an Institiúid agus gurbh é an toradh a bhí ar an bpróiseas gur áiríodh CIT ar na hinstitiúidí is airde feidhmíochta agus gur tugadh moladh di as an dul chun cinn a bhí déanta aici i dtreo na spriocanna éagsúla a bhaint amach agus, i ngeall air sin, gur deonadh di an ciste iomlán a cionroinneadh d'fheidhmíocht institiúideach. Baineann an-tábhacht leis an rangú agus an maoiniú don Institiúid. Déanaim comhghárdeas le gach duine a bhí bainteach leis an bpróiseas sin.

Imríonn na hEalaíona mar aon le cúrsaí Cultúir agus Spóirt ról ríthábhachtach san Institiúid. Agus meas á léiriú aici ar ghaiscí spóirt mar chuid d'éispéaras foriomlán an mhic léinn, b'údar mórtais ar leith do CIT iad na héachtaí iontacha i gcineálacha éagsúla spóirt.

Is ceart éachtaí na foirne acadúla, go mór mór i gcúrsaí taighde, a lua. Is suntasach ar fad é líon na bhfoirseachán ar fud an domhain.

Leanaimid dár dturas i dtreo Ollscoil Teicneolaíochta. Tá críoch ag teacht le dréachtadh an Bhille um Ollscoileanna Teicneolaíochta agus tá an Bille le bheith foilsithe le linn shamhradh 2015. Beidh an reachtaíocht seo ina céim ríthábhachtach sa phróiseas i dtreo ainmniúcháin mar Ollscoil Teicneolaíochta a fháil. Táimid muiníneach agus sinn ag fanacht lena foilsíú.

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht Shinsearach agus leis an bhFoireann as a dtiomantas agus an obair chrua le linn 2014/2015. Is onóir dom i gcónaí a bheith ag obair in éineacht libh go léir agus mé ag súil le bliain nua de ghnóthachtálacha agus d'éachtaí.

Bob Savage
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an t-aonú bliain déag dom san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán a aibhsíonn cuid d'éachtaí CIT in 2014/15:

A. Foirgnimh agus Eastáit

Cheannaigh an Institiúid 46 Sráid an Chapail Bhúí (46 Grand Parade) i lár na cathrach. Cuirfidh fáil an fhoirgnimh seo de 1,260m² ar chumas na hInstitiúide cur lena lorg straitéiseach i lár na cathrach agus deiseanna chun CEDC CIT a fhorbairt agus cóiríocht a chur ar fáil do na mic léinn i bhfoirgneamh Ché Uí Shúilleabháin.

B. Gnóthaí Acadúla

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar 17 Deireadh Fómhair agus fuair 1,188 réamhchéimí a gcuid páir.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar 20 Deireadh Fómhair agus fuair 1,150 réamhchéimí a gcuid páir. Bronnadh an dá chomhdhámhachtain seo a leanas ar an lá:

- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Bhithleighis (CIT/UCC)
- Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmhéain (CIT/Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha)

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh Cheolscoil Chorcaí CIT agus Lárionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta ar 23 Deireadh Fómhair agus fuair 100 réamhchéimí a gcuid páir. Bronnadh an dá chomhdhámhachtain seo a leanas ar an lá:

- Máistir Ailtireachta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht

Le linn na dtrí lá a raibh na Searmanais Bhronnta ar siúl bronnadh 16 dámhachtain iarchéime ar fad i dtaighde.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh i CNMÉ ar 19 Feabhra agus fuair 178 réamhchéimí a gcuid páir, ar ar áiríodh na chéad chéimithe Innealtóireachta san MSc in Innealtóireacht Mheicniúil.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh ag an CNMÉ ar 18 Meitheamh agus fuair 55 réamhchéimí a gcuid páir, a raibh san áireamh ann 10 mac léinn a bhain céim amach sa chéad cohórt den chéim BEng i Leictreitheicneolaíocht Mhuirí.

Athainmníodh an Roinn Seachadadh ar Líne mar an Roinn Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta le héifeacht ó 10 Iúil d'fhonn a ndéanann an Roinn i dtéarmaí foghlama cumasctha agus cinealacha eile foghlama a léiriú níos fearr.

Tá roinnt comhoibrithe bunaithe ag an Institiúid le hOllscoileanna idirnáisiúnta d'fhonn oiliúint, oideachas agus deiseanna taighde a chur ar fáil do na mic léinn i raon disciplíní agus sainréimsí ar a n-áirítear cláir mhalartaithe. Sa liosta thíos tá Comhaontuithe/Meamraim Tuisceana a síníodh le linn na bliana acadúla mar seo a leanas:

1. Ollscoil Náisiúnta Teicneolaíochta Naomh Peadar Taighde Faisnéise, Meicnice agus Optaice (ITMO), an Rúis/CIT
2. Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Jade, an Ghearmáin/CIT
3. Ollscoil Sacred Heart INC., Fairfield, Connecticut, SAM/CIT/IT Thrá Lí/UCC

4. Regents Ollscoil California ar son Campas Berkeley dá cuid, SAM/CIT
5. Ollscoil Stát Washington, SAM/CIT
6. Ollscoil Yangtze, an tSín/CIT
7. Coláiste Pobail South Puget Sound, Washington, SAM/CIT
8. Ollscoil Teicneolaíochta Jawaharla Nehru, Anantapur, India/CIT
9. Polaiteic Otago, Nua Shéalainn/CIT
10. Institiúid Teicneolaíochta Ollscoil Xuzhou, an tSín/CIT

C. Éachtaí agus Gradaim na Mac Léinn

Ghnóthaigh Brian Hand, fochéimí na bliana deiridh Innealtóireachta, an Duais do Chur i Láthair Páipéir ag Comhdháil CADFEM na hÉireann 2014 ar 12 Meán Fómhair.

Bhí Gradaim Bhliantúla CSC CIT ar siúl ar 23 Deireadh Fómhair agus bronnadh 151 gradam/teastas.

Ghnóthaigh céimithe Ailtireachta Istigh an chéad áit agus comhdhara háit i gcatagóir Dearadh Istigh agus Ailtireacht de chuid Institiúid Dearthóirí na hÉireann ag na Gradaim Dearaidh Céime a tionóladh ar 6 Samhain. Ghnóthaigh Ciara Daly an phríomhdhuais agus ina diaidh tháinig Michaela Murphy agus Edward O'Mahony a fuair ardmholadh.

Fuair James King, mac léinn na Bliana Deiridh san Innealtóireacht an chéad áit ag Gradam mórchlúiteach Mac Léinn Nuálach na Bliana Leibhéal 8 2014 de chuid Innealtóirí Éireann as bhí ar siúl ar 7 Samhain.

Roghnaíodh an mac léinn de chuid CSC CIT, Kevin Janssen, atá ceithre bliana déag d'aois, mar dhuine de 12 rannpháirtí chun páirt a ghlacadh i gCampa Sóisearach Ceoil na Fundúireachta Lang a bhí ar siúl i mBarcelona ó 10 go 16 Samhain.

Tháinig beirt mhac léinn ó Roinn na Turasóireachta & Fáilteachais a bhí san iomaíocht ag Comórtas Bliantúil AEHT i mBéalghrád ó 18-21 Samhain ar ais mar bhuaiteoirí óir ina n-aicme comórtais: Finbarr Collins, BBus Bainistíocht Fáilteachais, Bliain 4 agus Saoirse O'Brien, AT Staidéar Cócaireachta, Bliain 2.

Fuair an mac léinn in Innealtóireacht Mheicniúil, Damien McAuliffe Gradam mórchlúiteach Náisiúnta MEETA de chuid Asset Management and Maintenance Association ar 21 Samhain.

Ghnóthaigh Jamie Lynch, David Mulcahy, Lee McDermot agus John McElhinney, mic léinn as Roinn na Foirgníochta ar an gclár BSc (onóracha) i mBainistíocht Foirgníochta (bliain dheiridh) Gradam CIOB Student Challenge na hÉireann. Is é seo an dara bliain as a chéile ar ghnóthaigh mic léinn as an Roinn Foirgníochta an dúshlán.

Bhí Bronnadh bliantúil Duaiseanna na hInstitiúide 2014 chun ár gcuid céimithe a onórú, ar siúl ar 11 Nollaig. Bronnadh gradaim ar sheacht gcéimí déag.

Bhí comórtas náisiúnta Scileanna Éireann 2015 ar siúl in CIT ó 9-12 Nollaig. Bronnadh trófaíthe ar na buaiteoirí sna scileanna éagsúla ag an Searmanas Bronnta a tionóladh ar 12 Nollaig.

Bronnadh Gradam Vicon ar an mac léinn, James Fogarty – an Tionscadal Fochéime san Innealtóireacht Bhithleighis is fearr ar 25 Feabhra. Bhí sé sin ar cheann de dhá Mhór-Ghradam Innealtóireachta Leighis idirnáisiúnta.

Bhain Cumann CSC CIT éacht shuntasach amach nuair a bronnadh teidil na gCumann Náisiúnta ar Megan Cronin agus Stephanie Fogarty ag Gradaim Bhord Chumainn na gColáistí in Éirinn (BICS) a bhí ar siúl ar 16 Aibreán.

Fuair Emma O'Leary, Kelly Lane, Nicolle Dunphy, mic léinn Leibhéal 7 in Innealtóireacht Bhithleighis, agus Damien Dennehy, mac léinn na bliana deiridh Leibhéal 8 in Innealtóireacht Mheicniúil an moladh is airde agus bronnadh Gradaim

mhórchlúiteacha Innealtóirí Éireann orthu d'iomaitheoirí sa bhabhta deiridh Náisiúnta don Innealtóir Nuálach Mic Léinn a bhí ar siúl ar 12 Meitheamh.

D. Gnóthaí Straitéiseacha

In 2014/2015, chuir CIT Timthriall 2 de phróiseas comhphlé straitéiseach an Údarás um Ard-Oideachas i gcrích. Is éard a bhí i gceist le Timthriall 2 ná measúnú ar fheidhmíocht CIT i gcoinne spriocanna agus cuspóirí a bhí comhaontaithe idir an Institiúid agus an ÚAO i gcomhshocrú misean-bhunaithe mar aon le próiseas tagarmharcála chun CIT a chur i gcomórtas le hInstitiúidí Ardoideachais ábhartha. Bhí mar thoradh ar phróiseas Thimthriall 2 ná gur aicmíodh CIT i measc na n-institiúidí is fearr feidhmíochta agus gur moladh í as an dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna éagsúla a bhaint amach. Mar thoradh ar mheasúnú Thimthriall 2 bronnadh lánmhaoiniú ar CIT as an gcistiú atá cionroinnte d'fheidhmíocht institiúideach.

E. Cúrsaí Foirne

Ceapadh Tim Horgan Uas. mar Cheann Roinn na Ríomhaireachta le héifeacht ó 1 Meán Fómhair.

Ceapadh Brian McGrath Uas. mar Cheann na Scoile Gnó le héifeacht ó 7 Samhain.

Ceapadh James O'Byrne Uas. Ceann Seirbhísí CNMÉ le héifeacht ó 10 Samhain.

Ceapadh an Dr Gearóid Ó Súilleabháin mar Cheann Seachadadh Ar Líne le héifeacht ó 6 Márta.

Ceapadh Frank O'Donovan Uas. Ceann Gníomhach Roinn na Meán Cumarsáide le héifeacht ó 27 Márta.

Bhí ócáid scoir in onóir do na baill foirne a d'éirigh as idir Lúnasa 2013 agus Meán Fómhair 2014 ar 27 Márta.

Ceapadh Catherine Fehilly Uas. mar Cheann CEDC CIT le héifeacht ó 6 Iúil.

F. Ealaíona agus Cultúr

Sheol Oifig na nEalaíon CIT a clár nua d'imeachtaí Ealaíon & Cultúrtha don bhliain acadúil 2014/2015.

Reáchtáil Cumann Grianghráfadóireachta CIT a thaispeántas deireadh seimeastair dar teideal "Monochrome" i Lárionad Taispeántais James Barry, Campas Bhaile an Easpaig ó 25 Samhain – 5 Nollaig.

Reáchtáladh searmanas mar chuimhneachán agus aitheantas ar chion Martin O'Dwyer, RIP, iarLéachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha do bhunú na dramaíochta in RTC/CIT Chorcaí ar 28 Samhain. Ba bhunaitheoir an Ghrúpa Amharclainne é a bunaíodh in 1981.

Bhí Aonach Nollag Bliantúil CIT ar siúl ar 4 Nollaig 2014.

Bhí seachtain bhliantúil pléaráca CIT (Bailigh agus Tabhair) ar siúl ó 9 – 12 Feabhra agus bailíodh €14,000 le haghaidh carthanais fiúntach.

Bhí Gradaim Chumainn agus Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ar 25 Márta agus bronnadh sé ghradam cumainn agus seacht ngradam aonair.

Ghlac Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn agus a bhean Sabina Higgins Uas. cuireadh ó Chumann Ealaíne Maclise chuig a thaispeántas a reáchtáladh i gCSC CIT ar 7 Bealtaine.

Reáchtáil céimithe Ilmheán agus Amharc-chumarsáide ó Roinn na Meán Cumarsáide taispeántas Céimí 2015 dá gcuid, "Synthesis". Cuireadh tús leis i Lárionad Taispeántais James Barry, Campas Bhaile an Easpaig agus bhí sé ar siúl ó 28 Bealtaine – 9 Meitheamh.

Rinne CEDC CIT an 25ú comóradh bliana na Scoile Samhraidh Teiripe Ealaíne a cheiliúradh le taispeántas dar teideal "Over Time". Bhí an Taispeántas ar siúl ó 27 Meitheamh – 11 Iúil agus chuir ar taispeáint raon leathan ealaíne comhaimseartha atá á déanamh ag Teiripeoirí Ealaíne in Éirinn.

Sheol Seán Sherlock, TD, Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, foilseachán CEDC CIT ar “Creativity, Resilience and Global Citizenship” ar 22 Iúil ag Campas CEDC CIT Cé Uí Shúilleabháin.

Bhí bliain ghnóthach eile ag CSC CIT i mbliana agus roinnt ceolchoirmeacha am lóin agus oíche á gcur ar fáil acu a raibh cead ag an bpobal freastal orthu. Ba cheadal ceann díobh le Horacio Franco (fliút Sasanach) agus Santiago Álvarez (cruitchlár Barócach) in Halla Curtis ar 16 Iúil ar iarratas ó Ambasadóir Mheicsiceo go hÉirinn, Carlos Garcia de Alba.

Chuir Cumann Chriadóirí Chorcaí taispeántas bliantúil a gcuid ball i láthair ag Dánlann Ché Wandesford CIT ó 8 – 29 Lúnasa. Agus criadóirí as Contae Chorcaí ar fad ag taispeáint, chuimsigh an taispeántas saothair éagsúla idir fheidhmeach agus mhaisiúil agus dealbhóireacht.

G. Cúrsaí Spóirt

Bhí roinnt sár-éachtaí ag an Institiúid don bhliain acadúil seo ar a n-áirítear:

Ghnóthaigh Foireann Eitpheil na bhFear Céad Bhliana an chraobh uile-Éireann.

Ghnóthaigh Foireann Dornálaíochta na hInstitiúide 3 bhonn airgid ag na Comórtais Idir-Ollscoileanna.

Ghnóthaigh Foireann Cearáite na hInstitiúide 7 bhonn ag na Comórtais Idir-Ollscoileanna.

Ghnóthaigh Foireann Tréantógála Meáchain na hInstitiúide 13 bhonn óir, 3 bhonn airgid agus 8 mBonn Cré-umha ag Craobhchomórtais Chumann Tréantógála Náisiúnta Glan ar Dhruaí na hÉireann (IDFPA). Tháinig CIT sa dara háit fhoriomlán ag na comórtais Tréantógála Idir-Ollscoileanna nuair a ghnóthaigh siad 9 mBonn Oir.

Choinnigh Foireann Sacair Ban 1ú Roinn an Deiscirt den sraithchomórtas.

Ghnóthaigh foireann Taekwondo na hInstitiúide 10 bhonn ag Craobhchomórtais Náisiúnta na hÉireann.

Bhain Foireann Iománaíochta na hInstitiúide an Leas-Chraobh de Chorn Fitzgibbon amach.

Tháinig Foireann Liathróid Raicéid na hInstitiúide sa dara háit fhoriomlán sna comórtais Idir-Ollscoileanna.

Tháinig Foireann na mBan de chuid na hInstitiúide sa dara háit fhoriomlán sna comórtais Idir-Ollscoileanna.

H. Nuálaíocht agus Taighde

D'éirigh le taighdeoirí ó BioExplore deontais a fháil arbh fhiú €468,200 iad do CIT i dtrí Bheart Institiúideacha Taighde de chuid na Roinne Talmhaíochta. Ar na comhpháirtithe bhí UCC, Teagasc Ashtown agus Teagasc Moorepark agus Backweston.

Trí mheán an Campais Leathnaithe d'óstaigh CIT cruinníu de Ghrúpa Comhairleach den Chreat Cáilíochta Eorpach (EQFAG) i gcomhar le Coimisiún na hEorpa ar 19 agus 20 Samhain. Rinne na 45 toscaire a bhí i lathair ionadaíocht do roinnt tíortha Eorpacha mar aon leis an Lárionad Eorpach d'Fhorbairt Oiliúna Gairme (Cedefop) agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).

Is é an *Lárionad Dearadh agus Nuálaíocht Innealtóireachta Leighis* (MEDIC) an chéad lárionad Taighde & Forbartha sa tír a deimhníodh go caighdeán ISO 13485, an Caighdeán Idirnáisiúnta do Chórais Bhainistíochta Cáilíochta le haghaidh Dearadh Feistí Leighis.

Bronnadh cistiú taighde ón bhFóram Náisiúnta d'Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (NFETL) chun athbhreithniú náisiúnta a dhéanamh ar Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL) san Ardoideachas. Cuimseoidh an taighde Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann (IOTI), Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA), Cumann na gColáistí Ardoideachais (HECA), agus coláistí ardoideachais eile. Tá sé i gceist go gcuirfidh toradh an taighde le feabhas a chur ar an bpolasáí náisiúnta, ar chomhtháiteacht agus chomhsheasmhacht cleachtais agus forbairt RPL san am atá ag teacht.

Léirigh na figiúirí deiridh do 2014 go raibh an bhliain is gnóthaí riamh ag RCD CIT ó osclaíodh í in 2007 i dtéarmaí cuairteoirí buail-isteach agus ceardlanna oideachasúla chomh maith. Fuair sí deontais a bhí sa dara háit agus ba í an bhliain ab fhearr í le haghaidh deontas ó Fhúndúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) faoin gClár Fionnachtana Eolaíochta.

Ar 28 Eanáir, d'óstaigh CIT Fóram Réigiún an Deiscirt d'Fhiontair Bheaga agus Meánacha sa réigiún. Bhí an clár dírithe ar mheicníochtaí le haghaidh rannpháirtíocht SME le hinstiúidí ardoideachais. Orthu siúd a rinne cur i láthair bhí CIT, UCC, Teagasc agus Fiontar Éireann.

Thug Damien English, TD, Aire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, cuairt ar CIT ar 3 Feabhra. Taispeánadh saoráidí taighde CIT don Aire ar a n-áirítear an Lárionad don Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) agus NIMBUS agus tugadh forbheathnú dó ar Lárionad Rubicon. Lena chois sin, sheol an tAire Lónra Digiteach Cruthaitheach Chorcaí agus an láthreán gréasain a bhaineann leis. Is aschur é an Lónra de chuid an Tionscadal Interreg IVC Medi@tic.

I mí Feabhra, chuir Lárionad Rubicon tús leis an dara Clár New Frontiers Céim 1 don bhliain acadúil, rud a chiallaíonn 32 fiontraí ar fad ag forbairt a ngnóilochtaí agus smaointe tríd an gClár New Frontiers.

Ag eascairt as taighde NFETL, chuir Campas Leathnaithe CIT dhá pháipéar taighde i láthair ar RPL ag an INTED2015, an 9ú Comhdháil Idirnáisiúnta Teicneolaíochta, Oideachais agus Forbartha in Madrid ar 2 agus 3 Márta. Bhí 600 toscaire as 75 tír i láthair. Bhí mar theideal ar na páipéir “A Current Overview of Recognition of Prior Learning (RPL) in Irish Higher Education” agus “An exploration of Quality Assurance Mechanisms in Recognition of Prior Learning with Particular Focus on Assessment”.

Ainmníodh an Dr Roy Sleator (BioExplore) mar dhuine den Triúr Imscrúdaitheoirí ag an gCumann Eorpach um Mhicribhitheolaíocht Chliniceach agus Ghalair Thógálacha. Ainmníodh an tsaotharlann a oibríonn an Dr Sleator in CREATE Saotharlann Chógaisíochta na Bliana ag bronnadh deontas Saotharlanna na hÉireann 2014.

Agus é arna stiúradh ag an acmhainn Tacaíochtaí Tionscal Eorpach in CIT, faomhadh CIT le haghaidh maoinithe ó Interreg V B don Togra “Bealach Fionnuar”. Cuimsíonn an tionscadal Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta in CIT agus is fiú €1.2m ar fad é. Déanfaidh an tionscadal iniúchadh ar gach gné a bhaineann leis an lóistíocht phraiticiúil agus an acmhainn ghnó chun bealach déthreoch cúrsála luaimh a bhunú feadh an cheantair san fharraige amuigh a shíneann ó Dheisceart go Tuaisceart na hÉireann, Iarthar na hAlban agus ar aghaidh go dtí an Iorua.

Roghnaíodh CIT mar an institiúid óstach do Chlár Staidéar Spáis bliantúil 2017 (SSP) a bheidh ar siúl ar feadh tréimhse 10 seachtain agus a mbeidh 120-160 duine páirteach ann chomh maith le 100 dámh cuairte ón Ollscoil Idirnáisiúnta Spáis (ISI), National Aeronautics and Space Administration (NASA), Áisíneacht Spáis na hEorpa (ESA) agus roinnt de na mór-institiúidí éagsúla eolaíochta spais is tábhachtaí ar domhan. Is é seo an chéad uair a dtionólfar an SSP in Éirinn.

Roghnaíodh RCD CIT mar Chomhpháirtí Straitéiseach in éineacht le Fundúireacht Eolaíochta Éireann chun “Seachtain Eolaíochta Spáis” náisiúnta a fhorbairt. Beidh sé ar siúl ag an am céanna leis an tSeachtain Spáis Dhomhanda agus spreagfaidh sé úsáid na hEolaíochta Spáis mar fheithicil ardtionchair don oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM).

I. Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

D'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas ar 13 Feabhra 2012 agus céim eile a bhí ann i bhforbairt earnáil an ardoideachais in Éirinn. Thug foilsíú na Straitéise deis cur chuige náisiúnta comhtháite agus comhordaithe d'fhorbairt na hearnála agus aird á léiriú ar uathriail institiúideach ag an am céanna. Beidh fócas córasach ag ollscoil teicneolaíochta ar ullmhú céimithe le haghaidh róil chasta gairme i saol athraitheach na teicneolaíochta. Cuirfidh sí an t-eolas chun cinn trí thaighde agus scoláireacht agus scaipfidh sí an t-eolas sin chun freastal ar riachtanais na sochaí agus na fiontraíochta. Tabharfaidh sí aird ar leith ar riachtanais an réigiúin ina bhfuil an ollscoil suite. Beidh ceithre chéim sa phróiseas ainmnithe:

- Léiriú spéise (Céim 1)
- Plean a ullmhú chun na critéir le bheith ainmnithe mar ollscoil teicneolaíochta a chomhlíonadh (Céim 2)
- Measúnú ar an bplean ag painéal idirnáisiúnta saineolaithe (Céim 3)
- Iarratas ar ainmniúchán (Céim 4)

Ar 5 Aibreán 2012, d'fhaomh Boird Rialaithe CIT agus IT Thrá Lí agus shínigh Meamram Tuisceana faoinar tiomnaíodh an dá institiúid chun próiseas comhtháite a lorg a chuirfeadh ar bun na cúinsí is gá, de réir phróiseas agus chritéir an ÚAO, le hinstiúidí aonair a bhunú a bheadh ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (**Céim 1 agus pleanáil do Céim 2**).

Ar 30 Bealtaine 2013, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, TD, freagra dearfach ar thuarascáil ón ÚAO maidir le hathleasú agus comhfhormiú chóras ardoideachais na hÉirinn. Thacaigh an tuarascáil leis an gcomhthogra ó CIT agus IT

Thrá Lí chun Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a chur ar bun, á rá go raibh an togra “ag teacht le haidhmeanna uileghabhálacha athleasú chóras an ardoideachais agus go raibh ar a chumas na critéir a bhí leagtha síos le bheith ainmnithe mar ollscoil a bhaint amach”. Is tacú láidir do CIT i gcomhpháirtíocht ionchasach le IT Thrá Lí iad tuarascáil an ÚAO agus glacadh a cuid moltaí ag an Aire le bheith ainmnithe mar ollscoil teicneolaíochta.

Tar éis dianchur i gcomhairle le foireann agus mic léinn agus le páirtithe leasmhara eile, d’fhaomh Boird Rialaithe CIT agus IT Thrá Lí an aighneacht don ÚAO dá bplean comhtháite mar aon le Meamram Tuisceana breise a rinne comhaontú an dá Bhord Rialaithe a chumasadh. Rinneadh é sin a lóisteáil leis an ÚAO ar 6 Meitheamh 2014 agus ar an gcaoi sin cuireadh **Céim 2** den phróiseas ceithre chéim i dtreo ainmniúcháin mar ollscoil teicneolaíochta a chur i gcrích.

Ar 5 Nollaig 2014, chuir an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O’Sullivan, TD, fáilte roimh mheasúnú dearfach ag painéal idirnáisiúnta saineolaithe idirnáisiúnta ardoideachais ar na pleananna a bhí curtha isteach ag na cuibhreannais de chuid Bhaile Átha Cliath agus na Mumhan. Chuir se sin críoch rathúil le Céim 3 den phróiseas ceithre cheim i dtreo ainmniúcháin mar ollscoil teicneolaíochta. Dhearbhaigh an Painéal Idináisiúnta go mbeadh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) a bhí beartaithe ag teacht go maith le hollscoileanna go hidirnáisiúnta. Cé gur aithníodh go raibh níos mó le déanamh chun a gcumaisc a chur i gcrích agus chun na critéir a bhí leagtha síos ag an Rialtas a bhaint amach, ba chloch mhíle shuntasach é i gcur i gcrích **Céim 3**, rud a thug tacaíocht láidir do chuibhreannais Bhaile Átha Cliath agus na Mumhan agus dheimhnigh sé go raibh siad cuid mhaith den bhealach chun stádas mar ollscoileanna teicneolaíochta a bhaint amach.

Ag a gcruinniú ar 25 Feabhra 2015, rinne an Bord Rialaithe machnamh ar ábhar agus impleachtaí thuarascáil an tsainphainéil a raibh mar thoradh air Céim 3 den phróiseas. Ag deireadh an chruinnithe glacadh rún dul ar aghaidh go dtí **Céim 4** den phróiseas le haghaidh ainmniúcháin mar ollscoil teicneolaíochta le IT Thra Lí agus aontaíodh Comhaontú Comhtháite cuimsitheach idir CIT agus IT Thrá Lí.

Tá dréachtadh an Bhille um Ollscoileanna Teicneolaíochta ag teacht chun críche agus tá an Bille le bheith foilsithe le linn samhradh 2015. Céim riachtanach a bheidh sa reachtaíocht seo sa phróiseas i dtreo ainmniúcháin mar Ollscoil Teicneolaíochta agus cuirfidh foilsíú agus achtú an bhille ina dhiaidh sin creat soiléir dlí ar fáil le haghaidh an phróisis chumasctha agus ainmnithe.

An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

1.5 Maidir le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre príomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
 Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
 Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
 Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirilís, Cnaguirlís, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.


Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingear tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide (1 de 2)



1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide (2 de 2)



1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCD)

Trí bhíthin RCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chloíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCD in aghaidh na bliana.

2. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choiscitheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid is ag, nó i gcomhar le, rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadbhreathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt don thionsclaíocht, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrúin táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscithe, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amháil freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige coiscitheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil chun cinn in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíochta. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta agus Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúirthóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

3. Lárionad CREATE

Oscáladh Lárionad CREATE go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2014. Maoinítear é tríd an ÚAO faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal, Timthriall 5. Tá achar 1600m² i Lárionad CREATE ar dhá urlár agus cuireann sé spás ar fáil le haghaidh breis is 60 taighdeoir agus dá gcomhpháirtithe acadúla agus gnó, ar chostas de bhreis is €4m. Ar na príomh-chomhpháirtithe ta Coláiste Ollscoile Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Teagasc (Moorepark) agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Tá taighde CREATE dírithe go príomha ar an réimse taighde sláinte trasnáisiúnta agus cuimsíonn sé trí réimse chomhlántacha de na heolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomhú d’fhonn taighde a spreagadh in Ard-Innealtóireacht Theiripeacha. Éascóidh sé cur chuige níos cumasctha a chuireann foirne idirdhisciplíneacha ar fáil go sonrach a bhfuil speisialtachtaí acu san fhisic, ceimic, bitheolaíocht agus in innealtóireacht bithleighis chun fíorfhadhbanna domhanda a réiteach.

Déanfaidh nádúr ildisciplíneach na timpeallachta nua taighde fionnachtain de scoth a spreagadh agus aistriú na fionnachtana sin chuig feidhmeanna nua feabhsaithe agus giniúint paitinní, ceadúnas agus cuideachtaí tosaithe sa réigiún agus go náisiúnta.

4. Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscóthach de 1,800m² a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad NIMBUS agus

cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chláir tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80, idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime, lonnaithe ann.

Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Oibríonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

5. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhíú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

6. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT *An tOideachas san Fhostaíocht* (Timthriall 1) agus *Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla* (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear *Aistriú Eolais sa Churaclam* atá á threorú ag WIT, an *Tionscadal Foghlama Solúbtha* atá á threorú ag IÍT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteacha a phríomhshruthú.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

1. An Lárionad Taighde BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhísic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Cuirfidh an Lárionad d’Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d’Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain. Dhá sprioc ardleibhéil atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischiudeachtaí campais).

Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar siúl d’fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnámhe, comhdhúil athghiniúnacha agus antabhaictéireacha.

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d’fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine.

- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíocha.
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt.
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bitheighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí Aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar clár shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCA)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na haitireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

4. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis (CAPP)

Déanann CAPP taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasaíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPP breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpaig (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10M, ó fhoinsí státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionsclaíocht, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPP atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPP a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPP idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthearma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail chomhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíocha agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPP i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaice na hÉireann (I-PIC). Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de Lárionad I-PIC, a chosain €23M, beidh CAPP ag obair ar thionscadail in éineacht le 5 cuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánacha, comh maith le croithaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den Lárionad.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Cheann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

1. Lárionad Hincks don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht

D'fhógair CIT cruthú an Lárionaid don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht, Lárionad Hincks, ar 29 Eanáir 2013. Agus an chéad Lárionad don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht á chruthú aici, tá CIT ag cur lena tiomantas fada láidir cuidiú leis an iarracht fiontraíochta ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Tá i gceist ag CIT aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá san acmhainn reatha in Éirinn oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí leasmhara go léir a thugann tacaíocht agus cothú don fhiontraíocht. Rachaidh Lárionad Hincks i ngleic freisin le roinnt bearnaí tábhachtacha sa taighde reatha ar an bhfiontraíocht i gcomhthéacs na hÉireann de agus bainfidh leas as na haschuir seo chun cuidiú le polasaí agus staitéis náisiúnta a fhoirmiú.

Beidh Lárionad Hincks dírithe ar thrí philéar gníomhaíochta: lucht foirne tacaíochta fiontraíochta agus fiontraíochta a oiliúint, taighde ar an bhfiontraíocht in Éirinn d'fhonn cuidiú le polasaí náisiúnta a fhoirmiú agus oideachas agus creidiúnú oideachasóirí fiontraíochta. Cuirfidh comhcheangal na snáithí seo den fhócas fiontraíochta ar chumas CIT a cuid gníomhaíochta a leathnú sa todhchá agus déanfaidh breis luacha fiú a sheachadadh do pháirtithe leasmhara CIT.

Ar na garthosaíochtaí de chuid an Lárionaid tá clár úrnua chun feabhas a chur ar scileanna lucht foirne in institiúidí airgeadais d'fhonn an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhiontraíochtaí i ngnólachtaí tosaithe agus SMEanna araon. Cuirfidh Lárionad Hincks clár úr ar fáil a bheidh tiomanta d'oiliúint foirne i ngorlanna gnó agus in áisíneachtaí tacaíochta fiontraíochta. Aithneofar toscaí ratha nó teipe na ngnólachtaí tosaithe, i gcomhthéacs na hÉireann, i bpríomhréimsí amhail straitéis díolacháin agus maoinithe. Cuirfear clár "Oil na hOiliúin" ar fáil do léachtóirí agus múinteoirí fiontraíochta. Le hais na dtionscnamh sin agus na ngníomhaíochtaí atá ar siúl, tá beartaithe ag an Lárionad aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí seo: an Infhiontraíocht agus In-chuideachtaí, an Fhiontraíocht Shóisialta, agus an Fhiontraíocht ag an Dara Léibhéal.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)

Is é NMCIS rannóg tráchtála CNMÉ. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa todhchá. Is é feidhm phríomhúil na seirbhísí ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NMCIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na caighdeáin is airde.

GAC Training & Services Solutions Limited (GTSS)

- Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus CNMÉ. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálacha oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, Iompar agus Tráchtearraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saineolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, lóistíocht agus tionscal na mara le saoráidí thar barr CNMÉ. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtearraí. Feidhmíonn GTSS faoi roinn Tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCIS.

SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)


- Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir CNMÉ agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saineolas ar oiliúint fharráige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeán agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal mara, a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, i.e. NMCI Commercial Services (NMCIS), agus déanann Comhordaitheoir Cúrsaí Farráige í a bhainistiú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCIS. Tá a Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíochán ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCIS atá an post mar Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

2. Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht

Ar 27 Bealtaine 2013, sheol Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Lárionad Halpin go hoifigiúil ag CNMÉ. Cuirfidh an fhorbairt nua spreagúil seo le cáil idirnáisiúnta CNMÉ mar lárionad barr feabhais muirí. Cuireann an seoladh i gcrích forbairt inmheánach CNMÉ ag a bhfuil trí philéar gníomhaíochtaí: Oideachas agus Oiliúint Mhuirí, Sainchúrsaí agus Cúrsaí Saincheaptha do thionscal a sheachadann NMCI Services agus, anois, gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta trí Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht.

Beidh an lárionad ina philéar tábhachtach i Rinn a Scidigh ag Braisle Acmhainne Muirí agus Fuinnimh na hÉireann (iMERC), atá ag forbairt go mear, agus éascóidh dá réir sin inchuir thaighde CIT agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann don iarracht fhoriomlán taighde i bhfuinneamh muirí inbhuanaithe. D'éirigh go luath leis maoiniú suntasach taighde Eorpach a mhealladh agus tá baint ag an lárionad le deich dtionscadal atá á maoiniú ag an AE. Ina theannta sin tá an Lárionad ag comhoibriú le Cuideachtaí Beaga agus Meánacha agus le cuideachtaí ilnáisiúnta chun cabhrú leo táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus tá comhoibreoirí idirnáisiúnta aige i gCeanada agus ar fud an AE. Chabhraigh comhairle agus tacaíocht ó chomhpháirtithe in UCC atá bainteach le fada le Fuinneamh In-athnuaite Muirí le Lárionad Halpin chun dul i ngleic go gasta agus go héifeachtach leis an earnáil sin chun tionscadail a fháil a bhaineann le riachtanais oiliúna sa todhchá agus le húsáid na teicneolaíochta ionsamhlúcháin san earnáil sin.

1.6 Aonaid agus Láirionaid Speisialta a oibríonn laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu i lár na 1990dí ach páirc amháin CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi forbairt a mhair deich mbliana agus a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada na saoráidí spóirt lasmuigh de chuid CIT don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don forbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacar agus CLG, ón síor-úsáid a bhaineann mic léinn, baili foirne agus cumainn agus grúpaí seachtracha aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uailmhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuímh agus bhíodhas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1,150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnásiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag trí pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh i halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnásiam lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, TD an Seastán Nua go hoifigiúil ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig ar 4 Meitheamh 2010.





Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na Scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoileanna, Cadhcáil Idir-Ollscoileanna Dornálaíocht Nóibhíseach Idir-Ollscoileanna, agus Craobhacha Rugbaí Choláistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sínséar, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill de Scuid Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh san Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheanncheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.

In Eanáir 2012, shínigh CIT comhaontú le Bord Chontae Chorcaí faoinar lonnóidh ceanncheathrú phainéal Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí ag Campas Bhaile an Easpaig. Úsáideann siad na seirbhísí spóirt agus na seirbhísí coimhdeacha dá gcuid oiliúna agus forbartha.

Is fada agus is rathúil é traidisiún CIT agus í ag iarraidh cabhrú le cuid de na pearsana tréitheacha spóirt is mó in Éirinn a fhorbairt. Is mian léi an traidisiún sin a neartú agus a chur chun cinn trí thacaíocht shuntasach a thabhairt don Lúthchleasaí Tréitheach Mic Léinn agus d'Fhoirne Ardfeidhmíochta.

Ar feadh na bliana acadúla 2014/15, óstaíodh i bhfaichí agus saoráidí spóirt CIT an-chuid comórtas, ar a n-áirítear cluichí scoileanna, lúthchleasa idirnáisiúnta Chathair Chorcaí, Craobhchomórtais Náisiúnta Tréantógála Meáchain IDFPA, Míle GOAL, Craobhchomórtas Trastíre na Mumhan agus Scoileanna agus Ollscoileanna Uile-éireann. Chuir CIT saoráidí oiliúna ar fáil fdo roinnt foirne ar a n-áirítear Iománaithe agus Peileadóirí Sinsearacha Chorcaí, peileadóirí ban Chorcaí, Buíonta Forbartha Chorcaí, Sacar Chathair Chorcaí agus Rugbaí na Mumhan.

D'fhonn a tiomantas do chúrsaí spóirt a aibhsiú, bronnann CIT Scoláireachtaí Spóirt gach bliain do raon leathan spóirt Sinsir agus Sóisir. Bíonn luach na Scoláireachtaí Spóirt sa raon ó €500 go €1,000. Don bhliain acadúil 2014/15, bronnadh na scoláireachtaí seo a leanas:

- 75 Scoláireacht Spóirt CIT (33 lucht na Chéad Bhliana/Forbartha agus 42 do na Sinsirt) don Lúthchleasaíocht, Cispheil, Badmantan, Dornálaíocht, Camógaíocht, Peil, Galf, Hacaí, Rásaíocht Capaill, Iománaíocht, Cearáite, Tréantógáil Meáchan, Liathróid Raicéid, Rámhaíocht, Rugbaí, Seoltóireacht agus Sacar
- 14 Scoláireacht Chomhairle CLG na Mumhan
- 11 Scoláireacht Rugbaí na Mumhan
- 1 CS Cóbh Ramblers
- 1 CS Mná Chorcaí

Bronntar na scoláireachtaí seo ar mhic léinn a léiríonn leibhéal arda feidhmíochta agus tiomantas dá spóirt roghnaithe agus, rud an-tábhachtach, dílseacht don spóirt sin laistigh den Institiúid.

Den chéad uair riamh, d'óstáigh an Institiúid an 91ú Lúthchleasa Bhliantúla Bhunscoileanna Chorcaí ar 10 Meitheamh 2015. Bhí sé sin ar cheann de na hócáidí spóirt is mó don óige ní amháin in Éirinn ach san Eoraip freisin a bhí ar siúl ar an Raon Lúthchleasaíochta agus sa Staidiam Spóirt de chuid CIT. Ghlac níos mó ná 6,000 páiste ó bhunscoileanna ar fud na tíre páirt ann agus ba ócáid an-rathúil agus sonrach í do na páistí uile, dá gcuid múinteoirí agus do na tuismitheoirí a bhí ag cuidiú leis na himeachtaí ar an lá.

D'aontaigh CIT an ócáid a bhí ar mhórscála a óstú ar son Lúthchleasa Bhunscoileanna Chorcaí le linn do Pháirc Uí Chaoimh, an ghnáthláthair, a bheith á forbairt.



2. Rialachas

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 2.1 Ráiteas Bliantúil Rialachais 2014/2015
- 2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe
- 2.3 Cruinnithe an Bhord Rialaithe
- 2.4 Costais an Bhord Rialaithe
- 2.5 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)
- 2.6 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

2.1 Ráiteas Bliantúil Rialachais - 2014/2015

Is ábhar áthais dúinn an Ráiteas Bliantúil Rialachais d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de réir an Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a chur i láthair.

Rialachas Corparáideach

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil. D'fhaomh Bord Rialaithe na hInstitiúide go foirmiúil an Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann – arna leasú chun Cód Rialachais na gCuideachtaí Stáit 2009 (Eanáir 2012) a léiriú – ar 2 Feabhra 2012. Cuireadh litir ón Uachtarán chuig an ÚAO ar 3 Feabhra 2012 a dhearbhaigh gur ghlac Bord Rialaithe na hInstitiúide leis an gcód nua. I gcomhréir leis an gCód Rialaithe d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, tá roinnt struchtúr curtha ar bun chun maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chur ar fáil. Orthu siúd áirítear:

Ballraíocht an Bhord Rialaithe

De réir alt 6.2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, cuimsíonn an Bord Rialaithe 19 mball (an Cathaoirleach agus an tUachtarán san áireamh). Cuireadh tús le téarma reatha an Bhord Rialaithe ar 1 Aibreán 2015. Seasann téarma oifige Chathaoirleach an Bhord Rialaithe go dtí 29 Iúil 2016.

Plean Straitéiseach

Tig le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a dhearbhu gur fhaomh an Bord Rialaithe an Plean Straitéiseach do 2012-2016 ar 2 Feabhra 2012 agus cuireadh cóipeanna chuig Oifig an Aire Oideachais (admhaithe 6 Samhain 2012) agus chuig an ÚAO (admhaithe 2 Samhain 2012). Cuireann an bhainistíocht nuashonruithe ar fáil go rialta don Bhord Rialaithe maidir lena bhfuil bainte amach i dtaca leis na príomhspriocanna atá leagtha amach sa phlean.

Bainistiú Riosca

Tig le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a dhearbhu go bhfuil aghaidh á tabhairt aici ar na freagrachtaí breise a leagadh uirthi maidir le Bainistiú Riosca. D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Bainistithe Riosca athbhreithnithe ar 5 Feabhra 2015. Faoi láthair tá an Clár Riosca á fheabhsú agus á nuashonrú agus an Bainistiú Riosca á chomhtháthú isteach i gcleachtais reatha bainistíochta. Is mír sheasta ar chlár an Choiste Iniúcháireachta é Bainistiú Riosca.

Pléadh an Creat Bainistíochta Straitéiseach, a chuimsíonn an Clár Riosca, ag na cruinnithe seo a leanas den IEB sa Bhliain Acadúil 2014/15:

- 23 Meán Fómhair 2014 (SMF Comhshocrú Straitéiseach Comhphlé san áireamh)
- 4 Samhain 2014 (SMF Comhshocrú Straitéiseach Comhphlé san áireamh)
- 24 Samhain 2014 (SMF Clár Riosca san áireamh)
- 16 Nollaig 2014 (SMF Clár Riosca san áireamh)
- 6 Eanáir 2015 (SMF Clár Riosca san áireamh)
- 24 Feabhra 2015 (SMF)
- 28 Aibreán 2015 (SMF)

Cruinnithe Rialta Bhord Rialaithe

Tagann an Bord Rialaithe le chéile go rialta chun plé a dhéanamh, comhairle a chur agus dúshlán a chur maidir leis na spriocanna agus na gníomhaíochtaí de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Déanann na baill freastal maith agus tugtar deis do na baill go léir a dtuairim a nochtadh. Coinnítear miontuairiscí de na cruinnithe agus déantar iad sin a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag an gcéad chruinniú eile áit a gcuirtear saincheisteanna i bhfeidhm. Déanann an triúr Leas-Uachtarán freastal ar chruinnithe an Bhord Rialaithe.

Coistí Iniúcháireachta

Tá Cairt Choiste Iniúcháireachta ag Coiste Iniúcháireachta na hInstitiúide atá faofa ag an mBord Rialaithe. Tá an chairt seo á hathbhreithniú faoi láthair agus cuirfeadh í faoi bhráid an Bhord Rialaithe lena faomhadh. Cuireadh oiliúint ar an gChoiste Iniúcháireachta faoina ról agus a freagrachtaí ón IPA ar 15 Bealtaine 2014. Tagann an Coiste Iniúcháireachta i gceann a chéile 4 huairé sa bhliain i gcomhréir le Cairt an Choiste Iniúcháireachta chun na freagrachtaí atá leagtha amach sa Chairt a chomhlíonadh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta don Bhord Rialaithe faoina gcuid oibre agus aon ábhar inné tar éis gach cruinnithe agus cuireann Tuarascáil Bhliantúil isteach freisin. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí uair sa bhliain ar a laghad agus le foireann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Iniúchadh Inmheánach

Tá Feidhm Iniúcháireachta curtha ar bun ag an Institiúid a chomhlíonann caighdeáin ghairmiúla Institiúidí Iniúcháirí Inmheánacha an RA & na hÉireann. D'fhaomh an Bord Rialaithe an Chairt Iniúcháireachta Inmheánaí. Déantar clár bliantúil don Iniúcháireacht Inmheánach a fhorbairt agus a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúcháireachta de chuid an Bhord Rialaithe agus tuairiscíonn an Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ar ais chuig an gCoiste Iniúcháireachta maidir lena gcinntí.

Leagamar amach an Ráiteas Bliantúil Rialachais de réir alt 2.10 den Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Cóid Iompair (Tag 2.11.4 (i))

Ghlac baill an Bhord Rialachais le Cód Iompair Ghnó ag a gcuinniú ar 7 Iúil 2011. D’fhaomh an Bord Rialachais Cód Iompair d’Fhostaithe ar 4 Nollaig 2014.

Forbairtí Suntasacha Airgeadais (Tag 2.11.4 (ii))

Níor tharla aon fhorbairtí suntasacha airgeadais le linn na bliana reatha agus chomhlíon an Institiúid forálacha reachtúla na nAchtanna d’Institiúidí Teicniúla 1992 go 2006.

Polasaí an Rialtais maidir le Luach Saothair (Tag 2.11.4 (iii))

Tá polasaí an Rialtais maidir le luach saothair á chomhlíonadh ag an Institiúid, ar a n-áirítear gnáthaimh agus córais i dtaca le Taisteal agus Cothabháil. Tá roinnt ball foirne atá gafa le Taighde agus Forbairt nach bhfuil ailínithe faoi láthair leis na scálaí atá comhaontaithe go náisiúnta. Ach déanann an Bord Rialaithe gach ceapachán a fhaomhadh agus tá Grúpa Athbheithnithe Luach Saothair agus Teidlíochta bunaithe ag an Institiúid.

Na gnáthaimh atá curtha i bhfeidhm do Thuairisciú Airgeadais, Iniúcháireacht Inmheánach, Soláthar agus Diúscairt Sócmhainní (Tag 2.11.4 (iv))

Tuairisciú Airgeadais

Ta próisis bhliantúla agus tuairisciú airgeadais i bhfeidhm agus iad faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí a fhoinsíú go seachtach. Oibríonn an fheidhm de réir Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann agus tuairiscíonn go díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta. Braitheann an plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí ar na saincheistanna agus abhair imní a ardaíonn an bhainistíocht chomh maith le hanailís ar an riosca don Institiúid agus bunaítear pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí ar an anailís sin. Déanann an Coiste Iniúcháireachta an plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí. Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha tuairisc ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar gach gníomhaíocht de chuid na hiniúcháireachta inmheánaí. Léiríonn an tuairisc tuairim na hIniúcháirí Inmheánacha maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh laistigh de raon na réimsí a iniúchadh.

Soláthar

Tagann gnáthaimh soláthair na hInstitiúide le Treoirlínte Soláthair Phoiblí – Próiseas Iomaíoch a d’eisigh an Roinn Airgeadais in 2004 (an tAonad Soláthair Phoiblí) i dtaca le córas tairisceana iomaíche agus Treoracha Eorpacha ábhartha maidir le soláthar, agus na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a fháil i gCaiteachas Phoiblí, mar a leag an tAire Airgeadais amach ar 20 Deireadh Fómhair 2005.

Cuirfear críoch le Plean Soláthair Chorpáidigh le linn na bliana acadúla 2014 – 15. Tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil an Institiúid ag cloí leis na treoirlínte ábhartha go léir maidir le soláthar.

Diúscairt Sócmhainní

Ta polasaithe agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an Institiúid le sócmhainní a dhiúscairt agus le teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe. Pléitear cinntí maidir le diúscairt sócmhainní agus teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe ag Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide agus faomhann an Bord Rialaithe iad. Níor tharla diúscairt sócmhainní shuntasach ar bith ná níor cheadaíodh teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe le linn na bliana. Dearbhaíonn an Institiúid gur chloígh sí le gnáthaimh diúscairte mar a bhfuil breac-chuntas air in Alt 3.5 de na Treoirlínte don Dea-chleachtas i nDiúscairt Sócmhainní agus Teacht ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe.

Treoirlínte do Mheasúnú agus Bainistiú Tograí Caipitil (Tag 2.11.4 (v))

Cloíonn an Institiúid leis na Treoirlínte do Mheasúnú agus Bainistiú Tograí Caipitil.

Luach ar Airgead (Tag 2.11.4.6)

Is eol don Institiúid an gá atá le leanúint de bheith ag iarraidh an éifeachtúlacht a chur chun cinn agus a bhaint amach de réir na dTreoirí maidir le Luach ar Airgead a fháil i gCaiteachas Poiblí (mar atá leagtha amach in aitheasc an Aire Airgeadais den 20 Deireadh Fómhair 2005), agus cáilíocht na seirbhíse atá á seachadadh aici a fheabhsú freisin. Déantar riachtanais a shainiú agus tugtar tosaíocht dóibh agus cionroinntear acmhainní dóibh chun cúis a dhéanamh dóibh ar bhealach atá costéifeachtach agus éifeachtach. Cloíonn an Institiúid le ciorclán (06/122) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe a rinne úsáid Chreata Náisiúnta Soláthair éigeantach d'earnáil an Ardoideachais sna réimsí seo a leanas le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2012:

Stáiseanáireacht agus Soláthairtí Oifige
Páipéar
Soláthairtí Airígh
Tomhaltáin ICT
Seirbhísí Bainistithe Priontála
Fógraíocht (Meáin chlóite)
Feithiclí Mótair
Fuinneamh (Leictreachas & Gas)

Comhlíontacht Dílthe Cánach (Tag 2.11.4.7)

D'fhostaigh an Institiúid Deloitte chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhlíontacht Cánach agus, chomh fada agus is eol di, chloígh sí lena hoibleagaidí faoin dlí canach.

Polasaí Cosanta Leanaí

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil Polasaí Cosanta Leanaí i bhfeidhm a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar 4 Nollaig 2014. Rinneadh an polasaí seo a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn na bliana chun na hathruithe in *Leanaí sa Chéad Áit: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí [2011]* a léiriú.

Nochtadh faoi Rún Tuairisciú Creidimh – Acht Nochtaí Cosanta 2014

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil Polasaí Nochtaí i bhfeidhm aici. D'fhaomh an Bord Rialaithe an polasaí seo ar 26 Márta 2015. Tá Polasaí Calaoise i bhfeidhm freisin a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar 26 Márta 2015.

Cruinnithe Bord Rialaithe

Tháinig an Bord Rialaithe le chéile 9 n-uaire le linn 2014-2015. Tá sceideal an tinrimh le fail ina dhiaidh seo.

Uimh.	Ball Bord Rialaithe (Téarma Oifige dar críoch 31 Márta 2015)	Tinreamh ag Cruinnithe Bord Rialaithe					
		2 DF 2014	4 Nol 2014	8 Ean 2015 (Speisialta)	5 Feab 2015	25 Feab 2015	26 Már 2015
1.	Bob Savage Uas.	✓	X	✓	✓	✓	✓
2.	An Dr Brendan J. Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓
3.	An Comh Catherine Clancy	✓	X	✓	X	X	X
4.	An Comh Jim Corr	✓	✓	✓	✓	✓	✓
5.	Eoin Deane Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓
6.	Valerie Gleeson Uas	Fuair bás Aibreán 2014 – Ainmnitheach ón gComhairle Ealaíon Folamh					
7.	An Comh Mary Hegarty	✓	✓	✓	✓	✓	✓
8.	Mary Keane Uas	✓	X	✓	✓	X	✓
9.	An Dr Áine Ní Shé	✓	✓	✓	✓	✓	✓
10.	Barra Ó Briain Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓
11.	Billy O'Neill Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓
12.	John O'Sullivan Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓
13.	Ted Owens Uas	X	✓	✓	✓	X	✓
14.	Ann Piggott Uas	✓	✓	✓	✓	X	✓
15.	An Canónach G. A. Salter	✓	✓	✓	✓	✓	✓
16.	Mark Whitaker Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓
17.	Jim Woulfe Uas	X	✓	✓	✓	✓	✓
18.	Ciara O'Connor Uas, Ainmnitheach na Mac Léinn - Ceaptha ó 1/10/2013 go 30/09/2014. Athcheaptha ó 1/10/2014 go 30/09/2015	✓	✓	✓	✓	✓	X
19.	Michael Linehan Uas, Ainmnitheach na Mac Léinn - Ceaptha ó 1/10/2014 go 30/09/2015.	✓	✓	✓	✓	✓	X

Téarma bliana amháin oifige a bhíonn ag baill mhic léinn ó1 Deireadh Fómhair go 30 Meán Fómhair.

Uimh.	Ball Bord Rialaithe Nua (Téarma Oifige ó 01/04/2015 go 31/03/2020)	Tinreámh ag Cruinnithe Bord Rialaithe		
		4 Meith 2015	9 Iúil 2015	20 Lún 2015 (Cruinniú Speisialta)
1.	Bob Savage Uas	✓	✓	✓
2.	An Dr Brendan J. Murphy	✓	✓	✓
3.	Bernard Allen Uas	✓	✓	X
4.	Mary Cooney Uas	✓	X	X
5.	Eoin Deane Uas	✓	✓	✓
6.	Emelie Fitzgibbon Uas	✓	✓	✓
7.	Maura Fitzgibbon Uas	X	✓	✓
8.	An Comh Mary Hegarty	✓	✓	X
9.	An Comh Michael Hegarty	✓	✓	✓
10.	An Capt Dave Hopkins	✓	✓	✓
11.	An Comh Patrick Gerard Murphy	✓	X	✓
12.	Declan O'Leary Uas	✓	✓	X
13.	Cilian Ó Súilleabháin Uas	✓	✓	X
14.	Ted Owens Uas	✓	X	✓
15.	Ann Piggott Uas	X	✓	✓
16.	Katherine Walshe Uas	✓	✓	X
17.	Jim Woulfe Uas	✓	✓	✓
18.	Ciara O'Connor Uas, Ainmnitheach na Mac Léinn - Ceaptha ó 1/10/2013 go 30/09/2014. Athcheaptha ó 1/10/2014 go 30/09/2015	✓	X	✓
19.	Michael Linehan Uas, Ainmnitheach na Mac Léinn - Ceaptha ó 1/10/2014 go 30/09/2015.	X	X	X

Téarma bliana amháin oifige a bhíonn ag baill mhic léinn ó1 Deireadh Fómhair go 30 Meán Fómhair.

Cruinnithe Coiste Iníúcháireachta

Tháinig an Coiste Iníúcháireachta le chéile 4 huairé le linn na bliana 2014-2015 agus tá an sceideal tinrimh anseo thíos.

Dáta	Tinreámh ✓			
	Billy O'Neill Uas	Mary Keane Uas	Jim Woulfe Uas	Barra Ó Briain Uas
30 Deireadh Fómhair 2014	✓	✓	✓	✓
15 Eanáir 2015	✓		✓	
12 Márta 2015	✓	✓	✓	✓
26 Márta 2015	✓	✓	✓	✓

Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar roinnt ócáidí eile chun ábhair a chuir an Bord Rialaithe faoina mbráid a phlé.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhord Rialaithe

Rinne an Institiúid coimisiúnú ar an IPA chun cabhrú leis an mBord Rialaithe tabhairt faoi athbhreithniú féinmheastóireachta le linn na bliana 2014-2015.

Tuarastal an Uachtaráin

Dhearbhaigh an Institiúid gur íocadh tuarastal de €146,034 leis an Uachtarán le linn na bliana airgeadais 2014-2015.

Costais an Bhord Rialaithe

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil na táillí agus na costais a íoctar le baill an Bhord Rialaithe de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Sceideal na dtáillí

Agallamh €300 in aghaidh an lae.
Costais de réir na Roinne Airgeadais

Íocaíochtaí le Baill an Bhord Rialaithe	Costais	Painéal Agallaimh	Iomlán
BERNARD ALLEN		4,800.00	4,800.00
BILLY O NEILL		300.00	300.00
CLLR MARY HEGARTY	785.61		785.61
G. A. SALTER		5,100.00	5,100.00
Móriomlán	785.61	10,200.00	10,985.61

Fochuideachtaí

Faoin gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, tá ar gach fochuideachta glacadh leis an gCód Rialachais céanna leis an mháthairinstitiúid. Cuireann gach fochuideachta de chuid na hInstitiúide ráiteas rialaithe inmheánaigh foleibhéil ar fáil ar bhonn bliantúil.

Ar son an Bhord Rialaithe



Ainm



Ainm

Cathaoirleach an Bhord Rialaithe

7 Aibreán 2016

Date: _____

Uachtarán

7 Aibreán 2016

Date: _____

2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana. Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse d'aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Is í ballraíocht an Bhord Rialaithe ó 1 Meán Fómhair 2014 go dtí 31 Márta 2015 mar seo a leanas:

Bob Savage Uas., Cathaoirleach
(Ainmnitheach an Aire Oideachais agus Scileanna)

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT
(Ex Officio)

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.

Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)

An Comh. Catherine Clancy (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
An Comh. James A. Corr (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
Ted Owens Uas. (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
Barra Ó Briain Uas. (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)
An Comh. Mary Hegarty (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)
An Canónach G. A. Salter (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1) (c)

An Dr Áine Ní Shé (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)
John O'Sullivan Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)

Eoin Deane Uas. (Ainmnitheach na Foirne Neamh-Acadúla)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)

Danny O'Donovan Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2014
Ciara O'Connor Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2014
Michael Linehan Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015
Ciara O'Connor Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)

Ann Piggott Uas. (Ainmnitheach Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)

Folúntas . (Ainmnitheach na Comhairle Ealaíon)

Mary Keane Uas. (Ainmnitheach Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Iarbhuideochais)
Billy O'Neill Uas. (Ainmnitheach Institiúid Innealtóirí Éireann)
Mark Whitaker Uas. (Ainmnitheach Chumann Tráchtála Chorcaí)
Jim Woulfe Uas. (Ainmnitheach an Irish Co-Operative Organisation Society Ltd.)

Ó 1 Aibreán 2015 go 31 Márta 2020:

Ceapadh Bord Rialaithe nua le haghaidh tréimhse cúig bliana ó 1 Aibreán 2015. Tá an bhallraíocht mar seo a leanas:

Bob Savage Uas., Cathaoirleach
(Ainmnitheach an Aire Oideachais agus Scileanna)

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT
(Ex Officio)

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.**Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)**

Maura Fitzgibbon Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)
 An Comh. Mary Hegarty (Ainmnitheach BOO Chorcaí)
 An Comh. Michael Hegarty (Ainmnitheach BOO Chorcaí)
 An Comh. Patrick Gerard Murphy (Ainmnitheach BOO Chorcaí)
 Declan O'Leary Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)
 Ted Owens Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(c)

Mary Cooney Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)
 Cilian Ó Súilleabháin Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)

Eoin Deane Uas. (Ainmnitheach na Foirne Neamh-Acadúla)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)

Michael Linehan Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015
 Ciara O'Connor Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)

Ann Piggott Uas. (Ainmnitheach Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)

Bernard Allen Uas. (Ainmnitheach Chomhairle Spórt na hÉireann)
 Emelie Fitzgibbon Uas. (Ainmnitheach na Comhairle Ealaíon)
 An Capt. Dave Hopkins (Ainmnitheach Chumann Loingseoireachta na hÉireann)
 Katherine Walshe Uas. (Ainmnitheach Institiúid Innealtóirí Éireann)
 Jim Woulfe Uas. (Ainmnitheach Chumann Tráchtála Chorcaí)

2.3 Cruinnithe Bord Rialaithe

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2014 go 31 Lúnasa 2015, bhuaill an Bord Rialaithe le chéile naoi n-uaire ar a n-áirítear trí chruinniú speisialta. Bhuaill siad le chéile ar na dátaí seo a leanas:

Déardaoin 2 Deireadh Fómhair 2014

Déardaoin 4 Nollaig 2014

Dé hAoine 8 Eanáir 2015 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 5 Feabhra 2015

Dé Céadaoin 25 Feabhra 2015 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 26 Márta 2015

Dé Máirt 4 Meitheamh 2015

Déardaoin 9 Iúil 2015

Déardaoin 20 Lúnasa 2015 (Cruinniú Speisialta)

2.4 Costais an Bhord Rialaithe

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil na táillí agus na costais a íoctar le baill an Bhord Rialaithe de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Sceideal na dTáillí:

Painéil Agallaimh: €300 in aghaidh an lae

Costais: De réir na Roinne Airgeadais

Costais an Bhord Rialaithe don bhliain acadúil 2014/15 (1/9/2014 go 31/08/2015)

Ball an Bhord Rialaithe	Costais	Painéil Agallaimh	Iomlán
Bernard Allen Uas	-	€4,800.00	€4,800.00
Billy O'Neill Uas	-	€300.00	€300.00
An Comh Mary Hegarty	€785.61	-	€785.61
An Canónach G.A. Salter	-	€5,100.00	€5,100.00
Móriomlán:	€785.61	€10,200.00	€10,985.61

2.5 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Is coiste neamh-reachtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é ról Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cabhrú leis an Uachtarán i mbainistiú na hInstitiúide agus polasaí Institiúide a cheapadh le haghaidh faofa ag an mBord Rialaithe.

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán
Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha
Paul Gallagher Uas, Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán
Tadhg Leane Uas, Ceann Forbartha Straitéisí
Michael Loftus Uas, Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta
An Dr Barry O'Connor, Clárathóir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla
Gerard O'Donovan Uas, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT

Buaileann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile ar bhonn míosúil agus ar uaireanta eile a meastar a bheith riachtanach. Déanann an tUachtarán nó ainmnitheach an Uachtaráin laistigh den Bhord cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta i láthair ag gach cruinniú chun mionsonraí cruinnithe a thaifeadh. Scaiptear liostaí gnímh ó na cruinnithe ar an mBord Rialaithe agus bíonn siad le fáil ag an bhfoireann trí mheán inlíon na foirne (Gateway).

2.6 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhscoileanna de chuid CIT iad Ceolscoil Chorcaí CIT, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.

Uachtarán	An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI
Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide	
Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha	Orla Flynn Uas, MSc, MA, MICS, MIDI
Leas-Uachtarán d’Airgeadas & Riarachán	Paul Gallagher Uas, MSc, FCMA
Ceann na Forbartha Straitéisí	Tadhg Leane Uas, BA, MSc
Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta	Michael Loftus Uas, BE, MEngSc, MICS
Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla	An Dr Barry O’Connor, BE, MEngSc, PhD, BCL, CEng, MIEI
Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí	Gerard O’Donovan Uas, BComm, MBA, MMII, MICS
Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT	An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD
Poist Shinsearacha Eile	
Ceann Rannpháirtíochta Straitéise & Tionscnamh Coinneála Mic Léinn agus Ceann an Aonad Teagaisc & Foghlama	Marese Bermingham Uas, BComm, HDipEd, HDipGC, MIGC
Deán d’Fheabhsú Cáilíochta Acadúla agus Deán Gníomhach Staidéar Céimí	An Dr Stephen Cassidy, BE, MEngSc, PhD, CEng, Eur Ing, MIEI
Ceann Roinn na Foghlama Teicneolaíochta	An Dr Gearóid Ó Súilleabháin, BA, MSc (Econ), MA, PhD
Ceann Lárionad Staidéar Ceardaíochta	Michael Hourihan Uas, BSc, Ceirdeanna Sinsearacha, C & G
Ceann Lárionad NIMBUS	An Dr Dirk Pesch, Dipl.Ing, PhD, IEEE, IEI, ACM
Ceann Taighde	An Dr Niall Smith, BSc, PhD
Bainisteoirí Príomhsheirbhísí	
Bainisteoir Airgeadais	Ellen Crowley Uas, BSc, ACA, MA
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Anthony Collins Uas, BA
Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn	An Dr Dan Collins, MEd, BA, BD, PhD
Bainisteoir Foirgneamh & Eastát	Kevin McCarthy Uas, MSc, CEng, MIEI
Bainisteoir TF	Jonathan McCarthy Uas, BSc, MA, PostgradDip
Bainisteoir Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht	Josette O’Mullane Uas, BComm, ACMA
Leabharlannaí	Folamh

**DÁMH NA hINNEALTÓIREACHTA
& NA hEOLAÍOCHTA**

Ceann na Dámh

Michael Loftus Uas, BE, MEngSc, MICS

Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta:

Ceann na Scoile

An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, Eurlng, PE

Ceann na Roinne Ailtireachta

Katherine Keane Uas, BSc in Arch, MArch, ARIAI

Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil

Desmond Walsh Uas, BE, MSc, DIC, CEng, MIEI, MICE

Ceann na Roinne Foirgníochta

An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis:

33. Cuireadh **Peter Martin**, céimí 2014 an BA in Ealaín Chomhaimseartha Fheidhmeach ar an ngearrliosta i ngeall ar choimisiún mór gloine daite faoin Scéim Per Cent le haghaidh Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.
34. D'éirigh le CIT dhá cheann a fháil de na trí Ghradam Náisiúnta Comhshaoil Mic Léinn le haghaidh Oibríochtaí Comhairleoireachta agus Cothabhála Innealtóireachta agus Ailtireachta 2015 a bhí ar siúl i Sligeach ar 15 Aibreán 2015.
Is iad a fuair na gradaim:

Uimh.	Ainm an Mhic Léinn	Clár Staidéir	Teideal an Tionscadail
1.	Aidan Ware , Mac Léinn PhD	Innealtóireacht Chomhshaoil	Poitéinseal le gás in-athnuaithe a tháirgeadh as sruthanna dramhaíola seamlais
2.	Damien Dennehy Mac Léinn Focheime	Innealtóireacht Mheicniúil	Bacainn Uathoibríoch Chosanta Tuilte a Dhearadh agus a Fhorbairt

Is éacht ar leith é do Damien de bhrí go bhfuil sá deacair áit a fháil ar an ngearrliosta don chomórtas náisiúnta seo mar go bhfuil sé ar oscailt don fhochéimí agus don iarchéimí araon agus ard-leibhéal d'iontrálacha PhD ann.

35. Ba éacht suntasach é do Chumann Ceoil CSC CIT nuair a bronnadh teidil na gCumann Náisiúnta ar **Megan Cronin** agus **Stephanie Fogarty** ag Gradaim Bhord Chumann na gColáistí in Éirinn (BICS) a bhí ar siúl ar 16 Aibreán 2015 in Óstan Sheraton i mBaile Átha Luain. Thug na hacaláidí aitheantas don bhealach sármaith inar thug siad a gcion do CIT agus is é an chéad uair a fuair CIT trí ghradam san aon bhliain amháin. Is mac léinn Margaíochta 3ú Bliain í Megan agus is mac léinn 1ú Bliain Forbartha Pobail í Stephanie.

Bronnadh gradam don Imeacht Is Fearr ar an gCumann Ceoil as “CARRIE the Musical”. Mheas painéal BICS go mba chóir an próiseas iomlán eagrúcháin a aithint mar an gceann ab fhearr ní amháin mar léiriú ar ardchaighdeán na léirithe ach freisin ar conas a chomhordaigh agus a phleanáil siad an imeacht. Ghlac an Cathaoirleach **Aaron Barriscale**, mac léinn 3ú Bliain i Staidéar Amharclainne & Drámaíochta, an gradam.

36. Ar 20 Aibreán 2015, reáchtáil Aontas na Mac Léinn Gradaim Bhliantúla Chomhairle an Aontais inar bhronn An Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mic Léinn, Teastais Tuilleamais ar Ionadaithe Ranga as a gcion deonach do shaol an champais. Bhronn Oifigigh an Aontais gradaim ar sheisear Ionadaí Ranga a bhí ainmnithe ag baill a ranga mar aitheantas ar a “Sár-Chion Deonach” le linn na bliana acadúla. Ba iad na faighteoirí na:

- **Alexis Bannerman**
- **David Brady**
- **Martin Healy**
- **Daniel Hanlon**
- **Natalie O'Connell**
- **Klaudia Prys**

Bronnadh gradam tionscnamh CIT “Ardlu an Uachtaráin” ar **David Brady** mar aitheantas ar an tsársheirbhís as an gcoitiantacht a thug sé d'Aontas na Mac Léinn.

Bhí Ionadaithe Ranga i gceartlár fhás agus fhorbairt Aontas na Mac Léinn riamh. Imríonn siad ról ríthábhachtach sa phróiseas cumarsáide débhealaigh idir na mic léinn agus Aontas na Mac Léinn, agus gníomhaíonn siad ar bhonn deonach, agus a gcuid ama á tabhairt acu go deonach d'fhonn eispéaras coláiste agus saol an champais a gcomh-mhic léinn a fheabhsú.

37. Ar 23 Aibreán 2015, bhí Gradaim Spóirt 2015 CIT ar siúl sa Dánlann, an Lárionad Mic Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mic Léinn na gradaim sin ar bhaill Chumann a thug treoir lena sampla ar feadh na bliana agus a rinne níos mó na a gcion cóir chun Spóirt CIT a chur os comhair an phobail. I dtéarmaí éachta le linn na bliana acadúla bronnadh an gradam "Mac Léinn na Céad Bhliana" ar mhac léinn as an gcoitiantacht. Bronnadh gradaim mar seo a leanas:

Faighteoirí Gradaim Spóirt CIT 2015

11 Bhuaiteoir Gradaim Aonair:

Uimh.	Ainm	Cúrsa	Éachtaí Spóirt
1.	Thomas Houlihan	Innealtóireacht Struchtúrtha Bliain 4	Bonn óir ag Comórtais Idirollscoileanna 2015 – Léim Chuaille Bonn óir ag Craobhchomórtais Náisiúnta F23 Raoin & Faiche 2014 Bonn Airgid ag Craobhchomórtais Náisiúnta Shinsearacha Raoin & Faiche 2014
2.	Richard Nolan	Innealtóireacht Leictreach Bliain 3	Cathaoirleach Cumann Tréantógála CIT a d'óstáigh Craobhchomórtais Tréantógála IDFPA go rathúil 1ú hÁit i gCatagóir Sinsearach Gróigthe 110kg i gCraobhchomórtais Náisiúnta IDFPA Cáilithe chun seasamh d'Éirinn i Meitheamh sa RA
3.	Peter Halligan	Forbairt Bogearraí Bliain 4	D'óstáigh Comórtais Idirollscoileanna Ailleadóireachta CIT 2015 Ball den Choiste Ailleadóireachta le roinnt blianta seo caite Dhreap i Sraithchomórtais Bollánóireachta (IBL) & Allamuigh na hÉireann in Éirinn agus sa Ghearmáin
4.	Emma Farmer	Gnó Bliain 4	Captaen foireann na mBan CIT a shroich Leath-chraobh Chorn an Loingsigh agus a ghnóthaigh an Sraithchomórtas Uile – Éireann D'imir do Pheil na mBan Chorcaí ó F21 an bealach ar fad go dtí an Leibhéal Sinsearach Buaiteoir Boinn Sraithchomórtais Náisiúnta, na Mumhan, agus Craobh Shinsearach Uile-Éireann le Corcaigh
5.	Ryan (Roy Downey)	Staidéar Gnó Bliain 1	Ba é ba mhó le Bua Pláta Fhir na Chéad Bhliana a bheith ainmnithe Craobhchomórtais MVP Ball ríthábhachtach Scud Sinsearach CIT agus scóráil 28.2 pointe ar an meán an cluiche sa sraithchomórtas, an scór is airde sa tír Roghnaithe d'fhoireann Sár-Imreoirí Príomh-Shraithchomórtas na hÉireann a

			bheidh ag taisteal go dtí an tSín an samhradh seo
6.	John Cronin	Margaíocht Bliain 4	<p>Captaen don dá bhliain seo caite ar fhoirne Coláistí Chorn Fitzgibbon</p> <p>Cathaoirleach ar Chlub Iománaíochta CIT don dá bhliain seo caite</p> <p>Roghnaith le haghaidh fhoireann Sár-Imreoirí na Todhchaí in 2014</p>
7.	Jamie Googan	Spórt & Aclaíocht Bliain 4	<p>Cathaoirleach ar Chlub Snámha & Tarrthála don dá bhliain seo caite</p> <p>Ghnóthaigh roinnt dreasanna ag Comórtais Idirollscoileanna i nGaillimh, 2015</p> <p>3 Bhonn Óir sna Cluichí Pobail don Snámh & Seaimpín Corcaí Thiar 7 nUaire</p>
8.	Roisín Ormond	Innealtóireacht Bhithleighis Bliain 2	<p>F21 na Mumhan 2012 & Captaen F19 na Mumhan 2013 – Buaiteoirí Interpro</p> <p>Buaiteoir Interpro le Mná Sinsearacha na Mumhan 2014</p> <p>Buaiteoirí Chorn Uile-Éireann le CIT 2014</p>
9.	John Corkery	Gnó & Bainistíocht Bliain 4	<p>Cathaoirleach Club Peile CIT</p> <p>Rúnaí Club Peile CIT 2012-2014</p> <p>Bonn F21 na Mumhan le Corcaigh 2014</p> <p>Ball de Phainéal Sigurson CIT</p>
10.	Andrew Verso	Innealtóireacht Mhuirí Bliain 2	<p>Cathaoirleach Club Seoltóireachta CNMÉ</p> <p>2ú i “Sraithchomórtas Geimhridh O’Leary”</p> <p>1ú & 2ú i “Sraithchomórtas na Marta” RCYC</p> <p>An t-aon fhoireann Éireannach san iomaíocht sa “Chorn Hydro” sa Fhrainc</p>
11.	Mike Kearney	Bainistíocht Áineasa & Fóillíochta Bliain 1	<p>Ball suntasach d’fhoireann Iománaíochta na Chéad Bhliana</p> <p>Ball de Phainéal Sinsearach Iománaíochta Phort Láirge 2015</p> <p>Cuid d’fhoireann Mhionúir Iománaíochta Phort Láirge a bhuaigh a chéad Uile-Éireann le breis is caoga bliain</p>

Mac Léinn na Chéad Bhliana:

1.	Raymond Walsh (Lúthchleasaíocht)	Bainistíocht Áineasa & Fóillíochta Bliain 1	<p>Bonn Airgid i Lúthchleasa Chathair Chorcaí 2014</p> <p>Bonn Óir i Rás Sealaíochta Scoileanna Uile-Éireann & Dara hÁit</p> <p>Gradam Lúthchleasaíochta Spóirt Chathair Chorcaí do Bhealtaine 2014</p> <p>3 Bhonn Airgid Scoileanna Uile-Éireann don 100m, 200m agus Rás Sealaíochta Meánach</p> <p>Gradam Bhanc na hÉireann don Sár-Imreoir Sinsearach Spóirt Scoile</p>
----	---	---	--

Gradaim “RÍSAM Uile” x 2:

1.	Club Peile na mBan	D’óstaigh Deireadh Seachtaine Corn O’Connor Buaiteoirí Roinn 3 Sraithchomórtas Uile-Éireann Iomaitheoirí Babhta Ceannais Corn an Loingsigh
2.	Club Tréantógála	D’óstaigh Imeacht Náisiúnta IDFPA Tógála Aonair i bhFeabhra, an ceann is mó in Éirinn le breis is 400 iomaitheoir Babhtaí Náisiúnta Singil IDFPA: Bhuaigh CIT 13 bhonn Óir, 3 bhonn Airgid agus 8 Cré-umha. Dá bharr sin cháiligh roinnt mac léinn chun ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn i gCraobhchomórtais an Domhain sa RA Comórtais Idirollscoileanna Tréantógála: Bhí CIT sa 2ú hÁit fhoriomlán nuair a ghnóthaigh 9 mbonn Óir, 3 bhonn Airgid agus 3 Chré-umha ar fad.

Gradaim don “Chlub Is Mó Feabhas” x 2:

1.	Club Ailleadóireachta	D’óstagh Comórtais Ailleadóireachta Idirollscoileanna, an chéad uair a reáchtáladh an imeacht seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Béal Feirste Mheall breis is 150 iomaitheoir, rud a ghin brabús don Chlub Mhéadaigh líon na mball agus iad sin a dhéanann freastal ar an traenáil sheachtainiúil faoi dhó beagnach ó anuraidh Baill nua á mealladh in aghaidh na seachtaine
2.	Club Eachaíochta CIT	Chomhóstaigh buaicphointe fhéilire na marcaíochta mic léinn in Éirinn, Craobhchomórtais Náisiúnta Eachaíochta Idirollscoileanna Idirollscoileanna: Tháinig breis is 250 iomaitheoir as 20 coláiste as an tír uile go dtí Stáblaí Maryville, Carraig Uí Leighin, ar feadh dhá lá dianiomaíochta i gcoibhlint do na chéad áiteanna i ndreasáiste, seolímneach agus prix Caprilli. Lorgaíodh 78 capall ar fad chun an imeacht a reáchtáil agus baineadh úsáid as gach capall ceithre huaire ar a laghad. An 6ú coláiste foriomlán i gComórtas Prix Caprilli Rinne freastal ar Lucht Tosaithe, Meánacha agus Ard

Gradaim Éachtaí x 2 – Imreoirí Idirnáisiúnta Hacaí na hÉireann 2015:

1.	Clíodhna Sargent	PhD Eolaíochtaí Bitheacha
2.	Yvonne O’Byrne	Céim Máistir i dTionscadal Spraoi

38. Bronnadh cónaitheacht míosa in Textílsetur Íslands, the Icelandic Textile Center, ar **Helen O’Shea**, céimí 2012 de chuid CEDC CIT i Mínealaín Teicstíl (SPA) agus rannpháirtí le déanaí i gCónaitheacht Chomhaimseartha Meantóireachta Ealaíne Feidhmí le linn sheimeastar an fhómhair 2014.

Lena chois sin fuair sí scéala gur roghnaíodh a cuid saothar sliogáin bhig a cruthaíodh mar chuid de thaighde Meantóireachta CDEC CIT le haghaidh 6ú Taispeántas ardchlúiteach Ealaíne Mini-Teicstíle Idirnáisiúnta Scythia in Kherson san Ucráin.

39. Ar 30 Aibreán 2015, rinne Bob Savage, Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, agus an Dr Barry O’Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla (ar son an Uachtaráin) freastal ar an 29ú Searmanas Bronnta Taispeántas d’Innealtóireacht Mheicniúil, Déantúsaíochta agus Bhithleighis a bhí ar siúl in Halla Nexus, i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Ba é teideal an taispeántais i mbliana “Engineering Design – Eureka! First in Europe – First in Ireland – First in Innovation”. Bhí 200 seastán taispeántais i dTaispeántas 2015. Sular seoladh an Taispeántas bronnadh na gradaim seo a leanas as sáréachtaí:

Na Gradaim a bhronn an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla:

Uimh.	Teideal an Ghradam	Faighteoir	Teideal an Tionscadail
1.	Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Tim Sexton 2015	<p>James King, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>Céimí BEng in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>Innealtóir Mic Léinn Innealtóirí Éireann na Bliana 2014</p> <p>Gradam Náisiúnta Leibhéal 6 arna urrú ag Siemens Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath</p> <p>Céad Áit agus Buaiteoir Glan Amach</p>	“Dearadh, Forbairt agus Tástáil Faighneog Iompair Leighis Chomhoiriúnach Dróin”
2.		<p>Brian Hand, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>Céimí BEng in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>An Páipéar Láithreoireachta Is Fearr (2014) Comhdháil CADFFEM Éireann agus Úsáideoirí Ansys Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath</p>	“An Analysis into Wind Induced loading Effects on a Ship-to-Shore (STS) Crane and Investigation into Design Optimisation in conjunction with Liebherr Container Cranes”
3.	Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Richard Hale 2015	<p>James Fogarty, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>Céimí BEng in Innealtóireacht Mheicniúil</p> <p>Craobhchomórtais Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis, Westminster, Londain</p> <p>Duais Vicon 2015 don Tionscadal Fochéime Innealtóireachta Leighis Is Fearr</p> <p>Céad Áit agus Buaiteoir Glan Amach</p>	“Dearadh agus Forbairt Chóras Teicneolaíochta Oiriúnaitheachta Ceoil le haghaidh daoine a bhfuil Pairilís Cheirbeach ag cur as dóibh i gcomhar le SoundOUT”

Bronnadh Gradaim IMechE ag Tom Owens Uas, Bainisteoir Forbartha Gnó Idirnáisiúnta, Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla:

1.	Brian Hand BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil - Gradam Tionscadail IMechE	Taighdeoir PhD CIT, Sealbhóir Scolaíreacht RÍSAM CIT
2.	Maria Reidy , BEng (Onór) in Innealtóireacht Bhithleighis - Teastas na hInstitiúide don Tionscadal Is Fearr	Innealtóir Bithleighis, Clár Céimí Abbott
3.	Timothy O’Leary , BEng (Onór) in Innealtóireacht Bhithleighis -	Innealtóir Déantúsaíochta, Clár Céimí Apple Computer

	Teastas na hInstitiúide don Mhac Léinn Is Fearr	
4.	Michael Breen , BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil - Gradam Frederick Barnes Waldron don Mhac Léinn Is Fearr	Taighdeoir PhD CIT, Sealbhóir Comhalta Walsh

Bronnadh Gradam Nimbus ag an Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS:

1.	Adam O'Donovan BEng (Onór) in Innealtóireacht Fuinnimh Inbhuanaithe	An Céimí Innealtóireachta Fuinnimh Inbhuanaithe Is Fearr
----	---	--

40. Bhronn an tUachtarán Scoláireachtaí RÍSAM CIT 2015 ag searmanas ar 5 Bealtaine 2015 i Seomra na Comhairle. D'fhorbair an Scoil Staidéar Céimí tionscnamh RÍSAM le cur le tiomantas CIT d'oidreachas PhD agus chun tacú le taighde. Is cuid iad na scoláireachtaí RÍSAM d'infheistíocht straitéiseach CIT i dtodhchaí na tíre seo, de bhrí go mbraitheann a todhchaí ar na céimithe taighde is fearr a bheith againn a mheallfaidh agus a chothóidh cuideachtaí ardeicneolaíocht a bheidh nua agus atá ann cheana féin, chomh maith le cuideachtaí ealaíon cruthaitheach agus dearaidh atá anseo in Éirinn. Is ionann na scoláireachtaí agus infheistíocht de leath mhilliún euro thar thrí bliana agus déanfar na tionscadail rathúla taighde in CIT chomh maith le comhoibriú seachtracha ar a n-áirítear Teagasc, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ollscoil Teicneolaíochta Darmstadt (sa Ghearmáin), agus an Lárionad Biteicneolaíochta in Madrid na Spáinne.

Bronnadh Scoláireachtaí PhD orthu seo a leanas:

Lán-Scoláireacht		
Uimh.	Faightheoir	Roinn
1.	Brian Hand	Innealtóireacht Mheicniúil Bhithleigheis, & Déantúsaíochta
2.	Marta Sanz Gaitero	Eolaíochtaí Bitheacha
3.	Brian Hogan	Eolaíochtaí Fisiceacha
4.	Ciara Lavelle O'Brien	Bainistíocht & Fiontar
5.	Robert Ahern	Ríomhaireacht
6.	Adam O'Donovan	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair
7.	Aisling Sheehan	Eolaíochtaí Fisiceacha
8.	Leanne Kearney	Eolaíochtaí Bitheacha
9.	Evan Finnegan	Innealtóireacht Mheicniúil Bhithleigheis, & Déantúsaíochta
10.	Dylan Brady	Innealtóireacht Leictreach & Leictreonach

41. Bronnadh Gradam "Southside & District Sports" ar bhall an Chlub Tréantógála, **Laura O'Riordan**, mac léinn 3ú Bliain sa BA in Oideachas Luathóige, arna urrú ag Óstán Idirnáisiúnta Chorcaí agus Gerald McCarthy Gifts Awards ar 26 Bealtaine 2015. Beidh Laura san iomaíocht i gCraobhchomórtais Tógála Aonair an Domhain sa RA ó 12 go 14 Meitheamh. Roghnaíodh í mar ionadaí na hÉireann ag na Ceithre Náisiún i nGlaschú i Lúnasa. Is sealbhóir curiarrachtaí gróigthe agus marbhardaithe an Domhain, na hEorpa agus Náisiúnta í.
42. Bhí **Kevin O'Sullivan**, céimí de chuid CEDC CIT, ar dhuine de thriúr ainmnithe a d'iontráil CCDE CIT sa 7ú Sraithchomórtais Eorpach na hInstitiúidí Ealaíon (ELIA) Féile ELIA NEU/NOW ar imeacht bliantúil ar líne é. Tá an Féile oscailte do mhic léinn sa bhliain dheiridh da gcuid staidéir agus do chéimithe nua (laistigh d'aon bhliain tar éis a gcéim a bhaint amach) d'Institiúidí Ardoideachais Ealaíon ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin a roghnaítear as na catagóirí Dearadh/Ailtriacht, Scannán/Beochan, Ceol/Fuaim, Amharclannaíocht/Drámaíocht agus Amharcealaín. Roghnaíodh thart ar 150 tionscadal as na céadta iarratas chun an t-imeacht bliantúil ar líne seo a dhéanamh. Déirigh le dhá thionscadal as CCDE CIT i mbliana, ach thuill Kevin breis onóra nuair a measadh a thionscadal a bheith ar cheann den 35-40 tionscadal ba nuálaí agus cuirfeair i láthair é ag ELIA NEU/NOW LIVE ó 9-13 Meán Fómhair in Amsterdam ag an mball teicníc sin Westergasfabriek. Ba é an tionscadal seo a mewasadh a chuaigh i ngleic le cleachtas ceannródaíoch sa réimse

idirnáisiúnta sa chatagóir seo, an t-aon tionscadal a roghnaíodh as an imeacht beo as Coláiste Éireannach ar bith i gcatagóir na hAamhharcealaíne.

43. Bhí **Brian Hand**, céimí de chuid CIT, ar dhuine as aon iomaitheoir craobhe déag as iontráil an-mhór ón oileán ar fad i nGradaim EI/Invest Northern Ireland Student Entrepreneur 2015 a bhí ar siúl ag Ollscoil Uladh, Baile Shiurdáin, Béal Feirste ó 120-11 Meitheamh 2015. Is comórtas clúiteach é seo. Ba é teideal a thionscadail ná “Equaliser – Design and Development of an Extreme Weather Condition Novel Tie Down System for Ship to Shore Cranes”. Bronnadh Teastas Tuilleamais Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn EI/Invest Northern Ireland ar Bhrian. Bhain Brian a chéim amach i nDeireadh Fómhair 2014 le Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil Leibhéal 8 agus Céim le Céad Onóracha. Bronnadh Scoláireacht PhD RÍSAM CIT air agus tá tús curtha aige lena thaighde faoi mhaoirseacht an Dr Andrew Cashman.
44. Ón 12 go 14 Meitheamh 2015, bhí Éire san iomaíocht i gcomórtas Tréantógála an Domhain, ceann de na comórtais is mó ar domhan go dtí seo le breis is 600 ardú. Bhí seisear mac léinn de chuid CIT ar Fhoireann na hÉireann.

Uimh.	Ainm	Gradam
1.	Laura O’Riordan , Oideachas Luathóige Bliain 3	Gróigeadh 1ú, Ardú ó Bhinse 1ú, agus Marbhardú 2ú
2.	Danni O’Shea , Biteicneolaíocht Chógaisíochta Bliain 4	Gróigeadh 1ú agus Marbhardú 3ú
3.	Kelvin Moynihan , Innealtóireacht Leictreonach Bliain 3	Gróigeadh Trealmhaithe 1ú agus Marbhardú 1ú
4.	Garreth Lawrence , Bitheolaíochtaí Feidhmeacha, Bliain 3	Marbhardú 1ú
5.	Ross O’Connor , Innealtóireacht Mheicniúil Bliain 1	Marbhardú 2ú
6.	Richard Nolan , Innealtóireacht Leictreach & Leictreonach Bliain 3	Gróigeadh 2ú

Tar éis 3 lá dianiomaíochta, bronnadh sé thrófaí 1ú háit, trí thrófaí 2ú háit agus trófaí amháin 3ú háit ar CIT.

Ghnóthaigh na céimithe **Eoin O’Leary** Gróigeadh, Ardú ó Bhinse agus Marbhardú an Domhain, **fuair Eoghan O’Carroll** an 2ú háit sa Marbhardú, agus chuidigh iarchathaoirleach chlub CIT **Kevin Barry** chun an 5ú háit a bhaint amach d’Éirinn sa Marbhardú. Is réiteoirí idirnáisiúnta anois iad na céimithe **Kevin Barry agus Diane Galvin** agus bhí siad ag feidhmiú ag an gComórtas Domhanda.

45. Cuireadh dhá thionscadal ó CIT as iontráil mhór náisiúnta ar an ngearrliosta (mic léinn Leibhéal 7, Leibhéal 8 agus Leibhéal 9) le haghaidh Chraobhchomórtais Náisiúnta Innealtóra Mic Léinn Innealtóirí Éireann a bhí urraithe ag Siemens.

Fuair na mic léinn de chuid CIT, **Emma O’Leary, Kelly Lane, Nicolle Dunphy** agus **Damien Dennehy** an moladh is airde, rud a bhí tuillte go maith acu, ó phainéal oirirc meastóireachta agus bronnadh orthu Gradaim Chraobhiomaitheora Náisiúnta Innealtóra Mic Léinn de chuid Innealtóirí Éireann a bhí ar siúl ar 12 Meitheamh 2015 ag Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann i mBaile Átha Cliath.

Bhain an tionscadal buaic-chúrsa **Damien Dennehy**, mac léinn na Bliana Deiridh Leibhéal 8 in Innealtóireacht Mheicniúil, le “Dearadh agus Forbairt Bacainn Tuile Uathoibríoch”.

Bhain tionscadal na Foirne Mic Léinn na Bliana Deiridh Leibhéal 7 in Innealtóireacht Bhithleigheis, Emma O’Leary, Kelly Lane agus Nicolle Dunphy le “Dearadh agus Forbairt Feiste Crúite Muice” a rinneadh faoi mhaoirseacht an Dr Hugh O’Donnell.

Chuir Damien tús lena chuid oibre ar 15 Meitheamh tar éis dó socrúchán a raibh an-tóir air a fháil i gCorcaigh leis an nGrúpa PM, gnólacht innealtóireachta, bainistíocht tionscadail agus ailtireachta dhomhanda den scoth.

Roghnaíodh tionscadal Emma, Kelly agus Nicolle le bheith páirteach sa Chlár Ardghradamach “Student INC”, a chuireann síolmhaoiniú, spás oifige lánseirbhísithe ar fáil i Lárionad Rubicon agus meantóireacht leanúnach le linn míonna an tsamhraidh seo chugainn.

46. Ar 12 Meitheamh 2015, fógraíodh **Raymond Walsh**, 1ú Bliain Bainistíochta Áineasa & Fóillíochta, mar fhaighteoir Aibreáin “Gradam Spóirt Chathair & Chontae Chorcaí”. In Aibreán fuair Ray gradam mar “Mhac Léinn na Chéad Bhliana” ag Gradaim Bhliantúla Spóirt CIT agus fuair sé Scoláireacht Spóirt CIT freisin.
47. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl i gCNMÉ ar 18 Meitheamh 2015. Rinneadh an bronnadh ar 55 réamhchémí as CNMÉ agus beirt réamhchémí Máistir Ealaíon as CEDC CIT. Fuair 10 mac léinn as an gcéad cohórt as an gclár BEng i Leictreitheicneolaíocht. Tá seisear díobh fostaithe ag an National Gas Shipping Company (NGSCO) Abu Dhabi, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, agus is mic léinn Éireannacha iad an ceathrar eile atá fostaithe ag cuideachtaí idirnáisiúnta loingseoireachta, Stena Lines, BP Shipping agus Process Cruises. Tugadh an clár seo isteach ceithre bliana ó shin chun freastal ar riachtanais chuideachtaí loingseoireachta le haghaidh Oifigigh Leictreitheicniúla tar éis athruithe a tugadh isteach ag Caighdeáin Oiliúna, Deimhniú agus Faire (STCW) Leasuithe Manila arb é an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar chaighdeáin oiliúna oifigigh loinge é.
48. Bronnadh Gradam clúiteach Ealaíne Taylor RDS do 2015 mar aon le duais de €10,000 ar **Rachel Doolin**, BA (Onór) i Mínealaín ag CEDC CIT le linn na seachtaine den 27 Iúil 2015. Bhí Gradaim Ealaíne RDS 2015 ar oscailt do mhic léinn a bhí ag dul ar aghaidh ó chúrsaí céime nó iarchéime i mbliain na hiontrála a bhí cláraithe i gColáistí Ealaíon in Éirinn agus ar oscailt freisin do mhic léinn céime as Éirinn a bhí i mbun staidéir thar lear.
49. Ag Comhdháil Bhliantúil Strength & Conditioning Association sa RA (UKSCA) a tionóladh ó 1 – 2 Lúnasa 2015, bronnadh 2ú háit ar **Jason McGahan**, mac léinn PhD ón RoinnSpóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige, as Póstaer Eolaíochta leis i roinn na gCás-staidéir” de na Chollóiciaim Taighde. (Fuair fostaí as Institiúid Spóirt i Sasana an bua ar éigean air).
- Tá an chomhdháil seo ar cheann de na cinn is mó dá leithéid i réimse na hEolaíochta Spóirt Feidhmeach ar domhan le cainteoirí idirnáisiúnta agus toscairí as eagraíochtaí amhail an Sraithchomórtas Náisiúnta Peile (NFL), Cumann Náisiúnta Cispheile (NBA), Príomhroinn Sacair, Rugbaí na Nua-Shéalainne, 7 rl, rud a léiríonn an mórghníomh a bhain Jason agus a chuid maoirseoirí, an Dr Cian O’Neill agus an Dr Con Burns, amach.
50. Sheol Cúntóirí Taighde ón Roinn Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (**Darragh Coakley agus Róisín Garvey**) cluiche oideachasúil ar shiopaí Apple App agus Google Play araon. Cuidíonn an cluiche, atá fós i staid forbartha beta, le himreoirí foghlaim faoi fhuinneamh inbhuanaithe trína chur orthu a “hipster hotel” féin a thógáil agus a bhainistiú. Is príomhthoradh é an cluiche ar thionscadal taighde arna mhaoiniú ag an AE dar teideal “Green Games2” atá á chomhordú ag CIT. Feidhmíonn CTC na hInstitiúide mar shaineolaithe ar ábhar inbhuanaithe d’fhorbairt an chluiche.
51. D’éirigh go maith le Foireann Éireann ag an gComórtas Scileanna Domhanda a bhí ar siúl ó 11 – 15 Lúnasa 2015 i Sao Paulo na Brasaíle. Fuair triúr mac léinn as CIT a ghlac páirt agus a chuir Pas 6 i gcrích in CIT sna ceirdeanna seo a leanas meadáilí don tsármhaitheas.

- | | |
|-------------------------------------|-----------------------|
| 1. Obair Tógála Miotail | Dean McSweeney |
| 2. Plástráil & Córais Bhalla Thirim | John Murray |
| 3. Pluiméireacht & Téamh | Jonathan Flynn |

3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Gearáin na Mac Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2013.



Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

4. Rannpháirtíocht, Taighde, Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus Alumni

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Rannpháirtíocht
- 4.2 Taighde
- 4.3 Foilseacháin Taighde
- 4.4 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE
- 4.5 Alumni

4.1 Rannpháirtíocht

4.1.1 Straitéis Rannpháirtíochta

Cuireadh tús leis an obair ar an Straitéis Rannpháirtíochta a fhorbairt do CIT. Bhí an chéad cheardlann a raibh thart ar 40 ball foirne páirteach inti as gach cuid den Institiúid ar siúl ar 16 Márta 2015. Rinneadh scrúdú ar chúig mhórhéama ar a n-áirítear:

- Cur Chuige agus Polasaí don Institiúid go léir
- Tacaíocht don Rannpháirtíocht
- Tacaíocht don Fhiontraíocht
- Tomhas Tionchair
- Ról Ceannaireachta

Táthar ag súil an próiseas curtha a bheith i gcrích faoi shamhradh 2016.

4.1.2 Campas Leathnaithe CIT

Mar an príomh-lárphointe teagmhála le haghaidh rannpháirtíochta fiontair, lean Campas Leathnaithe CIT de bheith ag cur lena bonn teagmhála agus ag spreagadh fiosrúchán agus treoracha le haghaidh raon leathan idirghníomhaíochtaí rannpháirtíochta le CIT. Chuimsigh na hidirghníomhaíochtaí agus na fiosrúcháin sin iarratais le haghaidh socrúchán, earcaíochta, riachtanais scileanna agus oiliúna, dearbháin nuálaíochta, agus teacht ar threalamh agus saineolas.

Nuachtlitr agus Cás-staidéir

Leanadh de nuachtlitr an Champais Leathnaithe a fhoilsiú gach dara mí chuig breis is 1,200 teagmháil agus idirghníomhaíochtaí ar leith á n-aibhsiú idir CIT agus grúpaí fiontair nó pobail. Forbraíodh níos mó cás-staidéar domhain maidir le hidirghníomhaíochtaí sonracha agus, le hais iad sin a bheith ar fáil trí leathanach gréasáin Champas Leathnaithe CIT, rinneadh iad a uaslódáil do stór an Líonra Náisiúnta um Rannpháirtíocht Fiontair (Arrow@DIT) mar eiseamláirí dea-chleachtais sa rannpháirtíocht de réir mar ba iomchuí.

Glacadh le cás-staidéar a léiríonn Campas Leathnaithe CIT mar cheann de 20 eiseamláir idirnáisiúnta le bheith curtha i láthair ag Daithí Fallon agus an Dr Irene Sheridan ag Imeacht Idirnáisiúnta Dea-chleachtais an Líonra Nuálaíochta Ollscoile-Tionscail (UIIN) REAP in Madrid ar 29 Meán Fómhair – 1 Deireadh Fómhair.

Teastas Iarchéime i gCleachtas Gairmiúil

Cuireadh tús leis an gclár píolótach – a thacaíonn le foghlaim iarchéime ag Leibhéal 9 laistigh den láthair oibre – le hiontógáil thosaigh de 4 mac léinn a bhí bunaithe in Boston Scientific agus MSD. Ba chuid de thionscnamh ÚAO agus Cumann Tráchtála Mheiriceá é an clár seo agus thug foireann an Champais Leathnaithe tacaíocht d'fhorbairt agus cur i ngníomh an chlár, go háirithe Daithí Fallon agus Deirdre Goggin ar feadh an ama. Bhí an clár dírithe ar fheabhsúcháin próisis in earnáil na Déantúsaíochta agus bhí sainmhodúl ann in Lean Six Sigma a bhí forbartha ag CAMMS.

Springboard

Go luath in 2014, thacaigh Campas Leathnaithe CIT le haighneacht de 36 togra cúrsa ar leith faoi thionscnamh Springboard a bhí maoinithe ag CIT agus an tÚAO (an líon is mó go dtí seo), a thál maoiniú de €1.2 milliún i ndeiseanna don Institiúid. Ba iad an dá chúrsa déag a faomhadh ná:

- Ard-Ionstraimíocht & Uathoibríocht Thionsclaíoch
- Teastas in Uathoibríú & Rialú
- Teastas in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta
- Teastas in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bia
- Teastas in Lean Six Sigma, Green Belt
- Teastas in Lean Six Sigma, Black Belt
- Teastas in nDearadh Gléasra & Píobánra
- Dioplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta
- Ard-Dioplóma i Néalríomhaireacht (Scileanna ICT)
- Ard-Dioplóma i bhForbairt Néal-Bhogearraí agus Móibleach
- Ard-Dioplóma in Eolaíocht in Eolaíocht Sonraí & Anailíseacht (Scileanna ICT)
- Dioplóma Iarchéime in Innealtóireacht Shibhialta (Comhshaol agus Fuinneamh)

D'earcaigh CIT 184 de na 213 mac léinn a raibh spás ann dóibh don bhliain acadúil 2014/2015. Ar na hiarrachtaí earcaíochta a rinneadh i ndlúthchomhar leis an Aonad Margaíochta bhí:

- Imeacht Seó Bóthair Springboard an ÚAO
- Fógráin dhírthe le hoifigí na Roinne Cosanta Shóisialaigh
- Póstaeir, litreacha, fógráin d'oifigí áitiúla fostaíochta, leabharlanna 7 rl
- Fógraí ginearálta agus dírithe nuachtáin agus raidió
- Deasca fáilte ag imeachtaí oideachais daoine fásta agus leantaigh

Go luath in 2015, tar éis glao nua ar thograí Springboard, rinne foireann Champas Leathnaithe CIT comhordú ar aighneacht le haghaidh 34 clár as 9 roinn in CIT. Cuid mhaith de na cláir a cuireadh isteach d'éirigh leo in 2014. Ach rinneadh iarratais nua ina leith le haghaidh 2015 ar a n-áirítear:

- Teastas in Ard-Mheictronaic
- Ard-Diplóma i nDearadh & Forbairt Faisnéise

Rinneadh iarratais an babhta seo freisin i leith roinnt clár nár éirigh leo in 2014.

Bualadh le Coimisiún an AE

D'óstaigh CIT trí mheán a Champas Leathnaithe cruinniú den Ghrúpa Comhairleach um Chreat Cáilíochta na hEorpa (EQFAG) i gcomhar le Coimisiún an AE ar 19 agus 20 Samhain 2014. Sheas an 45 toscaire a bhí ag freastal do roinnt tíortha Eorpacha chomh maith le Cedefop agus QQI.

Chuir Deirdre Goggin tírdhreach na hÉireann i láthair ó thaobh cleachtóirí agus chuir an Dr Irene Sheridan idirghníomhaíochtaí ar leith i lathair le páirtneírí sa láthair oibre i gcomhair bhailíochtú foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Fuarthas aischothú maith ó QQI i dtaca le hóstú an imeachta ag CIT.

Caidreamh Bricféasta Foirne Sinsearaí

Cuireadh tús le sraith faisnéisithe mhíosúil théamaithe a bhí ceaptha le rannpháirtíocht leis na hearnálacha Poiblí, Príobháideach agus Neamh-bhrabúsacha a thaispeáint. Ba é Jimmy Collins as McAfee (Slándáil Intel) an chéad duine a rinne cur i láthair i Samhain 2014 agus a thug eolas faoina ndearcadh siúd ar an mbaint atá acu le forbairt agus seachadadh modúil i logánú i gcomhpháirtíocht le Roinn na Ríomhaireachta in CIT.

Aitheantas ar Réamhfhoghlaim (RPL)

Tionóladh cruinniú de líonra RPL na hEorpa in oifigí QQI i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2014 arna óstú ag Deirdre Goggin, Campas Leathnaithe CIT, ar son QQI. Tuairiscíonn an líonra don Ghrúpa Oibre Athleasaithe Struchtúrtha maidir le moltaí AE ar bhailíochtú foghlama Seachfhoirmiúla agus Neamhfhoirmiúla.

I Samhain 2014, d'óstaigh CIT Gníomhaíocht Phiara-fhoghlama (PLA) don Ghrúpa Comhairleach um Chreat Cáilíochta na hEorpa (Coimisiún an AE). Bhí an PLA, arna mholadh ag Deirdre Goggin ina cumas chun ionadaíocht na hÉireann a sheachadadh don Líonra RPL Eorpach, dírithe ar scríobh agus measúnú na dtorthaí foghlama le haghaidh foghlama Seachfhoirmiúla agus Neamhfhoirmiúla agus mealladh 40-50 toscaire ón Eoraip uile.

Reáchtáladh 36 ceardlann RPL faoi dhó sa ló ag 1pm agus 5pm ar feadh na chéad sé seachtaine den bhliain acadúil 2014/2015 ar a n-áirítear tairiscintí as na campais go léir. Cuireadh isteach 169 cás ar fad le haghaidh measúnaithe do chreidiúintí agus ullmhaíodh 54 cás iontrála forbartha.

Líon iomlán na gcás RPL Seimeastar 1 2014: **223**

Líon iomlán na measúnóirí – 78 le haghaidh creidiúintí agus 16 le haghaidh iontrála forbartha = **94** measúnóir

Luadh CIT ar ócáidí go leor i bhfardal na hEorpa ar Bhailíochtú Foghlama Seachfhoirmiúla agus Neamhfhoirmiúla. (Ireland County Report):

<http://cedefop.europa.eu/en/events-and-projects/projects/validation-non-formal-and-formal-learning/european-inventory>, go mór mór trí na torthaí luatha a seachadadh trí na tionscadail Oideachas i bhFostaíocht agus REAP, agus obair leanúnach Champas Leathnaithe CIT sa réimse seo.

An Fóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama (NFETL)

Bronnadh maoiniú taighde ar CIT ón NFETL chun athbhreithniú a dhéanamh ar RPL san Ardoideachas. Rinneadh an taighde le linn thréimhse sé mhí ag iarraidh pictiúir níos iomláine agus níos cruinne a chur ar fáil ar RPL go náisiúnta ná mar a bhí ar fáil go dtí sin. Bhain an taighde le hIOTOÉ, COÉ, Cumann na gColáistí Ardoideachais (HECA) agus coláistí eile i réimse an Ardoideachais. Bhíothas ag súil go gcuideodh torthaí an taighde le polasaí náisiúnta, comhtháiteacht agus comhsheasmhacht cleachtais agus forbairt RPL san am atá ag teacht. Cuireadh an tuairisc dheiridh faoi bhráid an Fóraim Náisiúnta d'Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama ar 15 Meitheamh 2015.

Bhí baint ag CIT freisin le tionscadal a bhí á threorú ag Trá Lí faoin NFETL “*Transitioning International Students into HE in Ireland*”, a raibh san áireamh ann rannpháirtíocht ar líne agus cianrannpháirtíocht le mic léinn idirnáisiúnta roimh theacht go hÉirinn dóibh.

Cur Chun Cinn agus Líonrú

Cuireadh críoch le forbairt leathanach gréasáin níos cairdiúla don fhiontar agus gearrthóg ghearr bheoite chun sainchúram agus obair Champas Leathnaithe CIT a mhíniú agus cuireadh ar fáil í via láithreán gréasáin CIT.

REAP (Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostóra-Acadúla)

Nascadh REAP (Líonra Náisiúnta don Rannpháirtíocht i bhFiontar) leis an bhFóram Náisiúnta d’Fheabhsúchán Teagasc agus Foghlama agus lean an Grúpa LinkedIn REAP de bheith ag fás agus ag mealladh lucht déanta polasaí agus cleachtóirí atá bainteach le rannpháirtíocht acadúil-fiontair.

4.1.3 Nuálaíocht, Gor agus Fiontraíocht

Aistriú Teicneolaíochta

Leanadh den Aistriú Teicneolaíochta a bhainistiú Tríd an Oifig Idirchaidrimh le Tionscal (ILO). Cuireadh tús le comhpháirtíocht UCC/CIT/Teagasc, agus UCC mar an príomh-chomhpháirtí – trí mhaoiniú a chuir Knowledge Transfer Ireland (KTI) – a chuir cúnamh bainistíochta cáis ar fáil ar an suíomh in CIT uair sa tseachtain.

I gcomhpháirtíocht le UCC agus Teagasc, ghlac CIT páirt in Athbhreithniú Idirnáisiúnta Piara ar an Tionscnamh Neartaithe um Aistriú Teicneolaíochta 2 (TTSI2), i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2014.

Mar cheann de na soláthróirí is mó go náisiúnta faoin gclár Dearbháin Nuálaíochta, thug Fiontar Éireann cuireadh do CIT comhairle a chur ar fáil maidir le hathruithe a bhí á moladh do Chur i bhFeidhm an chláir. Bhuail Fiontar Éireann le baill foirne CIT ón ILO agus ón Oifig Airgeadais.

Ghlac baill foirne as an ILO páirt sa chéad Fhóram Pobail um Aistriú Eolais de chuid Fhiontar Éireann i nDeireadh Fómhair. Bhí baill foirne Aistriú na Teicneolaíochta i láthair as na hinstiúidí teicneolaíochta agus na hollscoileanna go léir chomh maith le pobal na gCoiste Gairmoideachais. Bhí an fóram dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar scothchleachtas ar sheach-chuideachtaí rathúla a chruthú.

Bhí láithreacht leanúnach ag Fiontar Éireann i Lárionad Rubicon mar phríomhurrattheoir an chláir New Frontiers.

Aschuir Aistrithe Teicneolaíochta (Méadracht) 2014	
Ceadúnais, roghanna & Sannacháin	7
Seachghnólachtaí	1
Comhaontuithe taighde le cuideachtaí	59
Nochtaí aireagán	21
Paitinní cláraithe	3

Leis na haschuir seo a chur i gcomhthéacs, thug an Staidéar Eorpach um Aistriú Eolais 2010-2012 (Ich 94) le tuiscint go raibh €27.2 milliún mar mheán chaiteachas AE ar thaighde do na hollscoileanna chun gnólacht thosaithe amháin a tháirgeadh, €3.2m don IDF, €6.9m ar comhaontú ceadúnais, agus €6.3m ar iarratas ar phaitinn. Caitheann CIT thart ar €16m ar thaighde in aghaidh na bliana.

Oifig Thionscadail an AE

Phléigh Oifig Thionscadail an AE lena lán cuardach comhpháirtí gach mí, ag lorg deiseanna nua le go mbeadh baill foirne CIT gafa i dtionscadail a bhí maoinithe ag an AE. Taobh amuigh den réimse tábhachtach a bhaineann le maoiniú a aimsiú, measadh mar ghné thábhachtach agus buntáiste do CIT é catalóg leathan comhpháirtithe idirnáisiúnta a chur le chéile, de bhrí go léiríonn sé leibhéal na nascthachta atá ag an Institiúid anois ar fud na hEorpa. Ó bunaíodh an fheidhm go déanach in 2010, d’aimsigh CIT comhpháirtithe i mbreis is 80 réigiún Eorpach, áiteacha nach raibh naisc ar bith ag an Institiúid roimhe sin. Ní teagmhálacha aon uaire iad na comhpháirtithe seo ach acmhainn leanúnach ar cheart dóibh deiseanna nua tionscadail a chothú do CIT san am atá ag teacht. Ar an meán fuarthas 60 fiosrúchán in aghaidh na míosa. Cuireadh go mór le méid na bainteachta ar fud CIT freisin.

In 2014, díriodh aird ar leith ar Lárionad Hincks agus faomhadh dhá thionscadal shuntasacha le haghaidh Hincks (dar luach a bheag nó a mhór €200,000) agus an fhéidearthacht ann go bhfaighidh tionscadal amháin eile níos suntasaí faomhadh. Tháinig roinnt tionscadal Interreg AE eile chun críche i Nollaig 2014.

Faomhadh maoiniú do CIT ó Interreg V B don Togra “Bealach Fionnuar”. Cuimsíonn an tionscadal Lárionad Hincks agus meastar gur fiú €1.2m ar fad é. Déanfaidh an tionscadal iniúchadh ar gach gné den lóistíocht phraiticiúil agus

acmhainn ghnó a bhaineann le bealach cúrsála déthreoch luaimh feadh an achair san fharrage amuigh a shíneann ó Dheisceart na hÉireann go Tuaisceart Éireann, Iarthar na hAlban, agus ar aghaidh go dtí an Iorua.

Lárionad Rubicon

Chuir Lárionad Rubicon tús leis an dara clár New Frontiers dá gcuid i Meitheamh 2014 agus bhí dhá chuideachta déag d'ardchaighdeán rannpháirteach ann. Fuair an clár seo páirtmhaoiniú ó Fhiontar Éireann agus ba é an príomhchlár sa réigiún é i dtéarmaí Tosaithe Ard-Acmhainne (HPSU) a tháirgeadh. Lena chois sin, sheol an Lárionad a chlár nua EXXCEL i Meán Fómhair 2014. Clár póilótach a bhí annsin, clár páirtaimseartha fiontair do mhná a bhí ag obair in earnáil STEM agus/nó le smaoineamh gnó a raibh baint aige le STEM. Chuir Fiontar Éireann síolmhaoiniú ar fáil. Ba é sin an t-aon chlár Fiontraíochta do mhná a bhí maoinithe ag FÉ Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath (óstaíodh na cinn eile in DCU, UCD agus sa Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC).

Cuireadh tús leis an 9ú clár PINC le 12 rannpháirtí i Lárionad Rubicon. Is dian chlár é PINC le haghaidh fiontraíthe mná atá ag iarraidh a smaoineamh gnó a bhogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

Ar 20 Samhain 2014, ghnóthaigh cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Rubicon gach ceann de na trí Ghradam IT@Cork Leader mar a leanas:

An CBM Teicneolaíochta Is Fearr:

Treemetrics (Rannpháirtí roimhe sin in Genesis)

An Ceann le bheith ag faire air (Cuideachta Luath-Thosaigh):

Learnlode – Rannpháirtí New Frontiers

Cuideachta Thosaigh Ard-Acmhainne:

Technically WriteIT – PINC agus Rannpháirtí i gClár Genesis

Ghnóthaigh roinnt cuideachtaí eile a fuair tacaíocht ó Lárionad Rubicon gradaim freisin in 2014:

Dáta	Comórtas/ Gradam	Ainm na Cuideachta	Ainm an Tionscnóra	Éacht	Clár Rubicon
D. Fómh 2014	MEDTECH Éire Buaiteoirí Tosaithe Acadaimh	PMD	Myles Murray	1 as 4 chuideachta a roghnaíodh chun táirgí MEDTEC na hEorpa a chur i láthair	Duais don Nuálaíocht/New Frontiers
D. Fómh 2014	Sparánacht Cork Innovates	Aventamed	Olive O' Driscoll/John Vaughan	Ar ghearrliosta as 49 do 7 sa bhabhlta ceannais (gradaim 20/10/14) & fuair an Duais Nuálaíochta	Seach-chuideachta CIT
D. Fómh 2014	Fómh Sparánacht Cork Innovates	Bia Beauty	Tracey Ryan	Ar ghearrliosta as 49 do 7 sa bhabhlta ceannais (gradaim 20/10/14)	Mac léinn Inc & PINC
D. Fómh 2014	Fómh Sparánacht Cork Innovates	TIC	Paul Brugger	Ar ghearrliosta as 49 do 7 sa bhabhlta ceannais (gradaim 20/10/14)	New Frontiers
D. Fómh 2014	Fómh Sparánacht Cork Innovates	Inspect4hoof trimming	Maeve O' Keeffe	Ar ghearrliosta as 49 do 7 sa bhabhlta ceannais (gradaim 20/10/14)	New Frontiers
D. Fómh 2014	Gradaim Bhanc na hÉireann do Thosaithe	New Frontiers	Peter Finnegan	Ar ghearrliosta i gcatagóir "Start-Up Hero"	New Frontiers
D. Fómh 2014	Gradaim Bhanc na hÉireann do Thosaithe	Lárionad Rubicon	Paul Healy	Rubicon ar ghearrliosta sa chatagóir Start-Up Supporter	Rubicon
D. Fómh 2014	Gradaim IATA Global Research Innovation San Francisco	TIC	Paul Brugger	2ú ar Domhan i gcomórtas Global Innovation Passenger	New Frontiers

D. Fómh 2014	Scoláireacht Cork Innovates	IDME	Dee O'Leary	Cork Innovates - New Frontiers Scoláireacht Fiontraíochta Mhná i SAM	PINC, New Frontiers
--------------	-----------------------------	------	-------------	---	---------------------

Ainmníodh Aventa Med, seach-chuideachta as an lárionad taighde MEDIC CIT, mar an chuideachta is fearr a bhí ag teacht chun cinn i mBabhta Ceannais Réigiúnach InterTrade Ireland (na Mumhan). Ghnóthaigh an chuideachta duais de €20,000 agus chuaigh ar aghaidh chun an duais uile-Éireann de €80,000 a ghnóthachtáil.

I bhFeabhra, chuir Lárionad Rubicon tús leis an dara Clár New Frontiers Céim 1 den bhliain acadúil agus an t-iomlán bainte amach anois de 32 fiontraí ag forbairt a ngnólachtaí agus a smaointe tríd an gChlar New Frontiers go dtí seo i mbliana.

Go luath i mí an Mhárta, chuir an Clár Exxcel d'fhiontraíthe mná STEM críoch le 9 dtionscadal i mbun feidhmíochta, a bhfuair 3 maoiniú ó FÉ agus an ILO cheana féin. Ba iontach an gaisce é sin ag cur san áireamh gur clár páirtaimseartha a bhí ann agus go raibh na rannpháirtithe go léir i bhfostaíocht nó go raibh ceangaltais eile acu.

I ndiaidh rath an chéad Chlár Exxcel, fuair Lárionad Rubicon páirtmhaoiniú ó FÉ chun dhá chlár eile Exxcel a réachtáil. Tá Exxcel ceaptha do mhná san earnáil STEM a bhfuil smaoinreamh gnó acu le hacmhainn ard fáis agus easpórtála.

Fuair trí chuideachta breis is €5m de mhaoiniú Horizon 2020 i Lárionad Rubicon (Radisens Diagnostics, MPStor, agus Composite Recycling). Is é MPStor an príomh-chomhpháirtí i dtionscadal cuibhreanais a chuimsíonn IBM. Tá beartaithe ag Radisens bogadh go dtí Baile an Chollaigh agus 50 post breise á gcruthú mar thoradh ar a rath in Horizon 2020.

Student Inc

Le linn samhradh 2014, d'fhorbair seisear mhac leinn fochéime CIT a ngnólachtaí i Lárionad Rubicon. Fuair na mic léinn raon leathan tacaíochtaí, ar a n-áirítear oiliúint, meantóireacht, spás oifige, agus síolmhaoiniú. I mbliana, fuair na mic leinn cúig chreidiúint acadúla (ag Leibhéal 8 ar an NFQ) don obair a chuir siad i gcrích le linn an ama seo. Bhí an deis ar fáil do gach mac léinn de chuid CIT, fuarthas 27 iarratas agus roghnaíodh sé cinn diobh. Ba é seo an 4ú bliain den tionscnamh.

Tugtar thíos achoimre den cohórt mac léinn a chuir Inc Mic Léinn i gcrích le déanaí:

Ainm na Mic Leinn	Cúrsa	Gnó
Aidan O'Sullivan	Riarachán Gnó Bliain 4	Tairseach Ar Líne d'Fhoirne Spóirt/Daoine Aonair SportsSigma
Richard Burke	Innealtóireacht Córas Leictreonach Bliain 4	Aip Néaltraithe
Aaron McCarthy	Córais Faisnéise Gnó Bliain 4	Líonra príobháideach go hiomlán www.idderleen.com
Kevin O'Donnell	Ealaíona Cócaireachta Bliain 3	Táirge Bia Chia CHIA GO!
Danny O'Donovan	Gnó Bliain 4	Uirlis Bhainistíochta Faisnéise chun jab a aistriú go héasca ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile i gcomhthéacs Aontas na Mac Léinn SUPP
Neville O'Donoghue	Gnó Bliain 4	Láithreán Spóirt agus Siamsaíochta Ar Líne Benchwarmers.ie.

Go luath i Meitheamh 2015, bhog seacht dtionscadal a bhí á dtreorú ag fiontraíthe mic léinn isteach i Lárionad Rubicon, don seisiún samhraidh 2015 de Student Inc. Fuair gach tionscadal €4,000 mar shíolmhaoiniú. Déanann Scoileanna agus Ranna éagsúla CIT, Lárionad Rubicon, LEO Chathair Chorcaí, agus LandMark Media Ltd urraíocht fhlaithiúil ar an síolmhaoiniú. Cuireann an Clár na Chomhairle Gnólachtaí Beaga, Ervia, an mheantóireacht ar fáil.

Roghnaíodh na seacht dtionscadal as 30 iarratas ón Institiúid uile. Sna 4 thréimhse samhraidh roimhe sin a raibh Student Inc á reáchtáil baineadh amach na méadrachtaí seo a leanas:

- Rinneadh 98 iarratas ar rannpháirtíocht i Student Inc;
- Glacadh le 19 dtionscadal mic léinn ar Student Inc;
- Den 19 dtionscadal sin, bhí 8 fós ag feidhmiú mar a bhí Lúnasa 2015, agus 26 duine fostaithe;
- Bhí an meánchostas in aghaidh an jab a cruthaíodh an-fhabhrach i gcomórtas leis an gcostas in aghaidh jab a bhí cruthaithe ag an Údarás Forbartha Tionsclaíoch (IDA) nó cruthaithe ag FÉ agus na LEOanna.

Bhí mar chuspóirí ag an gclár Student Inc:

- Coincheapa fiontraíochta a aibhsiú do dhaoine óga;
- Ráta fiontraíochta na hóige sa réigiún a mhéadú;
- Na nascálacha idir pobal na mac léinn agus an ghorlann ar-champas a neartú;
- Fostaíocht inbhuanaithe a chruthú sa réigiún.

Meastar Student Inc anois mar ghné thábhachtach den ÉiceaChóras Fiontraíochta in CIT agus tá comhráití ar siúl le UCC agus IT Thrá Lí chun Student Inc a mhacasamhlú in IíAO eile sa réigiún.

Seachtain na Nuálaíochta 2015

Reáchtáladh Seachtain na Nuálaíochta 9 – 13 Márta 2015 le sraith imeachtaí ar gach ceann de na cúig champas de chuid CIT, ar a n-áirítear RCD CIT.

Imeacht Cork Innovates – in Business in Cork

Reáchtáladh an imeacht bliantúil a thaispeánann na tacaíochtaí do chuideachtaí tosaithe sa réigiún in Halla na Cathrach ar 14 Samhain. Chomh maith le seastán CIT ar an bhFiontraíocht agus an Nuálaíocht, bhí painéal cainteoirí mar chuid den imeacht agus iad ag aibhsiú éiceachóras CIT de thacaíochtaí le haghaidh chuideachtaí tosaithe sa réigiún. Thug na trí chuideachta ar an bpainéal cur síos ar conas a cuidigh CIT leo ag céimeanna difriúla dá gcuid forbartha agus tá na trí chuideachta á dtreorú ag céimithe de chuid CIT:

- Dee O’Leary, de chuid IDME agus buaiteoir sparánacht Cork Innovates 2013;
- Alex Musgrave de chuid Dog Day Media;
- Tracey Ryan de chuid Bia Beauty, a ghnóthaigh sparánacht Cork Innovates 2013.

Chláraigh breis is 800 duine don imeacht seo.

Technology Gateways

D’óstaigh Fiontar Éireann cruinniú de bhainisteoirí Technology Gateways i mBaile Átha Cliath ar 12 Márta 2015 chun feidhmíocht na bliana 2014 a athbhreithniú. Rinne bainisteoirí an dá Technology Gateways, Richard Linger (NIMBUS – TEC Gateway) agus Liam Lewis (CAPP) ionadaíocht do CIT.

Sainaitníodh TEC (NIMBUS CIT)/SEAM (WIT)/CREST (DIT) mar phríomh-lárionaid feidhmíochta. Ba bhliain an-rathúil í 2014 agus tásca láidre le feiceáil go rachfaí thar na spriocanna in 2015. Cuimsíonn na spriocanna sin roinnt conarthaí agus maoiniú ón tionsclaíocht. Is é an tionchar glan náisiúnta go dtí seo ón scéim seo, dá seasann €1, ná €215m (NPV €166m). Is fáltas de €5.85 é sin ar beagnach gach €1 a infheistíodh sa Chlár.

4.2 Taighde

Achoimre ar Mhéadracht Taighde do 2014/2015

Méadracht	Líon
Tionscadail Taighde Mhaoinithe (náisiúnta)	28
Tionscadail Taighde Mhaoinithe (AE/Idir)	8
Foilseacháin Irise (piara-léirmheasta)	85
Foilseacháin Irise (eile)	23
Foilseacháin Chomhdhála (piara-léirmheasta)	72
Foilseacháin Chomhdhála (eile)	47
Láithreoireachtaí (gan cuireadh)	5
Seimineáir, colloquia óstaithe	10
Cuairteanna Taighde Idirnáisiúnta	32
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	47
Cathaoirleachtaí comhdhála/óstaithe	8
Láithreoireachtaí (le cuireadh)	26
Imeachtaí for-rochtana pobalbhainte	40
Tionscadail taighde faighte le bainteach mhór thionsclaíoch	37

Comhoibriú Taighde le IT Thrá Lí

Tharla comhchruinniú bainisteoirí taighdeoirí ó CIT agus IT Thrá Lí ar a n-áirítear ionadaithe ó na haonáin taighde go léir sa dá institiúid i Seomra an Bhoird CREATE ar 3 Meán Fómhair 2014. Ba é an líon a d'fhreastail ná 26. Ba é cuspóir an chruinnithe, an chéad cheann dá leithéid idir an dá institiúid, ná na pobail taighde faoi seach a chur in iúl dá chéile agus sineirgí agus réimsí le haghaidh comhoibriú sa todhchaí a shainithint. Thug struchtúr an chruinnithe deis d'am cur i láthair agus líonraithe a bheith ann. Comhaontaíodh roinnt míreanna gníomhaíochta mar ullmhú le haghaidh an dara cruinniú a bhí le bheith ar siúl in IT Thrá Lí in am trátha.

Scoláireacht RÍSAM

Fuarthas 109 iarratas ar fad don scéim scoláireachta RÍSAM le haghaidh iontrála i Meán Fómhair 2014, méadú de bhreis is daichead ar scéim 2013. Labhair na meastóirí as UCC, IT Shligigh, agus IT Dhún Dealgan faoi chaighdeán an-ard na n-iarratas.

Córas Bainistíochta Taighde

Tugann CIT tosaíocht d’fhorbairt diminsean domhain agus réimsiúil idirnáisiúnta ar a cuid croí-ghníomhaíochtaí uile, ag gach leibhéal den staidéar, d’fhonn na céimithe a ullmhú leis na scileanna, muinín agus feasacht chultúrtha is gá chun oibriú go héifeachtach i gcomhshaol idirnáisiúnta. Is bunriachtanas don fhorbairt sin é soghluaisteacht mhéadaithe foirne a éascú. De ghnáth is iad an lucht foirne inspreagtha a spreagann gníomhaíocht soghluaisteachta CIT. Rinne an tsoghluaisteacht foirne, i gcomhthéacs cuairteanna léachtóireachta, líonraithe, cuairteanna ullmhúcháin, nó rannpháirtíochtaí sna hiar-dhianchlár táthú ar chomhpháirtíochtaí a bhí ann cheana nó comhpháirtíochtaí nua d’ardchaighdeán.

Déantar tograí malartaithe teagaisc a mheas de réir a gcumais gníomhaíochtaí “breisluacha”, nuair a bhíonn maoiniú á chomhroinnt. Rinneadh na teagmhálacha a tharla trí rannpháirtíocht in dhá dhianchlár a bhí maoinithe ag Erasmus a fhorbairt tuilleadh trí mhalartuithe léachtóireachta ina dhiaidh sin. Go deimhin, glacann roinnt léachtóirí a bhí bainteach le Dianchlár Erasmus “Todhchaí Chruthaitheach Erasmus” páirt i Seachtain bhliantúil Nualáíochta CIT. Chuir triúr de na léachtóirí amach as Roinn na Meán Cumarsáide a gcúrsa teagaisc foirne i bhfiontraíocht chruthaitheach, a bhí deartha don iar-dhianchlár seo, i láthair ag Ollscoil Southampton Solent níos luaithe i mbliana. Tá an t-iar-dhianchlár á mhaoiniú agus á reáchtáil anois ag CIT le léachtóirí ar cuireadh ó iar-chomhpháirtithe eile sa Dianchlár seo.

4.5 Alumni

Suirbhé ar na Chéad Cheanna Scribe 2013

I Márta 2014 rinne Oifig na gCéimithe agus Oifig an tSeirbhís Gairmeacha agus Comhairleoireachta de chuid CIT Suirbhé ar Chéad Cheanna Scribe céimithe na bliana 2013 de chuid CIT. Bailíonn an suirbhé sonraí ó chéimithe úrnua chun a fháil amach an líon atá fostaithe, an líon atá ag lorg fostaíochta agus iad siúd atá rannpháirteach i mbreis staidéir nó oiliúna. Rachaidh an t-eolas chun leasa do mhic léinn, céimithe, bhainistíocht na hInstitiúide, d'fhostóirí, lucht déanta polasaí agus do gach duine ar spéis leo cúrsaí ardoideachais.

Bailíodh sonraí ó 54% de chéimithe na bliana 2013. Chuir na torthaí, a scaipeadh i mí na Nollag 2014, an t-eolas seo ar fáil:

- Tá 57% de na céimithe i bhfostaíocht íoctha (Buan nó Sealadach).
- Tá 29% de na céimithe i mbun breis oideachais nó oiliúna.
- Tá 3% de na céimithe ag cur intéirneacht nó taithí oibre neamh-íoctha i gcrích.
- Tá 8% de na céimithe ag lorg fostaíochta faoi láthair.
- Tá 3% de na céimithe gan bheith ar fáil le haghaidh fostaíochta/breis oiliúna, nó ag taisteal/ar obair dheonach.

Cuireadh tús go luath in 2015 ar an suirbhé ar chéimithe 2014.

Comhchlár Meantóireachta

Chuaigh Oifig na gCéimithe agus Seirbhís Ghairmeacha CIT i gcomhar don dara bliain chun Comhchlár Meantóireachta CIT a chomhordú agus a éascú. Chuir an Clár deis ar fáil do na mic léinn agus do mheantóirí bualadh le chéile agus spriocanna gairme agus líonra a phlé, le linn cabhair a thabhairt do na mic léinn feabhas a chur ar a gcuid scileanna gairme. Bhí 12 chéimí bainteach leis an glár.

Clár Ambasadóra Céimithe CIT

Sheol Oifig na gCéimithe Clár Ambasadóra Alumni CIT, a raibh mar aidhm aige caidreamh agus idirghníomhaíochtaí dearfacha a fhorbairt i measc na mac léinn, alumni lucht na dáimhe agus na foirne. Bhí cúigear Ambasadóirí Alumni CIT le linn na bliana acadúla 2014/2015 ó na ranna seo a leanas:

- Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleigheis agus Déantúsaíochta
- Foirgníocht
- Ailtireacht
- Bainistíocht agus Fiontar
- Turasóireacht agus Fáilteachas
- Bitheolaíochtaí

Cumarsáid

Scaipeadh an Alumni E-News mar seo a leanas:

- 12,292 alumni i Lúnasa 2014
- 12,352 alumni i nDeireadh Fómhair 2014
- 12,271 alumni i Nollaig 2014
- 13,636 Alumni in Aibreán 2015

Grúpa Comhairleach Alumni CIT

Cuireadh Grúpa Comhairleach Alumni CIT ar bun i nDeireadh Fómhair 2014 agus chuimsigh sé baill foirne as gach réimse den Institiúid. Ba é ról an Ghrúpa ná gníomhaíocht chaidrimh ag CIT a neartú, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Thug an Grúpa treoir freisin d'Oifig na gCéimithe agus spreag rannpháirtíocht níos mó ó na mic léinn agus alumni trí theagmháil phearsanta le mic léinn, céimithe agus foireann. Bhuaile an Grúpa le chéile ceithre huair le linn na bliana acadúla.

Gradaim Alumni

Ar 30 Aibreán 2015, ghnóthaigh Oifig Alumni CIT, dár seas Glynis Gardiner agus Lisa Moran, agus Seirbhís Ghairmeacha CIT, dár seas Annmarie Maher agus Treasa Morgan, Gradam Airgid Infhostaithe de chuid an Chumann um Sheirbhísí Gairmeacha Ardoideachais ag Searmanas Gradaim GradIreland do Chomhchlár Tionscnamh Meantóireachta CIT.

Gradfest CIT

D'óstaigh Oifig Alumni CIT Gradfest tionscnaimh CIT ar 22 Aibreán 2015. Séard a bhí in Gradfest ná sraith imeachtaí spraoi a bhí ceaptha chun gnóthachtáil mac léinn a bheadh ina gcéimithe go luath a cheiliúradh agus a shainaitint.

Bhí an t-imeacht ar oscailt do mhic léinn a bheadh ag baint céime amach d'fhonn iad a spreagadh chun breathnú chun cinn le bheith ina *alumus* de chuid CIT agus chun caidreamh ar feadh an tsaoil a chruthú leis an *alma mater*.

CIT ag Leathadh Amach

Bunaíodh Clár thar sáile "CIT ag Leathadh Amach" chun deis a thabhairt d'alumni CIT baint agus nasc a bheith acu lena gcomhchéimithe a bheadh ina gcónaí ina gceantar. Bhí an tionscadal imeacht-bhunaithe; áit ar tugadh cuireadh do alumni CIT freastal ar sheoladh Chraobh Nua CIT inar féidir leo a dtaithe i CIT a chomhroinnt le céimithe eile a bheadh ina gcónaí ina gceantar.

Bhí an Clár dírithe ar:

- Pobal alumni CIT thar sáile
- Mic Léinn Eorpacha a bhí páirteach i gCláir Erasmus in CIT
- Mic léinn idirnáisiúnta.

Reáchtáladh imeachtaí in 2015 i Londain, Boston agus Vancouver.



Lárionad CREATE, Campas Bhaile an Easpaig, CIT

5. Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí na Foirne

5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Líon na Foirne

Don bhliain acadúil 2014/2015, ba é líon fostaithe na hInstitiúide ná 1,461 arbh ionann é sin agus 999.05 Cóibhéisí Lánaimseartha (CLA). Ba í an Fhoireann Acadúil an chatagóir ba mhó a raibh 59% d'fhostaithe ann, 59% (CLA).

Baineadh na figiúirí go léir a thaispeántar sa roinn seo as Tuairisceáin Ráithiúla na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2014.

Baill a chuaigh ar scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as seirbhís le linn na bliana:


Pat Ahern, Léachtóir, Roinn na Matamaitice
 John Bogue, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 Joseph Buckley, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí
 Tadhg Coakley, Leabharlannaí Cúnta
 Alan Cutts, Léachtóir, CSC, CIT
 Derry Delaney, Leabharlannaí
 Gerry Doyle, Léachtóir Pro-Rata, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 Leo Goold, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha
 Gene Hannigan, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig an Airgeadais
 Denis Healy, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 Kathleen Kelly, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit
 Harvey Makin, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha
 Ann Ruth Murray, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach
 Donal Neally, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí
 Máire Ní Cheallacháin, Léachtóir, CSC, CIT
 Michael O'Gorman, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí
 Finola Quinlan, Leabharlannaí Cúnta
 Michael Rowe, Freastalaí d'Ord Níos Airde, CNMÉ
 Frederic Spengeman, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Cuntasaíochta & Córais Faisnéise
 Mary T. Wilson, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Turasoireachta & Fáilteachais

5.2 Líon na Foirne

Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon
Buan	812.14	877.00
Sealadach	<u>186.91</u>	<u>584.00</u>
IOMLÁN	999.05	1,461.00


Líon Iomlán na Foirne (Cóibhéisí Lánaimseartha)



Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	10.00	10.00
Acadúil	586.05	858.00
Riarachán & Leabharlann	158.74	170.00
Teicneoir	84.42	87.00
Tacaíocht	47.45	80.00
Seirbhísí Mic Léinn	31.38	152.00
Taighdeoirí	81.01	104.00
	999.05	1,461.00


Foireann de reir Catagóire (Cóibhéisí Lánaimseartha)



Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Cóibhéisí Lánaimseartha)

	11/12	12/13	13/14	14/15
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	10.00
Acadúil	580.80	571.19	578.87	586.05
Riarachán & Leabharlann	145.56	150.10	152.15	158.74
Teicneoir	84.75	84.62	81.62	84.42
Tacaíocht	53.89	50.85	46.96	47.45
Seirbhísí Mic Léinn	34.80	31.68	30.22	31.38
Taighdeoirí	52.49	64.64	73.75	81.01
	962.29	963.08	973.57	999.05

Treochtaí Foirne - Stair 4 Bliana (Cóibhéisí Lánaimseartha)



5.3 Éachtaí na Foirne

Rinneadh comhgháirdeas leo seo a leanas:

- Maurice Murphy, Léachtóir, Roinn Bainistíochta agus Fiontair agus an Dr Roy Sleator, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha a bhí ar na caoga trí Laoch Teagaisc as fiche seacht institiúid ardoideachais ar fud na hÉireann a fuair aitheantas ag searmanas speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 30 Meán Fómhair i gcuideachta phatrún an Fhórait Náisiúnta, an tOllamh Máire Mhic Ghiolla Íosa. Bhunaigh an Fóram Náisiúnta um Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas i gcomhpháirtíocht le hAontas Mhac Léinn na hÉireann agus comhlachtaí mic léinn eile na Gradaim Laochra Teagaisc d'fhonn dearcaí na mac léinn ar an teagasc a chur faoi chaibidil agus a cheiliúradh ar fud na n-institiúidí ardoideachais go léir.
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha agus an Dr Aisling O'Driscoll, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta ar roghnaíodh alt leo ag an Annual International Interpreters Association (IMIA) Yearbook of Medical Informatics. Tá a n-alt luaite sa Bhliainiris mar cheann de na haltanna is fearr san fhoréimse "Olltíomsú Sonraí" Straitéisí Cliste Sláinte faisnéisíochtaí leighis a foilsíodh le linn na bliana seo caite.
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha ar an tionscadal a bhfuil sí ina comhpháirtí ar éirigh leis maoiniú a fháil ón nglao FIRM is déanaí. Fuair an tionscadal "Investigation of respiratory disease on Irish pig farms, associated risk factors, and the relationship with performance, welfare and antimicrobial use" maoiniú de thart ar €807,000. Fuair CIT níos mó ná €151,000. Is iad na comhpháirtithe eile UCD, an Lár-Shaotharlann Taighde Tréidliachta, Lár-Shaotharlann Taighde Tréidliachta Backweston, agus Teagasc Moorepark.
- Paul O'Sullivan, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair a chuir páipéar i láthair ag an gComhdháil Idirnáisiúnta in Poznan na Polainne i Meán Fómhair 2014. B'éard a bhí sa chomhimeacht seo ná an 35ú Comhdháil de chuid an Air Filtration and Ventilation Centre, an 4ú Comhdháil de chuid Tightvent, agus an 2ú Comhdháil de chuid Venticool. Is comhdháil í seo atá bunaithe go maith i réimse na haerála agus cuireadh breis is 120 páipéar i láthair le linn an dá lá. Bronnadh an "Páipéar Is Fearr" ar Paul.
- Jane Healy, Léachtóir, Roinn Turasóireachta agus Fáilteachais a rinne beo-chócaireacht ar an Today Show de chuid RTÉ. Chócaráil sí rogha béilí as leabhar na roinne a seoladh le déanaí "Good nutrition for cancer recovery".
- Christine Pybus, Roinn Mínealaíne agus Ealaíne Feidhmí, CEDC CIT a roghnaíodh don tríú téarma ar bhord Shraithchomórtas Institiúidí Ealaíon na hEorpa (ELIA). Is é ELIA an eagraíocht líonra príomhúil neamhspleách don ardoideachas ealaíon. Agus 300 ball aici i mbreis is 47 tír, seasann sí do thart ar 300,000 mac léinn i ngach disciplín ealaíne.
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha ar ghnóthachtáil dó Gradam Saotharlann Cógaisíochta na Bliana 2014 ag Gradaim Saotharlainne na hÉireann a bhí ar siúl mar imeacht foirmiúil i mBaile Átha Cliath. Déanann an t-imeacht, a réachtáiltar go bliantúil agus a fhaigheann tacaíocht ó Fhundúireacht Eolaíochta na hÉireann, ón mBord Taighde Sláinte agus ó Chomhairle Taighde na hÉireann, éachtaí ar leith a aibhsíú thar roinnt príomhdhisciplíní; a chuireann ar taispeáint an chuid is fearr dá bhfuil ar tairiscint sa tír sa nuálaíocht, taighde agus oideachas.
- An Dr Roy Sleator ar a roghnú d'aon ghuth as buíon de sháriarrthóirí ag Coiste Feidhmeach den Chumann Eorpach Micribhitheolaíochta Clinicí agus Galraí Tógálacha (ESCMID) mar dhuine de thriúr faighteoírí Ghradam d'Imscrúdaitheoir Óg ESCMID as Taighde ar Mhicribhitheolaíocht Chliniceach agus Galraí Tógálacha mar aitheantas ar éachtaí as an ngnách dá chuid.
- Ona McGrath, Léachtóir, Roinn Spóirt, Áineasa & Oideachas Luathóige agus a comhbhaill choiste as an Seimineár SportsAbility, ar éirigh go hiontach leis, a eagrú agus a óstú in CIT. Cruthaíodh Fóram SportsAbility Chorcaí, a bunaíodh in 2008, chun páirtithe deonacha a thabhairt le chéile as raon eagraíochtaí spóirt agus éagumais d'fhonn spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn le haghaidh daoine éagumasaithe i gCorcaigh.
- Jane O'Keeffe, Léachtóir, CNMÉ as Gradam Irish Logistics & Transport Education a ghnóthachtáil do 2015. Tugadh aitheantas do scothearnáil iompair agus lóistíochta na hÉireann agus rinneadh ceiliúradh orthu os comhair lucht féachana de beagnach 400 feidhmeannach sinsearach ag Searmanas Gradaim i mBaile Átha

Cliath. Bronnadh naoi dtrófaí déag ghradamacha ar na ceannairí agus na heagraíochtaí ab fhearr in earnáil lóistíochta agus iompair na hÉireann.

- Jim Walsh, Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta Feidhmeach ar glacadh leis ar ainmniú an Aire Sláinte ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialta a mbeidh príomhról le himirt acu ar chlárúcháin reachtúil a bhunú le haghaidh Oibrithe Cúraim Shoisialta.
- An Dr John Hobbs, Léachtóir Sinsearach, Roinn Bainistíochta & Fiontair ar cuireadh ó Bogdan Weggrznek, Uachtarán Braisle Náisiúnta Polainneach na bhFiontar Nuálach a chuir an Tionscadal Be Wiser i láthair don seisiún painéil a bhí dírithe ar “The Security of ICT Resources in Cyberspace” ag Comhdháil an Cluster World a reáchtáladh in Dabrowa Gornicza ar 25 agus 26 Márta 2015.
- Michael Barry, Céimí, Léachtóir Páirtaimseartha agus Teagascóir, Roinn Bainistíochta agus Fiontair a ghnóthaigh gradam idirnáisiúnta ar thaighde a d’fhéadfadh ár n-iontógáil náisiúnta salainn, arb é dhá oiread an ráta atá molta, a laghdú. Chuir sé a pháipéar “Shaking off the Salt Habit: The Gradual Reduction in Salt Consumption” i láthair ag comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na Margaíochta Neamh-Bhrabúsaí sa Bhrasaíl, cruinniú bliantúil saineolaithe i margaíocht a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht phoiblí. Foilsíodh a thaighde in alt san Irish Examiner ar 8 Lúnasa 2015.

Baill Foirne a ceapadh mar Scrúdaitheoirí Seachtracha:

John Bouge, Saineolaí Irish WorldSkills na hÉireann i bhFeistiú Gléasra Tógála

Judith Butler, Portobello Institute

Carmel Buttimer, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

J.J. Buttimer, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i bhFeistiú Gléasra Tógála

Úna Coakley, Dublin Business School

An Dr Joe Connell, Ollscoil Napier

Aisling Conway, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh

Gail Cotter, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Gráinne Daly, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Donagh Davern, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain

Fergus Delaney, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Joan Dineen, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh

Eamon Finnegan, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i gCearpantóireacht

An Dr Joe Harrington, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain

Breda Hickey, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

An Dr Lorraine Howard, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

William Irwin, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i dTáthú

Conor Kelleher, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bláinséir agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

James Kilduff, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Westminster

Roisín Lane, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Seán Lannin, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i Siúinéireacht

Adrian McAuliffe, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i nDéantúsaíocht Mhiotail

Pat Mahon, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i bPéinteáil & Maisiú

Maurice Murphy, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

Bernard O’Callaghan, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta

Ann O’Connor, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

An Dr Tom O’Connor, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, agus UCC

An Dr Deirdre O’Donovan, Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Josephine O’Halloran, Scrúduithe Idirnáisiúnta Cambridge

Noel O’Halloran, Saineolaí WorldSkills na hÉireann in Innealtóireacht Ghluaisteáin

Tim O’Halloran, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i nDéantúsaíocht Mhiotail

Michael O’Leary, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i bhFeistí Gléasra Foirgníochta

Michael P. O’Mahony, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo

Tom O’Reilly, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i nDéantúsaíocht Mhiotail

Jean O’Shea, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Marian Quinn, Portobello Institute

Ciaran Scully, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

Pat Twomey, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i Meictreonaic

Des Walsh, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Tuarascáil Bhliantúil CIT 2014/15


Ar na baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu bhí:

Samane Abdi, Dochtúir Fealsúnachta
 Ahmad Baroutaji, Dochtúir Fealsúnachta
 Brid Brosnan, Dochtúir Fealsúnachta
 Carmel Buttimer, Máistir Gnó
 Gillian Carey, Máistir Taighde
 Frances Clerkin, Dochtúir Fealsúnachta
 Kevin Coleman, Máistir Eolaíochta
 Dr Ana Cruz Garcia, Baitsiléir Gnó (Onóracha)
 Jane Healy, Máistir Ealaíon (Taighde)
 Aoife Killeen, Dochtúir Fealsúnachta
 John Lynch, Máistir Gnó
 Mary Moloney, Dochtúir Fealsúnachta
 Sarah Mulrooney, Dochtúir Fealsúnachta
 Michael D. Murphy, Dochtúir Fealsúnachta
 Mick O'Callaghan, Máistir Ealaíon i nDearadh agus Forbairt Fhoghlama
 Deirdre O'Donovan, Dochtúir Fealsúnachta
 Donagh O'Mahony, Dochtúir Fealsúnachta
 Ruairí O'Reilly, Dochtúir Fealsúnachta
 Catherine Palmer, Dochtúir Fealsúnachta
 Dr Angela Wright, Máistir Ealaíon i dTeagasc & Foghlaim in Ardoideachas

Ceapacháin Nua:**Deimhníodh ceapachán na mball foirne seo a leanas le linn na bliana acadúla 2014/15:**

- An Dr Annmarie Burns, Léachtóir Cúnta, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
- An Dr Cornelius Burns, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luath-Óige
- Carmel Collins, Oifigeach Cúnta Foirne, Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
- Edward Coughlan, Léachtóir Cúnta, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luath-Óige
- Niall Cremin, Cuntasóir Sinsearach Bainistíochta, Oifig Airgeadais
- Eoin Deane, Oifigeach Sinsearach Teicniúil, Seirbhísí TF
- Anne Deasy, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luath-Óige
- Juan Manuel Escano, Ceannaire Grúpa, Lárionad NIMBUS
- Catherine Fehily, Ceann CEDC CIT
- An Dr Derry Fitzgerald, Ceannaire Grúpa, Lárionad NIMBUS
- An Dr Ambrose Furey, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn na nEolaíochtaí Fisicea
- Christopher Gibbons, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- Pierre-Mehdi Hadbi, Teicneoir, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
- An Dr Stephen Hegarty, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- An Dr John Hobbs, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Bainistíochta & Fiontair
- Irene Hogan, Teicneoir Spóirt, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luath-Óige
- Tim Horgan, Ceann na Roinne Ríomhaireachta
- An Dr Brigid Lucey, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Marguerite Lynch, Oifigeach Cúnta Foirne, Gairmeacha & Comhairleoireacht
- An Dr Aoife McCarthy, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Elaine McCarthy, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- Hugh McCarthy, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), CSC CIT
- An Dr Alan McGibney, Ceannaire Grúpa, Lárionad NIMBUS
- Brian McGrath, Ceann na Scoile Gnó
- Maurice Murphy, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Bainistíochta & Fiontair
- James O'Byrne, Ceann Seirbhísí CNMÉ
- Deirdre O'Donovan, Léachtóir Cúnta, Roinn Eagraíochta & Forbartha Gairmiúla
- Ann O'Halloran, Cuntasóir Sinsearach Airgeadais, Oifig Airgeadais
- Frank O'Mahony, Airíoch, CEDC CIT
- An Dr James O'Mahony, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- An Dr Gearóid Ó Súilleabháin, Ceann Seachadadh ar Líne

- Veronique O'Sullivan, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn na Meán Cumarsáide
- An Dr Susan Rea, Ceannaire Grúpa, Lárionad NIMBUS
- Ann Sheehan, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig Earcaíochta
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Lárionad Taighde & Nuálaíochta BioExplore
- An Dr Angela Wright, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn Eagraíochta & Forbartha Gairmiúla



Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT



Rádlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2014/15
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2014/2015

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2014/15

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2014 go dtí 31 Lúnasa 2015. Léiríonn na torthaí easnamh oibriúcháin de €1.2m, agus easnamh oibriúcháin de beagán os cionn €1m mar a bhí ar 31 Lúnasa 2015. Cuimsíonn na ráitis chomhdhlúite airgeadais roinnt fochuideachtaí agus thug siad sin brabús foriomlán de €130k.

Ioncam

Tháinig laghdú ar an ioncam de 2.3% ó €98.8m go €96.6m. Bhí laghdú ar an gcuid is mó de na catagóirí ioncaim de réir mar a leanann an timpeallacht maoinithe an ardoideachais de bheith dúshlánach. Tá an t-ioncam ag brath go mór ar líon na mac léinn agus thit líon na mac léinn cóibhéise lánaimseartha de díreach 1% ó 9,278 go 9,187 le linn na tréimhse agus chuir sé sin isteach ar an ioncam ó tháillí teagaisc.

Caiteachas

Tháinig laghdú ar chaiteachas reatha iomlán de 1.2% go €97.8m. Bhain costais de €71.8m (73%) leis ranna acadúla agus le gníomhaíocht taighde, bhain costas de €7.0m (7%) le foirgnimh agus costas de €12.7m (13%) le riarachán agus na seirbhísí tacaíochta agus bhí costas de €6.2m (6%) ar sheirbhísí mic léinn.

Tháinig méadú ar bhille tuarastail na hInstitiúide de €2.3m (3.6%) le linn 2014/15 agus seasann sé anois ag €66.5m i gcomparáid le €64.2m in 2014. Tháinig méadú ar mheánlíon na foirne de 1% go 1,233 agus is ionann na costais foirne agus 68% den chaiteachas go léir, ardú ó 65% in 2014.

Fritháiríodh an méadú ar chostais foirne le laghdú de €3m (10.7%) ar chostais oibriúcháin eile. Tá tionchar díreach aige sin ar leibhéal na hinfheistíochta agus na cothabhála i saoráidí agus athnuachan trealaimh.

Taighde & Forbairt

Tháinig laghdú ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí, agus costais chaipitil san áireamh, ó €18.5m go €16m. Seasann laghdú ar chistiú caipitil de €1.8m do chuid shuntasach den laghdú sin. Tháinig laghdú dá réir i gcaiteachas de bhrí go bhfuil sé sin ceangailte le buiséid tionscadail. Tá formhór an mhaoiniu T&F bunaithe ar rath sna cláir iomaíocha cistithe Stáit agus AE.

Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015, thit Cúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil larchurtha san áireamh) de 24% ó €7.4m go €5.6m. Ba é ba mhó a chuir leis an laghdú sin ná an t-easnamh carntha sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

6.2 Cuntais Iniúchta 2014/15

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste – Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasáochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe Comhdhlúite na hInstitiúide

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Na Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta.
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí).
- Cáipéis Treoirlínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairiscí ar na torthaí a bhaintear amach.
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinisithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúcháireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Faomhann an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúcháireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainaithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar na sanntaí a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúcháireachta, ar an Iniúcháir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.


Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe, de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais don

bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015 ag a gcruinniú ar 22 Deireadh Fómhair 2015, arna fhaomhadh ag an mBord Rialaithe in 5 Samhain 2015.

Laigí ar Rialú Inmheánach

Ní raibh laigí ar bith i rialú inmheánach a raibh mar thoradh orthu cailteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha a d'éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

30/6/2016



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

30/6/2016

6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasáochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:



Bob Savage

Dáta:

30/6/2016

Uachtarán:



An Dr Brendan J. Murphy

Dáta:

30/6/2016

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeán Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtá atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

Lena chois sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na hInstitiúide d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun eolas ar bith a shainaithint atá mícheart go hábhartha de réir cosúlachta bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh seo á dhéanamh agam. Má fhaighim fios ar mhíshonrú ábhartha follasach ar bith, cuirim na himpleachtaí san áireamh i mo thuairisc.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais na hInstitiúide mar a bhí ar 31 Lúnasa 2015 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na hInstitiúide dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Gnóthas Leantach

Gan choinníoll a chur le mo thuairim ar na ráitis airgeadais, dírim aird ar Nóta 28 Gnóthas Leantach. Thabhaigh an Institiúid easnamh de €1.2m don bhliain agus bhí easnamh carntha aici de €1m ar 31 Lúnasa 2015. Tá bail an Bhord Rialaithe sásta go bhfanann an Institiúid ina gnóthas leantach.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínte go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó má aimsím

- aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an t-eolas a thug tuarascáil bhliantúil na hInstitiúide i gcomhréir leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Iúil 2016

6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015

Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta a chuir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i bhfeidhm:

1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Údarás um Ard-Oideachas. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited, CIT Foundation Limited agus CIT Student Services Company Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite.

2. Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit:

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Mion-Oibreacha Caipitil:

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Deontais Taighde agus Conarthaí:

Déantar ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchistiú'.

Ioncam ó Tháillí:

Déantar déileáil le hioncam ó Tháillí ar bhonn fabhráithe.

Iarchuirtear sonraisc le haghaidh táillí sa todhcháil sa bhliain reatha ag 31 Lúnasa agus cuimsítear iad dá bhrí sin i bhféiciúnaithe táillí Mic Léinn agus ioncam iarchurtha araon.

Ioncam ó Ús:

Cuirtear gach ioncam ó thaisc gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

3. Stoic

Breactar caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é. Baineann an stoc a thaispeántar sa chlár comhardaithe le hearraí in Cosmos Education Limited agus stoc inchaite sa Student Services Company Limited ar 31 Lúnasa 2015.

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, céis moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

(a) Costas nó Luacháil

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

(b) Trealamh

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 air a chaipitliú.

(c) Dímheas

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitlíodh mar shócmhainní seasta agus déanfar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte.

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30-50
Carrchlóis	20
Daingneáin & Feistithe, Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	5-10
Trealamh Ríomhaire	3
Gléasra & Innealra	10
Trealamh	5
Feithiclí Mótair	5

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh thar saol an léasa.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

5. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

6. Pinsin

Is faoi cheann amháin nó ceann eile de dhá scéim a thugtar teidlíochtaí na foirne:

- (i) Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

- (ii) Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údarás ábhartha do chríoch scéim pinsin aonair na hearnála poiblí. Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais do na sochair a fhabhraíonn baill na scéime.

Is é ár dtuairim go mbeadh dliteanas ar bith i dtaca leis an SPAEP, ar aon nós, fritháirithe ag an tsócmhainn chóibhéiseach in oirchill ar mhaoiniú Stáit sa todhchaí i dtaca leis an SPAEP.

Tá measúnú á dhéanamh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na socrúithe reatha i dtaca leis an SPAEP agus tá roinnt roghanna á meas maidir le sochair a íoc agus maidir leis na sochair sin a airgeadú.

Is é líon na mball sa scéim ar 31 Lúnasa 2015 ná 49.

7. Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncaim charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

8. Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronnánais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistriúcháin ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

9. Cúlchiste Caipitil – Student Services Company Limited

Baineann an t-aistriú go Cúlchiste Caipitil leis na cistí a fuarthas ó lontaobhais a dhúnadh. Tá an Cúlchiste Caipitil sainithe d'fhorbairt chaipitil sa todhchaí ar mhaithe le leas mic léinn.

10. Sócmhainní ar Léas

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhuirear leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

Aithnítear cíosanna faoi léasanna airgeadais mar shócmhainn agus mar dhliteanas sna ráitis airgeadais ag tús na tréimhse léasa.

11. Sócmhainní Oidhreachta

Ba chóir Sócmhainní Oidhreachta a nochtadh sna ráitis airgeadais chun pictiúr níos fearr a thabhairt ar shócmhainní na hInstitiúide. Níl aon sócmhainní oidhreachta ann ar 31 Lúnasa 2015.

12. Infheistíochtaí

Mar institiúid oideachais tríú-leibhéal faoi úinéireacht phoiblí atá maoinithe ag an Rialtas, is é an príomhchuspóir a bhaineann le barrachas sna cistí a infheistiú ná luach caipitil chistí dá leithéid a chosaint i gcónaí trí ionstraimintí agus táirgí infheistíochta iomchuí a úsáid a chomhlíonann critéir shainithe riosca sochair.

6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015


IONCAM	NÓTA	2015 €000	2014 €000 athluaithe
Deontas Stáit	1	37,425	37,462
Táillí Teagaisc	2	30,681	31,548
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	17	6,110	6,622
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	14,850	15,701
Ioncam Eile	5	6,955	6,804
Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn	4	480	574
Ioncam ó Ús		78	174
		96,579	98,885
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	52,484	51,750
Seirbhísí Acadúla	7	3,003	2,620
Costais Saoráidí	8	6,097	5,668
Príomhriarachán agus Seirbhísí	9	9,557	9,874
Costais Ghinearálta Oideachasúla	10	909	849
Seirbhísí Mic Léinn	11	5,660	5,525
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	13,498	15,529
Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm	4	480	574
Dímheas	14	6,107	6,622
	12	97,795	99,011
Easnamh Oibriúcháin		(1,216)	(126)
Cánachas	13	(1)	-
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	(927)	(154)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	18	289	281
Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair		833	832
Barrachas/(Easnamh) Carntha ar 31 Lúnasa		(1,022)	833

Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-30.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe


Bob Savage 30/6/2016
 Cathaoirleach Dáta


An Dr Brendan J. Murphy 30/6/2016
 Uachtarán Dáta

6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2015

NÓTA	Comhdhlúite		Institiúid	
	2015 €000	2014 €000 athluaithe	2015 €000	2014 €000 athluaithe
SÓCMHAINNÍ SEASTA INFHEISTÍOCHTAÍ	14	104,576	107,529	107,052
	23	220	255	50
		104,796	107,784	107,102
SÓCMHAINNÍ REATHA				
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí Stoc	15	26,239	21,806	21,726
Airgead sa bhanc agus ar láimh		90	100	-
		9,234	11,702	8,019
		35,563	33,608	34,211
DLITEANAIS REATHA				
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe - suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain	16	30,125	26,501	26,340
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		5,438	7,107	4,418
SÓCHMHAINNÍ IOMLÁNA LUIDE DLITEANAIS REATHA		110,234	114,891	108,597
Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon Bhliain	16	89	-	-
GLANSÓCMHAINNÍ		110,145	114,891	108,508
Dá seasann				
Deontais Chaipitil Iarchurtha	17	104,576	107,529	107,052
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(1,022)	833	(1,891)
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd	18	321	321	-
Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	6,270	6,208	6,208
		110,145	114,891	108,508


Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-30.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

30/6/2016
Dáta



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

30/6/2016
Dáta

6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015

	2015 €000	2014 €000
Easnamh oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh Oibriúcháin	(1,216)	(126)
Ioncam ó Ús	(78)	(174)
Dímheas	6,107	6,622
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne	(6,110)	(6,622)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	3	-
Laghdú/(Méadú) ar Infheistíochtaí	35	(205)
Laghdú/(Méadú) ar Stoc	10	(17)
Méadú ar Fhéichiúnaithe	(4,494)	(1,527)
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha	3,624	(4,481)
Méadú ar Fhéichiúnaithe fadtéarmacha	89	-
Eis-sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(2,030)	(6,530)

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Eis-sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(2,030)	(6,530)
Ús faighte	139	105
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(3,157)	(4,818)
<i>Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil</i>	(3,157)	(4,818)
Cistiú		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	764	344
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	607	935
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	1,210	3,029
Cánachas	(1)	-
<i>Glan-Insreabhadh Airgid ó Chistiú</i>	2,580	4,308
Laghdú ar Airgead	(2,468)	(6,935)

Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglanchistí

Laghdú ar Airgead

Laghdú ar Airgead	(2,468)	(6,935)
Glanchistí ar dtús	11,702	18,637
Glanchistí ar 31 Lúnasa	9,234	11,702


Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-30.

Signed on behalf of the Governing Body



Bob Savage
Cathaoirleach

30/6/2016
Dáta



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

30/6/2016
Dáta

6.2.8 Nótaí do no Ráitis Airgeadais

1. DEONTAIS STÁIT

	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Iomlán 2015	Iomlán 2014
	€000	€000	€000	€000 restated
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO	37,289	607	37,896	38,343
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S	-	-	-	269
Deontas stáit do mhionobreacha caipitil – RO&S	136	764	900	129
Iomlán - 2015	37,425	1,371	38,796	38,741
Iomlán - 2014	37,462	1,279	38,741	

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo. D'íoc an tÚAO €961k breise a aistríodh go dtí an HEANet.

2. TÁILLÍ TEAGAISC

	2015 Líon Mac Léinn (CLA)	2015 €000	2014 Líon Mac Léinn (CLA)	2014 €000
Táillí íoctha ag an Stáit	6,153	5,619	6,313	6,234
Táillí Neamh-AE	179	1,871	144	864
Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn	1,036	1,688	1,060	2,061
Táillí d'Foghlaime ar Feadh an tSaoil & Táillí Eile	1,819	3,226	1,761	5,830
Cion na Mac Léinn		18,368		16,761
Cionroinnte go Caipiteal		(91)		(202)
	9,187	30,681	9,278	31,548

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €4.187m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €575k le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime agus €857k do Springboard/Scileanna ICT, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE. D'íoc SUSI táillí sa bhliain de €8.638m in 2015 (€6.258m in 2014).

Luaitear líon na mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

	2015 €000	2014 €000
3. DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE		
Ioncam		
Ioncam	15,957	18,515
Aistriú go Cuntas Caipitil	(1,107)	(2,814)
	<u>14,850</u>	<u>15,701</u>
Caiteachas		
Costais Foirne	7,008	6,818
Costais Neamhphá		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	477	566
Costais Ríomhaire	300	206
Oideachas Ginearálta	1,493	1,370
Costais Taighde	-	10
Comhpháirtithe Tionscadail	57	2,308
Trealamh	205	384
Costais Áitribh	729	972
Taisteal & Cothú	1,216	869
Costais Phearsanra	223	213
Táillí Gairmiúla	1,319	1,313
Cumarsáid	76	60
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	205	265
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	127	101
Árachas	15	3
Costais Airgeadais	41	38
Eile	7	33
	<u>13,498</u>	<u>15,529</u>
Glantoradh	<u>1,352</u>	<u>172</u>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €838k i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuilleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais i dtaca le hobair taighde a rinneadh, mar a bhfuil cuntas air faoi na ceanteidil do Chaiteachas thuas. D'íoc an tÚAO deontais i leith Taighde & Forbartha de €1.015m in 2015 (€1.199m in 2014).

	Míchumas	Cúnamh do Mhic Léinn	2015 €000	2014 €000
4. CISTIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN				
Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair	-	-	-	149
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	246	303	549	438
Cionroinnte do Chaipiteal	(12)	-	(12)	(13)
	<u>234</u>	<u>303</u>	<u>537</u>	<u>425</u>
Suimeanna curtha i bhfeidhm – Pá & Neamh-Phá	184	296	480	574
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	<u>50</u>	<u>7</u>	<u>57</u>	<u>-</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

5. IONCAM EILE

	2015	2014
	€000	€000
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	3,401	3,509
Cíos ar Shaoráidí	18	3
Deontas Stáit – ÚAO	-	23
CIT Student Services Company Limited	3,385	3,218
Ioncam Ilghnéitheach	151	51
	<u>6,955</u>	<u>6,804</u>

Gintear an t-ioncam ó CIT Student Services Company Limited trí mhionmheargadh, bistro, siopa agus seirbhísí ceaintín a chur ar fáil do mhic léinn CIT.

6. RANNA ACADÚLA

Costais Foirne	47,307	46,010
Costais Neamh-Phá	5,177	5,740
<i>iomlán</i>	<u>52,484</u>	<u>51,750</u>

7. SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTAI ACADÚLA

Costais Foirne	1,919	1,751
Costais Neamh-Phá	1,084	869
<i>iomlán</i>	<u>3,003</u>	<u>2,620</u>

8. COSTAIS SAORÁIDÍ

Costais Foirne	1,569	1,357
Costais Neamh-Phá	4,528	4,311
<i>iomlán</i>	<u>6,097</u>	<u>5,668</u>

9. PRÍOMH-RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ

Costais Foirne	6,177	5,806
Costais Neamh-Phá	3,380	4,068
<i>iomlán</i>	<u>9,557</u>	<u>9,874</u>

10. COSTAIS OIDEACHAIS GHINEARÁLTA

Costais Foirne	372	460
Costais Neamh-Phá	537	389
<i>iomlán</i>	<u>909</u>	<u>849</u>

11. SEIRBHÍSÍ DO MHC LÉINN	2015			2014
	€000	€000	€000	€000
	Costais Foirne	Neamh-Phá	Iomlán	
Fóirdheontas do Chlubanna, Chumainn agus Aontas na Mac Léinn	219	406	625	904
Seirbhísí do Mhic Leinn	207	930	1,137	596
Seirbhísí Comhairleacha Gairmeacha	247	151	398	393
Spórt & Áineas	16	86	102	321
Sláinte & Comhairleoireacht	117	137	254	262
Student Services Co Ltd	1,257	1,887	3,144	3,049
	<u>2,063</u>	<u>3,597</u>	<u>5,660</u>	<u>5,525</u>

Is é atá sa chaiteachas a bhaineann le CIT Student Services Company Limited ná seirbhísí mionmhargaidh, bistro, siopa agus ceaintín a sholáthar do mhic léinn CIT.

12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS	Costais Foirne	Dímheas	Costais Oibriúcháin Eile	2015	2014 athluaite
	€000	€000	€000	€000	€000
	Deontais agus Conarthaí Taighde	7,008	1,715	6,490	15,213
Ranna Acadúla	47,307	635	5,177	53,119	53,324
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	1,919	479	1,084	3,482	3,244
Costais Saoráidí	1,569	917	4,528	7,014	7,138
Príomhriarachán agus Seirbhísí	6,177	1,777	3,380	11,334	11,315
Costais Oideachais Ghinearálta	372	-	537	909	849
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	90	-	390	480	574
Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn	2,063	584	3,597	6,244	5,719
2015 Iomlán	<u>65,505</u>	<u>6,107</u>	<u>25,183</u>	<u>97,795</u>	<u>99,011</u>
2014 Iomlán	<u>64,186</u>	<u>6,622</u>	<u>28,203</u>		

2015
€000

2014
€000
athluaite

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

Ábhair & Tomhaltáin Eile	3,155	3,232
Ábhair Leabharlainne	216	191
Costais Ríomhaire	1,295	1,083
Oideachas Ginearálta	2,171	1,971
Seirbhísí do Mhic Léinn	1,027	1,268
Costais Taighde	-	1
Comhpháirtithe Tionscadail	1,019	2,433
Trealamh	837	1,036
Costais Áitribh	5,739	6,109
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	2,369	2,364
Costais Phearsanra	1,012	1,037
Táillí Gairmiúla – <i>Athluaite 2014</i>	3,818	4,803
Luach Saothar Iniúcháir	35	33
Cumarsáid	264	271
Stáiseanáireacht & Ábhair Oifige	850	1,015
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	397	423
Árachas	364	323
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	143	222
Costais Airgeadais	389	309
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	3	-
Eile	80	79
	25,183	28,203

13. CÁNACHAS

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an Lárionad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	lomlán	Foirgnimh	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
COMHDHLÚITE Costas nó Luacháil							
Ar 1 Meán Fómhair 2014 (Athluaite)	191,766	144,023	10,349	12,591	5,335	19,079	389
Breiseanna	3,157	453	612	536	1,278	278	-
Diúscairtí	<u>(1,223)</u>	<u>-</u>	<u>(393)</u>	<u>(360)</u>	<u>(83)</u>	<u>(369)</u>	<u>(18)</u>
	193,700	144,476	10,568	12,767	6,530	18,988	371
Dímheas Ar 1 Meán Fómhair 2014	84,237	43,111	8,499	11,875	3,116	17,274	362
Muirear don bhliain	6,107	3,404	621	663	729	681	9
Diúscairtí	<u>(1,220)</u>	<u>-</u>	<u>(392)</u>	<u>(360)</u>	<u>(83)</u>	<u>(367)</u>	<u>(18)</u>
	89,124	46,515	8,728	12,178	3,762	17,588	353
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2015	104,576	97,961	1,840	589	2,768	1,400	18
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2014 (Athluaite)	107,529	100,912	1,850	716	2,219	1,805	27

Costas nó Luacháil:

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €317k (2014 - €455k) i gceist leo.

Bhí coigeartú ar dhímheas mar thoradh ar athbhreithniú ar shócmhainní. Léirítear iad sin sna muirir do 2014 agus 2015 (nóta 29)

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA – ar leanúint

	Iomlán	Foirgnimh	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
INSTITIÚID AMHÁIN Costas nó Luacháil							
Ar 1 Meán Fómhair 2014 (Athluaite)	189,834	143,902	8,735	12,522	5,334	18,951	390
Breiseanna	3,009	453	479	529	1,278	270	-
Diúscairtí	(836)	-	(14)	(352)	(83)	(369)	(18)
	192,007	144,355	9,200	12,699	6,529	18,852	372
Dímheas Ar 1 Meán Fómhair 2014	82,782	43,036	7,253	11,812	3,116	17,202	363
Muirear don bhliain	5,929	3,378	500	654	729	659	9
Diúscairtí	(833)	-	(13)	(352)	(83)	(367)	(18)
	87,878	46,414	7,740	12,114	3,762	17,494	354
Glanluach de Réir na Leabhar ar 31 Lúnasa 2015	104,129	97,941	1,460	585	2,767	1,358	18
Glanluach de Réir na Leabhar ar 31 Lúnasa 2014 (Athluaite)	107,052	100,866	1,482	710	2,218	1,749	27

Costas nó Luacháil:

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltas ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €269k (2014 - €341) i gceist leo.

Bhí coigeartú ar dhímheas mar thoradh ar athbhreithniú ar shócmhainní. Léirítear iad sin sna muirir do 2014 agus 2015 (nóta 29)

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2015 €000	2014 €000	2015 €000	2014 €000
15. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ				
Táillí Teagaisc	16,903	14,940	16,903	14,940
Deontas Athfhillteach Stáit	304	-	304	-
Deontais agus Conarthaí Taighde	5,641	5,151	5,596	5,119
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	1,684	447	1,694	453
Féichiúnaithe eile	1,707	1,268	1,695	1,214
Iomlán	26,239	21,806	26,192	21,726
16. CREIDIÚNAITHE AGUS COSTAIS FHABHRAITHE				
SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D’AON BHLIAIN				
Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré				
Deontais agus Conarthaí Taighde	4,275	5,329	4,161	5,202
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn Iarchurtha	57	-	57	-
	4,332	5,329	4,218	5,202
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhrúithe ÍMAT/ÁSPC	207	140	62	75
ÍMAT/ÁSPC	1,625	1,729	1,594	1,688
Cáin Ioncaim Choinnithe	35	37	34	37
Creidiúnaithe Eile	237	184	223	141
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	23,689	19,082	23,662	19,197
	25,793	21,172	25,575	21,138
	30,125	26,501	29,793	26,340
SUIMEANNA DLITE TAR ÉIS NÍOS MÓ NÁ AON BHLIAIN				
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	89	-	89	-
	89	-	89	-
17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA				
Iarmhéid Tosaigh	107,529	109,675	107,052	109,083
Deontais Chaipitil Infhaighte				
Deontas Caipitil Stáit – RO&S	-	237	-	237
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit – ÚAO (Athluaite 2014)	607	593	607	593
Táillí Teagaisc	91	202	91	202
Deontais Taighde & Conarthaí	1,107	2,814	1,091	2,772
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil - RO&S	764	107	764	107
Tacaíocht do Mhic Léinn	12	13	12	13
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	576	510	444	465
	110,686	114,151	110,061	113,472
<u>Scaoil d’Ioncam</u>				
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(6,107)	(6,622)	(5,929)	(6,420)
Méid scaoilte ar dhíúscairt Sócmhainní Seasta	(3)	-	(3)	-
Iarmhéid Deiridh	104,576	107,529	104,129	107,052

	2015 €000	2014 €000
18. CÚLCHISTÍ		
<u>Cúlchiste Caipitil Forbartha</u>		
larmhéid 1 Meán Fómhair	6,208	6,845
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	927	154
Aistriú go Caiteachas – Féinmhaoiniú	(289)	(281)
Aistriú go Cuntas Caipitil	(576)	(510)
larmhéid 31 Lúnasa	<u>6,270</u>	<u>6,208</u>

Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €927k comhdhéanta de €39k ó Tháillí Clárúcháin Mhic Léinn, €132k ó CIT Student Services Company Limited agus €67k ó ús tuillte agus €689k ar oibreacha éagsúla tógála a bhaineann le mic léinn le míchumais.

Tá an t-aistriú go Caiteachais de €289k comhdhéanta de €207k do Shaoráidí Spóirt agus €82k d'oibreacha sláinte agus sábháilteachta.

Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd

Fuarthas na cistí sin roimhe seo tar éis dúnadh lontaobhais. Tá an cúlchiste seo ainmnithe le haghaidh forbairtí caipitil sa todhchaí ar mhaithe le leas na mac léinn.

19. CEANGALTAIS CHAIPITIL A bhFUIL CONRADH DÉANTA INA LEITH ACH NACH bhFUIL SOLÁTHAR DÉANTA DÓIBH

Is é luach na gceangaltas caipitil a bhfuil conradh déanta ina leith agus atá gan íoc ar 31 Lúnasa 2015 ná €1.045m.

20. DEONTAIS CHOTHAITHE MIC LÉINN

Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	124	746
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(94)	(584)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	(30)	(162)
Insreabhadh Glan Airgid	-	-
larmhéid Tosaigh	-	-
larmhéid ag an Deireadh	<u>-</u>	<u>-</u>

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na híocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá deireadh á chur leis na híocaíochtaí sin de réir a chéile le teacht isteach SUSI in 2012/13.

21. FOSTAITHE

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015 ná 1,233 (2014: 1,220).

22. FOCHUIDEACHTAÍ

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta cailteanas don bhliain de €18,702 (2014 – brabús de €10,817) agus ba é luach na nglansócmhainní ná €14,358 (2014 - €35,223).

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €821 (2014 –brabús de €11,344) agus ba é luach na nglansócmhainní don bhliain ná €37,498 (2014 - €58,013).

Rinne an Institiúid cuideachta, CIT Student Services Company Limited, a ionchorprú in 1994. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Student Services Company Limited a chomhdhlúthú ó Mheán Fómhair 2012. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €114,620 (2014 – brabús de €25,313) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €1,256,612 (2014 - €1,141,992) ann.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Foundation Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta cailteanas don bhliain de €4,648 (2014 –brabús de €138,818) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €314,104 (2014 - €318,752) ann.

23. INFHEISTÍOCHTAÍ

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socrúithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach ceann de na cuideachtaí agus cuimsíonn sé sin scairshealbhóireacht de 50%.
- I mBealtaine 2013, ghlac Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí scairsheilbh de 10% in nSilcio ar luach €0.01 an scair (15,384 scair) de réir Pholasaí Cuideachta Campais CIT. Is é is aidhm leis an bpolasaí seo ná struchtúir agus nósanna imeachta trédhearcacha a chur ar fáil i dtaca le caidreamh leanúnach a bhunú idir Cuideachtaí Campais agus an Institiúid.

CIT Student Services Co Ltd (Fochuideachta ar lánúinéireacht)

Rinne CIT Student Services Co Ltd €200k a infheistiú i mBanna 8 Dearbhthoradh Taisce Scoilte BCP. Rinneadh an infheistíocht ar 20 Márta 2014 d'fhonn an toradh ar chistí na cuideachta a uasmhéadú. Infheistíodh 25% de na cistí i gcuntas taisce ardtoradh 12 mhí agus 75% i mbanna dearbhthoradh 5 bliana 3 mhí. Tá gealltán caipitil 100% faighte. Ba é an ghluaiseacht ar luach margaidh na hinfeistíochta ná €14,900 sa bhliain tar éis €50k a aistarraingt. Tá na hinfeistíochtaí cuimsithe sa chlár comhardaithe ag an gcostas is ísle dá gcéad chostas agus glanluach inréadaithe.

Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara iad GAC Training and Service Solutions Limited agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Ar 31 Lúnasa 2015, bhí na hiarmhéideanna seo a leanas dlite le/(ó) Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí:

GAC Training and Service Solutions Limited €92k (2014: €21k)

SEFtec NMCI Offshore Training Limited €30k (2014: (€1k))

24. COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN & CEOLSCOIL CHORCAÍ

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CMNÉ) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí CIT, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil CNMÉ tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus CNMÉ ina bhfostaithe de chuid CIT.

25. TEIDLÍOCHTAÍ INCRIMINTEACHA

Blianta ó shin rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) ar theidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Níor éirigh le hiarrachtaí idir-réitigh i ndiaidh na réamhéisteachta Ard-Chúirte agus dá bhrí sin mheas CIT gur gá achomharc a dhéanamh don Ard-Chúirt i gcoinne réamhrialú na hArd-Chúirte.

Chuir oifig na Cúirte Achomhairc in iúl nár dhóchúil go bhfaighidh an t-ábhar dáta go dtí 2016.

26. CUMASC ATÁ BEARTAITHE LE IT THRÁ LÍ

Faoi láthair tá CIT agus IT Thrá Lí i mbun próisis le chéile chun bheith ina nOllscoil Teicneolaíochta. Tá dhá sprioc againne, comhpháirtithe Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM): ar an gcéad dul síos, cumasc chun institiúid aontaithe aonair a dhéanamh le misean/fís shoiléir agus idirdhealaithe agus, sa dara cás, a bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta mar aon lena gcuireann an teideal sin in iúl i dtéarmaí a bheith nuálach, fiontraíoch agus sofhreagrach do riachtanais na bpáirtithe leasmhara earnálacha.

Tá Céim 3 den phróiseas ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta curtha i gcrích go rathúil. Chuimsigh sé sin cás gnó a fhorbairt a mhíng na foshuíomhanna bunúsacha. San áireamh sna foshuíomhanna sin tá costais an chumaisc de €6.7m fortheilgte thar 3 bliana chun íoc as costais aon uaire amhail táillí gairmiúla, córais TF agus cumarsáid. Tá costais OTM de €207k (2015) agus €281k (2014) le feiceáil sna Ráitis Airgeadais.

Tá an tionscadal cumaisc seo ar siúl, ach tá an dáta cumaisc faoi réir ag achtú na reachtaíochta tacaíochta.

27. NOCHTADH IDIRBHEART – BAILL DEN BHORD RIALAITHE

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socrúithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir an Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

28. GNOTHAS LEANTACH

Tá easnamh de €1.2m aitheanta ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2015 i ngeall go príomha ar chiorruithe suntasacha ar an gcistiú Stáit thar breis is 7 mbliana.

I dtéarmaí riachtanais chistithe sa todhchaí, d'aontaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas go ndéanfar athbhreithniú airgeadais ar earnáil na nÍT d'fhonn forléargas a chur ar fáil ar shláinte airgeadais na hearnála bunaithe ar phleananna athfhillteacha agus pleananna caipitil airgeadais agus teilgin cistithe a chur ar fáil san am atá ag teacht. Bainfear úsáid as chun na páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas maidir le riachtanais na hearnála i dtéarmaí cistithe agus inbhuanitheachta sa todhchaí.

29. COIGEARTUITHE I dTACA LEIS AN mBLIAIN ROIMHE SEO

Tá figiúirí na bliana roimhe seo athluaithe chun táillí gairmiúla de €342k a bhí aicmithe mar Fhoirgnimh roimhe seo a shainaithint.

Bhí mar thoradh ar Fhoirgnimh coigeartuithe i ndámhais, agus an NBV a laghdú ar 1 Meán Fómhair 2014 de €1.686m.

30. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 30 Meitheamh 2015.



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Forbairt Champais
- 7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí
- 7.4 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

- Bhí Faisnéis/Clárú ar siúl le haghaidh Cúrsaí do Dhaoine Fásta san Institiúid ó 6.00 pm go 8.00 pm ar na dátaí seo a leanas:

Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Campas Bhaile an Easpaig	-	2 Meán Fómhair 2014
Dámh Innealtóireachta & Eolaíochta, Campas Bhaile an Easpaig	-	3 Meán Fómhair 2014
CEDC CIT	-	4 Meán Fómhair 2014
- Tugadh an Clár Tionscnaimh do Mhic Léinn Lánfhásta do 120 mac léinn a bheidh ag iontráil ar chúrsa lánaimseartha fochéime in CIT ar 4 Meán Fómhair 2014. Cuireadh Clár leathan Tionscnaimh ar fáil dóibh chun cabhrú lena n-aistriú isteach san ardoideachas. Ba é an aidhm a bhí leis an lá ná aon imní a mhaolú trí chur ar a gcumas bualadh le mic léinn eile lánfhásta, turasanna campais a chur ar fáil, iad a chur ar an eolas faoi na córais, seirbhísí agus tacaíochtaí in CIT, agus faisnéis a chur ar fáil ar ábhair imní ar leith a bhaineann le táillí agus tacaí airgeadais.
- D'oscail an tUachtarán an 31ú Comhdháil Idirnáisiúnta Déantúsaíochta IMC31 a bhí ar siúl in CIT a ndearnadh a comhóstú le UCC ar 4 agus 5 Meán Fómhair 2014. Rinne an chomhdháil taispeántas uathach ar obair a bhí déanta san acadúlacht agus sa tionsclaíocht ag mic léinn iarchéime agus taighdeoirí a bhfuil taithí acu i réimsí na hInnealtóireachta Déantúsaíochta.
- D'fhógair Oifig Ealaíon CIT ar 11 Meán Fómhair 2014 a gclár nua imeachtaí Ealaíon & Cultúrtha ag CIT don bhliain acadúil 2014/2015. Rinneadh an Seoladh Oifigiúil ar 18 Meán Fómhair 2014 ag 7.00pm i Lárionad Taispeántais James Barry, Campas Bhaile an Easpaig.
- Bhí an clár Clárúcháin & Tionscnaimh le haghaidh mac léinn 1ú bliain ar siúl ó 8 go 12 Meán Fómhair 2014. Chuir an tUachtarán agus an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla fáilte roimh na mic léinn chuig an Institiúid. Ghlac na mic léinn páirt i gcuinnithe roinne, clárúcháin, ionduchtú TF agus turasanna an champais.
- Rinne an British Standards Institute (BSI) dianiniúchadh ar Lárionad MEDIC ar feadh 2½ lá i gcoinne an Chaighdeán Idirnáisiúnta do Dhearadh Feistí Leighis, IS13485. D'éirigh go maith leis an Lárionad agus fuair pas, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon easnaimh ina Chóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS), Chiallaigh sé freisin go gcomhlíonann QMS MEDIC le haghaidh dearadh Feistí Leighis na caighdeán idirnáisiúnta is airde. Bíonn an-tóir ar theastasú go dtí IS13485 i dtionscal na bhfeistí leighis. Ciallaíonn teastasú go IS13485 gur féidir le duine bith a bhíonn ag déileáil le MEDIC lánmhuinín a bheith acu go gcomhlíonann a gcuid próiseas na riachtanais cháilíochta agus rialála is gá a bheith ag an gcuid is rathúla sa tionscal. Bainfidh an-tábhacht leis sin le comhlachtaí maoinithe, comhpháirtithe cliniceacha, ceadúnaithe féideartha theicneolaíocht MEDIC, nó le cuideachtaí nó aonáin taighde eile ar mhian leo bheith ina gcomhpháirtithe le MEDIC.
- Bhí an tAonach Gairmeacha & Infhostaitheachta ar siúl in CIT ar 1 Deireadh Fómhair 2014 i Lárionad na Mac Léinn óna 11.00am – 2.30pm. Tá méadú tar éis teacht ar an Aonach agus ar fhreastal mic léinn ó 64 seastán in 2013 go 71 ar fad i mbliana, ar bhain 64 díobh le heagraíochtaí seachtracha. Bhí roinnt eagraíochtaí i láthair den chéad uair ar a n-áirítear Apple, Regeneron Pharmaceuticals, ESB, Deloitte agus VCE. Fuarthas aischothú dearfach ó mhic léinn, lucht foirne agus ó fhostóirí. Bhí an-mheas ag na fostóirí ar leibhéal rannpháirtíochta lucht foirne acadúla CIT. Deis iontach a bhí san imeacht freisin do mhic léinn a gcuid roghanna i ndiaidh a gcéim a bheith bainte amach acu a chioradh agus go háirithe bualadh le fostóirí féideartha san earnáil atá roghnaithe acu.
- Thug toscaireacht ó St Lawrence College, Ontario, agus an tUachtarán agus POF, Glenn Vollebregt agus Déan Dhám na hEolaíochta Feidhmí, Don Young dá gcuid cuairt ar an Institiúid ar 2 Deireadh Fómhair 2014. Is coláiste Ealaíon agus Teicneolaíochta Feidhmí é St Lawrence College agus rangáitear é sna 50 coláiste taighde is fearr i gCeanada. Ba é ba chuspóir lena gcualrú ná (i) a gcomhpháirtíocht le CIT a neartú agus a mhéadú agus (ii) bualadh lena mac léinn, Phil Audet, a bhain céim amach óna gClár Teicneolaíochta Innealtóireachta ar Chórais Fhuinnimh agus a glacadh isteach i Seimeastar 7 de chlár BEng (Onór) in Innealtóireacht Fuinnimh Inbhuanaithe in CIT.
- Bhí ócáid ar siúl chun don 10ú Comóradh Bliana den Oiliúint Mhuirí ar siúl i gCNMÉ (an t-aon choláiste a tógadh d'aonturas le haghaidh Oideachais Mhara) i gCNMÉ ar 3 Deireadh Fómhair 2014. Bhí Simon Coveney, TD, Aire Talmhaíochta, Bia & Muirí agus Aire Cosanta i láthair agus labhair sé ag an imeacht.

10. Tá an Araib Shádach ag iarraidh a cumas chun oideachas a chur ar a cuid saoránach a fheabhsú agus í tar éis an-chuid oibre a ligean ar fhochonradh le háisíneachtaí idirnáisiúnta sa chomhthéacs sin. Thug ceann de na háisíneachta sin, CINOP (gníomhaireacht oiliúna agus oideachais leathrialtais Ollannach), cuairt ar an Institiúid ar 3 Deireadh Fómhair 2014 féachaint conas a d'fhéadfadh CIT tacaíocht a thabhairt dá gcuid iarrachtaí. Bhí spéis ag an ngníomhaireacht i réimse na ceardaíochta. Leagadh mar chúram orthu freisin Coláistí na Sármhaitheasa a bhunú do mhná, tionscnamh saininscne nach bhfacthas a léithéid san ardoideachas sa taobh seo den domhan ach atá ábhartha go maith sa Mheán-Oirthear. D'fhéadfadh sé seo deiseanna a chur fáil le haghaidh comhoibrithe i bhfhorbairt cláir, teagasc, 7 rl agus d'fhéadfadh sé a bheith suntasach chun ioncam a thuilleamh do réimsí ábhartha CIT. Chuir Michael Loftus Uas., Ceann na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus lucht foirne abhartha fáilte roimh Tom Visser Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, CINOP ar a chuairt ar an Institiúid.
11. Chuir An Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, ar son an Uachtaráin, fáilte roimh thoscaireacht ó Ollscoil UCSI, An Mhalaeisia chuig an Institiúid ar 7 Deireadh Fómhair 2014. Cuid dá dturas ar Institiúidí Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann a bhí ann. Ba iad na toscairí:
- (i) An tOllamh Sinsearach Dato' an Dr Khalid Yusoff, Leas-Seansailéar agus Uachtarán Ollscoil UCSI
 - (ii) Ir Ap an Dr Jimmy Mok Vee Hoong, Déan Dámh na hInnealtóireachta, Teicneolaíochta agus Timpeallachta Tógtha
 - (iii) Jennifer Low San Li Uas., Cúntóir Speisialta, Oifig Leas-Seansailéar agus Uachtarán Ollscoil UCSI
- Bhí Terry McParland, Bainisteoir Oideachais in Éirinn, FÉ, ina dteannta.
12. Chuir an tUachtarán in éineacht le Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha agus an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla fáilte roimh Ambasadóir Mheicsiceo, Carlos García de Alba ar 13 Deireadh Fómhair 2014. Ar achainí an Ambasadóira, bhí Cliona Maher, Oifigeach Idirnáisiúnta Mic Léinn CIT, i láthair freisin. Bhí Clíodhna ag obair i Meicseiceo ar feadh roinnt blianta. Ba é cuspóir chuairt an Ambasadóira ná deiseanna acadúla a iniúchadh do Mheicseiceo.
13. D'eagraigh Craobh Chorcaí d'Institiúidí na dTreoirchomhairleoirí Career Options (Corcaigh) 2014 ag Óstán Rochestown Park ar 14 agus 15 Deireadh Fómhair 2014. Rinne breis is 5,000 mac léinn dara leibhéal freastal ar an imeacht. Ba é an taispeántas an t-imeacht ba mhó a rinne freastal ar mhic léinn as an taobh theas den tír. Ghlac breis is 150 ball foirne páirt ag seastáin CIT le linn an dá lá agus ionadaíocht á déanamh acu do ranna agus disciplíní san Institiúid.
14. Tá saineolas atá ar thús cadhnaíochta ar domhan forbartha ag Dámh na hInnealtóireachta agus Eolaíochta i réimsí próiseála na teicneolaíochta déiríochta agus réamhaisnéisiú táirgeadh bainne i gcomhar le Teagasc Moorepark le blianta beaga. Tá taighdeoirí as WIT, Teagasc agus CIT ag cur teicnící bainistithe nuálacha agus samhaltaithe sonraí i ngníomh i gcomhpháirtíocht le dhá cheann de na táirgeoirí bainne is mó in Éirinn. Agus an Tionscadal "Smart APPi" á sheoladh aige, dúirt an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD "Tá an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta ailínithe go dlúth le hOlltíomsú Sonraí, ceann de na seacht athleasú shuaiteacha atá cuimsithe sa phlean gníomhaíochta de chuid an rialtais le haghaidh post. Buntacaíonn an infheistíocht seo de bheagnach €445,000 ó Eiland agus na cuideachtaí atá i gceist, Glanbia agus Dairygold, lena dtuairim gur féidir le hAnailísíocht Sonraí feabhas suntasach a chur ar fhorbairt na hearnála déiríochta a mbeidh cruthú postanna mar thoradh air.
15. Agus í ag déanamh ionadaíochta don Uachtarán, chuir an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha fáilte chuig an Institiúid roimh Ambasadóir na Brasaíle, Alfonso Cardoso agus a bhean Solange ar 17 Deireadh Fómhair 2014. Bhí mar chuspóir leis an gcuard bualadh leis an 83 mac léinn Brasaíleach atá ag staidéar in CIT faoi láthair.
16. Rinneadh córas ardtionchair gnó a fhorbairt san Institiúid – V-LINC - feidhmchlár nua bogearraí agus modheolaíocht a chuidíonn le gnólachtaí optamú ar conas a dhéanann siad gnó lena soláthróirí, custaiméirí, soláthróirí tallainne, comhpháirtithe T & F, eagraíochtaí piara agus páirtithe leasmhara príomhbhraisle. Agus forbairt déanta sa Scoil Ghnó, CIT, déanann an córas mapáil, fis-samhlú agus anailís ar shonraí príomhghaolmhaireachtaí a bhailítear ó ghnólachtaí braislithe mar bhunús le forbairt straitéise agus polasaí do na heagraíochtaí atá i gceist, chomh maith le freastal ar anailís réigiúnach agus náisiúnta. Is é an Dr John Hobbs, Léachtóir Sinsearach, agus Eoin Byrne a spreag forbairt V-LINC in CIT.
17. Rinneadh ionadaíocht do CIT ag seastáin ag an Web Summit, an t-imeacht teicneolaíochta is mó san Eoraip, a raibh breis is 20,000 duine i láthair aige agus a bhí ar siúl ó 4 go 6 Samhain 2014. Tá tionscnamh nua "Cork Smart Gateway" sa chéad chéim. Bhí seastáin tábhachtach aige ag an Web Summit, a tharraing aird ar éiceachóras ardteicneolaíochta Chorcaí agus ar cháilíocht an tsaoil atá ar fáil sa réigiún. Chuimsigh Foireann

Bainistíochta Thionscadal “Cork Smart Gateway” ionadaithe ó Lárionad NIMBUS agus CAPPA. Cuireadh ardán idirghníomhach oideachais Lárionad NIMBUS “Tip Tap Tap” ar taispeáint mar chuid de sheastán “Cork Smart Gateway” chun an teicneolaíocht seo atá ag teacht chun cinn a léiriú. Feabhsaíonn “Tip Tap Tap” modhanna traidisiúnta teagaisc agus measúnaithe, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí idirghníomhaíochta tadhall-bhraite. Athraítear deasca scoile ina gcomhéadain tadhall-bhraite (ar chostas an-íseal), agus tugtar tosaíocht d’fhoghlaim láninchnne trí idirghníomhaíocht fhisiceach.

18. Ar 4 Samhain 2014, d’óstaigh Club Lúthchleasaíochta CIT 4ú Craobhchomórtas Bliantúil na gColáistí ar an siúlán coise a dhéoinneann na páirceanna spóirt ar an taobh thiar de Champas Bhaile an Easpaig. Bhí foirne as UL, UCC, WIT agus CIT san iomaíocht thar 3 chéim a raibh fad 6km san iomlán iontu. Rinne foirne na bhfear agus na mban as CIT go breá, agus chríochnaigh an dá cheann sa tríú háit foriomlán. Ghlac 77 lúthchleasaí ar fad páirt ann.
19. I ndiaidh an rath a bhí ar Sheó Bóthair Innealtóireacht CIT anuraidh, sheol Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta sraith nua agus leathnaithe seónna bóthair a chuimsigh an eolaíocht agus an teicneolaíocht. Bhí an chéad imeacht Seó Bóthair ar siúl in Óstán Middleton Park ar 5 Samhain 2014. Bhí thart ar 250 duine i láthair agus bhí an t-aischothú an-dearfach.
20. Tionóladh Aifreann Bliantúil Cuimhneacháin CIT ar 7 Samhain 2014 le haghaidh lucht foirne agus mac léinn a chaill daoine grámhara leo le linn an dá mhí dhéag seo caite chomh maith le baill foirne agus mic léinn a fuair bás le linn na bliana.
21. Bhí foirgneamh nialais 2020 CIT (a bhfuil cóiríocht ann ag Lárionaid CAMMS agus MEDIC) ar cheann de dhá fhoirgneamh neamhchónaitheacha amháin i gCorcaigh a léiríodh san imeacht Nearly Zero Energy Building (NZE) Open Doors na hÉireann 2014 a bhí ar siúl le linn na deireadh seachtaine 7 – 9 Samhain 2014. Agus é faoin gCreat Chlár Eorpach um Fhuinneamh Cliste, eagraíodh roinnt imeachtaí faoin ainm comónta NZB2021 “Open Doors” i naoi mballstát le cur ar chumas an mhórphobail agus lucht gairmiúla foirgníochta cuairt a thabhairt ar thithe agus foirgnimh phoiblí nua, a aibhsíonn caighdeáin feidhmíochta fuinnimh atá beagnach ag nialas. Rinne Gníomhaíocht Fuinnimh feachtas Open Doors NZEB na hÉireann a chomhordú. Beidh imeachtaí NZEB Open Doors dá leithéid á reáchtáil sna tíortha seo a leanas: an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, Malta, an Pholainn, an tSlóibhín agus an tSualainn.
22. Bhí an tSeachtain um Intinn & Chorp Dearfach de chuid Aontas na Mac Léinn ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ó 11 – 13 Samhain 2014. Tá mar aidhm ag an bhfeachtas seo sláinte dhearfach intinne agus choirp a chur chun cinn, agus na naisc idir an dá cheann a léiriú.
23. Thug Ambasadóir SAM chun na hÉireann, Kevin O’Malley Uas., cuairt ar CNMÉ ar 12 Samhain 2014 d’fhonn naisc idir CNMÉ agus IMERC a phlé.
24. Mar chuid dá straitéis rannpháirtíochta STEM níos leithne, sheol Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a clár Ambasadóir STEM. Forbraíodh an clár seo chun buíon Ambasadóirí STEM a chruthú a dhéanfaidh ionadaíocht don Dámh ag imeachtaí éagsúla a chuireann STEM chun cinn i ngach earnáil den tsochaí. Déanfaidh Ambasadóirí STEM CIT freastal ar imeachtaí amhail Scifest, Discovery, VexRobotics, Coder Dojo, Innealtóirí Éireann srl a bheidh ag obair ag seastáin faisnéise, a eagróidh taispeántais agus a idirghníomhóidh leis an gcéad ghlún eile mac léinn STEM. Tháinig na hAmbasadóirí STEM as buíon mac léinn taighde.
25. Bhí cuairt creidiúnaithe ó Innealtóirí Éireann chun clár leibhéal 7 a athbhreithniú i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí agus Próisis ar siúl ó 13 – 14 Samhain 2014. Chuaigh ár gcuid mac léinn, iarchéimithe agus ball foirne i gcion go mór ar bhaill an Phainéil agus thacaigh fostóirí ár gcuid céimithe leis go hiomlán.
26. Tar éis próiseas dianmheastóireachta a raibh painéal de chúigear saineolaithe idirnáisiúnta bainteach leis, bronnadh €58k ar Roinn na Matamaitice de chuid CIT agus Roinn na Matamaitice de chuid UCC as an tionscadal atá beartaithe acu “Transition to E-assessment in Mathematics Education”. Bhronn Ciste an Fhóram Náisiúnta um Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlaim 2014 (Building Digital Capacity) an maoiniú. Is é is aidhm don tionscadal ná r-mheasúnú a chomhtháthú isteach in eochair-mhodúil Matamaitice agus Staitisticí na 1ú Bliana in CIT agus UCC d’fhonn rannpháirtíocht an mhic leinn a mhéadú, uimhirtheacht a fheabhsú, aischothú foirmitheach a chur ar fáil do na mic léinn, agus ualach oibre léachtóra a bhainistiú. Cé gur bhí UCC an príomh-chomhpháirtí sa togra áirithe seo, bhí cion CIT an-suntasach, agus tá roinnt r-mheasúnaithe cuimsithe ag an Institiúid isteach i roinnt modúl/cúrsaí gnó agus innealtóireachta.
27. Rinne an tUachtarán cathaoirleacht ar an 4ú cruinniú agus an cruinniú deiridh den Ghrúpa Stiúrtha Scileanna Muirí ar 18 Samhain 2014 sa Roinn Post, Fiontar & Nualáíochta i mBaile Átha Cliath.

28. Bhí Trathnóna Faisnéise na Mac Léinn Lánfhasta ar siúl ar 18 Samhain 2014. Bhí mar aidhm ag an trathnóna deiseanna a chur fáil le haghaidh dul chun cinn in CIT do mhic léinn ionchasacha lánfhasta agus chun eolas a chur ar fáil orthu seo a leanas:
- Deiseanna staidéir lánaimseartha atá ar fáil in CIT
 - Ábhar cúrsa, riachtanais iontrála agus dátaí deiridh
 - Conas cur isteach ar CIT mar mhac léinn lánfhasta
 - Seirbhísí tacaíochta do mhic léinn in CIT
 - Tacaíocht do mhic léinn lánfhasta
29. D'fhógair Fundúireacht Eolaíochta na hÉireann ar 18 Samhain 2014 gur deonadh an maoiniú is airde dá gcuid go dtí seo do RCD CIT mar thoradh ar iarratas a rinne siad an samhradh seo caite do chlár 2015.
30. Ar 19 agus 20 Samhain 2014, d'óstaigh an Institiúid cruinniú Coimisiún na hEorpa de 45 toscaire as 17 dtír éagsúla agus iad ag déanamh ionadaíochta do lucht déanta polasaí, cleachtóirí breis-, ard- agus oideachas óige, fostóirí agus ENR, QQI agus Cedefop agus Aontas na Mac Léinn Eorpach. Chuir an tUachtaran fáilte roimh na toscairí agus thug an t-aitheasc oscailte ar 19 Samhain 2014. Rinne an t-imeacht iniúchadh ar na haschuir scríofa agus measúnaithe a fuarthas in éagsúlacht suíomhanna.
31. Bhí Lá Oscailte Bliantúil na hInstitiúide ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 21 Samhain 2014. Bhí imeachtaí an Lae Oscailte ar siúl freisin ag CSC CIT agus CEDC CIT ar 22 Samhain 2014. Le linn an dá lá, tháinig líon mór mac léinn ionchasach agus d'éirigh go maith leis na himeachtaí. Meastar go ndearna idir 3,000 agus 4,000 duine freastal le linn an dá lá.
32. Rinne Aontas Mac Léinn CIT i gcomhar le hAontas Mac Léinn UCC Oiliúint Pinc USI a chomhóstú do bhreis is 350 mac léinn as coláistí as gach cearn d'Éirinn. Agus é ar oscailt do mhic léinn LADT (lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach) agus a gcomhghuailithe, rinneadh cur síos ar an imeacht mar “spás sábháilte” le go bhféadfadh mic léinn foghlaim, líonrú agus a gcuid smaointe agus taithí a chomhroinnt. Chuimsigh an deirradh seachtaine ceardlanna agus cainteoirí ar a n-áirítear an TD áitiúil, Jerry Buttimer. D'óstaigh Aontas na Mac Léinn CIT an t-imeacht ar 22 Samhain 2014 agus d'ardaigh an Brat Uaibhreach Aerach. D'óstaigh ANML UCC an imeacht ar 21 agus 23 Samhain 2014 agus d'ardaigh an brat freisin. Thug Cumann LADT CIT an-tacaíocht chun an imeacht a eagrú i gCampas Bhaile an Easpaig agus tá mar sprioc acu iarracht a dhéanamh feachtais eile a reáchtáil maidir le comhionannas agus éagsúlacht sa todhchaí.
33. Ar 26 Samhain 2014, ghnóthaigh AventaMed, cuideachta tosaithe a d'eascair as MEDIC ag beirt taighdeoirí, Olive O'Driscoll agus John Vaughan, Comórtas Intertrade Seedcorn na hÉireann le haghaidh cuideachtaí Réidh le hAghaidh Infheistíochta sa chatagóir luath-thosaithe. Cháiligh AventaMed cheana féin mar bhuaiteoir réigiúnach chomórtas na Mumhan agus is Seaimpíní Uile-Éireann anois iad. Chomh maith le gradamacht an ghradaim, bainfidh AventaMed buntáiste as sainchomhairle Uile-Éireann, líonra a chuirfidh lena bpróifil, teagmhálacha agus deiseanna infheistíochta, chomh maith le duaiseanna iomlána airgid de €20,000 le haghaidh na Mumhan agus €100,000 do Chomórtas Intertrade Seedcorn na hÉireann.
34. Ar 28 Samhain 2014, d'óstaigh an Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil lá oiliúna Bhord na nOibreacha Poiblí (BOP) maidir le clár Floor Studies Update (FSU). Chláraigh 55 lucht freastail don imeacht (innealtóirí comhairleacha, údarás áitiúil, UCC agus innealtóirí BOP le 15 lucht freastal as clár Máistir Taighde agus Múinte sa Roinn.
35. Thug Brendan Howlin, TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe cuairt ar CNMÉ/IMERC ar 1 Nollaig 2014.
36. Tháinig an Seó Bóthair Néal-Ardáin Mhaighdeogaigh (Pivotal Cloud Platform) go CIT ar 4 Nollaig 2014. Ba í CIT an t-aon áit a roghnaíodh don seó bóthair idirnáisiúnta bogearraí seo. Chuimsigh an t-imeacht lae seo topaicí a gcuirfeadh idir fhorbróirí, ailtirí, bhainisteoirí oibríochtaí agus teicniúla spéis iontu.
37. Reachtáil mic léinn an MSc i gCleachtas Margaíochta imeacht Wonderland Geimhridh in CIT ar 7 Nollaig 2014. Thug breis is 220 leanbh (agus a chomhlíon daoine fásta) cuairt ar Shanta le linn an tráthnóna agus bhí raon leathan gníomhaíochtaí ann mar shiamsaíocht don uile dhuine. Ba é sin an dara bliain ar éirigh leis na mic léinn Wonderland Geimhridh iontach a eagrú don óige agus don aosta laistigh den Institiúid. Cuireadh an t-airgead a bailíodh chun leasa d'athchóiriú agus d'fhorbairt Aonad na Leanaí in Ospidéal Ollscoile Chorcaí.
38. Faoin Ghlaio Taighde Inbhuanaitheachta an EPA 2014, roghnaíodh Lárionad na Glanteicneolaíochta le haghaidh maoinithe don tionscadal dar teideal “Resource Efficiency in Priority Irish Business Sectors”. Tá an tionscadal seo á threorú ag Tadhg Coakley Uas. as Lárionad na Glanteicneolaíochta agus déanfar an taighde in 2015.

39. Ar 11 Nollaig 2014, ag Gradaim 2014 don tSármhaitheas i dTionscal Teicneolaíocht Leighis na hÉireann, ghnóthaigh MEDIC an chéad duais sa chatagóir nuálaíochta acadúla roimh iomaitheoirí eile an bhabhta ceannais ar a n-áirítear Coláiste na Tríonóide agus GMIT.
40. D’óstaigh an Institiúid an chéad chruinniú de Chraobh an Deiscirt d’Acadamh Innealtóireachta na hÉireann ar 16 Nollaig 2014. Chuir an tUachtarán fáilte chuig an Institiúid roimh chomhaltaí an Acadaimh.
41. Síniódh Meamram Tuisceana ar 5 Eanáir 2015 chun an bealach a réiteach le go bhféadfadh Ollscoil as SAM campas a chur ar bun i nDaingean Uí Chúis i gCo. Chiarraí. I Lúnasa 2014, rinneadh plé idir Ollscoil an Sacred Heart (SHU) in Fairfield, Connecticut, SAM, UCC, CIT agus IT Thra Lí d’fhonn féidearthachtaí a iniúchadh le haghaidh comhoibrithe idir na ceithre institiúidí ardoideachais chun acmhainní áitiúla a úsáid, le go mbeadh raon leathan clár taighde oideachasúil, for-rochtana agus intéirneachta tríú leibhéal ar fáil do mhic léinn as SAM, Éirinn agus tíortha eile. Is í SHU an chéad ollscoil Mheiriceánach chun an cineál seo infheistíochta a dhéanamh in Éirinn agus tá siad faoi láthair ag ceannach Scoil na mBráithre Críostaí sa bhaile mar Champas dóibh féin in Éirinn. Shínigh Propast SHU, Laura Niesen de Abruna an MT in éineacht leis an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, an Dr Oliver Murphy, Uachtarán IT Thrá Lí, agus Leas-Uachtarán UCC, an Dr Rónán Ó Dubhghaill.
42. Tharla cruinniú d’larchéimithe CIT ar 14 Eanáir 2015 ag Porterhouse Bar, Maiden Lane, Covent Garden, Londain. D’óstaigh Pan Irish Universities an t-imeacht. Chuir Orla Flynn Uas., Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha fáilte roimh Alumni CIT chuig an gcruinniú.
43. Chuir an tUachtarán fáilte chuig an Institiúid roimh an iarAire Airgeadais agus Cathaoirleach Asia Matters, Alan Dukes Uas. agus Martin Murray Uas., Stiúrthóir Feidhmeannach Asia Matters ar 19 Eanáir 2015. Ba é ba chúis lena gcuairt ná bainteacht CIT le Seachtain Ghnó Áise Chorcaí (13 agus 14 Iúil 2015) a phlé.
44. Bhí Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Mary Shields, i láthair ag fáiltiú don Chlár Eorpach um Thodhchaí Chruthaitheach i Lárionad Rubicon ar 20 Eanáir 2015. Thug an clár le chéile foghlaimoirí as cúlraí difriúla san ealaín, dearadh, TF, ceol, amharclann agus cumarsáid chun a dtaithí a chomhroinnt agus trí chomhoibriú idirdisciplíneach, foghlaim faoin bhfiontraíocht agus an nuálaíocht trí mheán na cruthaitheachta. Bhí mic léinn as Éirinn, an Iorua, RA, agus an Ísiltír i láthair. Thug an fáiltiú deis d’fhiontraithe agus meantóirí le taithí plé gníomhach a dhéanamh leis na grúpaí mac léinn maidir le gnó a thosú agus inchur praiticiúil agus cúntach á thabhairt.
45. Thug an tUachtarán an t-aitheasc oscailte ag Fóram Réigiúnach Nuálaíochta an South Regional Leaders SME FÉ ar 28 Eanáir 2015 i gCampas Bhaile an Easpaig.
46. Chuir an tUachtarán fáilte roimh an Alex White, TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha chuig Lá Tionscail MAREI agus chuig searmanas críochnaithe mullaigh Foirgneamh Beaufort, CNMÉ ar 30 Eanáir 2015.
47. In Eanáir 2015, thaistil toscaireacht de lucht foirne agus mic léinn as Roinn na Meán Cumarsáide chuig Ollscoil Palo Alto, California chun a gcuid oibre a chur i láthair ag comhdháil idirnáisiúnta ACM ar Tangible, Embedded, and Embodied Interaction. Ag an gcomhdháil sin, chuir Trevor Hogan, léachtóir ar an BA (Onór) in Ilmheáin páipéar i láthair faoin obair is déanaí dá chuid PhD (Ollscoil Bauhaus) dar teideal “Tangible Data, a Phenomenology of Human-Data Relations”. Agus iad ag déanamh ionadaíochta do CIT freisin bhí Rebecca Noonan, Dylan Goveas agus Luke Twomey, a fuair a gcéimeanna le déanaí ar an BA (Onór) in Ilmheáin, a chuir páipéar i láthair agus taispeántas ar TaraScope. Is fearas ilmheáin é TaraScope a chuireann ar chumas grúpaí mac léinn agus iad ag glacadh páirte i gceardlanna ag RCD CIT íomhánna a láimhseáil agus a bhraith ó theileascóp róbatach atá suite in San Francisco, California. Forbraíodh an tionscadal seo mar chuid de thionscnamh idirnáisiúnta idir RCD CIT agus Chabot Space & Science Center, California, d’fhonn an dá láthair a nascadh agus suim a spreagadh ag an am céanna sa réalteolaíocht, eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus sa matamaitic. Agus é á chur i láthair in éineacht le hinstiúidí cáiliúla amhail MIT Media Lab, Georgia Tech, Ollscoil Indiana, Ollscoil Tokyo agus Ollscoil Náisiúnta Singapore, fuair TaraScope ardmholadh ó gach duine a bhí i láthair ag an gcomhdháil de bhrí gurbh é an t-aon saothar fochéime a glacadh.
48. Ghlac an tUachtarán le cuireadh ó Leabharlanna Chontae Chorcaí Taispeántas “Bliain an tSolais” a sheoladh i Leabharlann Chontae Chorcaí ar 2 Feabhra 2015. Chuidigh Lárionad NIMBUS in CIT leis an taispeántas, a chuir an teicneolaíocht agus nuálaíochtaí a bhí forbartha go hacadúil ar taispeáint. Is é seo an chéad taispeántas i sraith imeachtaí atá eagraithe ag Leabharlanna Chontae Chorcaí, agus “Solais” mar théama acu d’fhonn comhroinnt eolais agus smaointeoireacht nuálach thar raon ábhar a chur chun cinn.

49. Thug an Seán Sherlock, TD, Aire Stáit, Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht as Comhoibriú Thuaidh Theas, Tionscnamh agus Forbairt Trádála, cuairt ar IMERC, CNMÉ ar 3 Feabhra 2015. D'iarr sé an cruinniú chun nuashonraí a fháil ar an tionscadal atá ar siúl faoi láthair le IMERC.
50. Sheol Damien English, TD, Aire Scileanna, Taighde & Nuálaíochta Lónra Digiteach Cruthaitheach Chorcaí ar 3 Feabhra 2015 i Lárionad Rubicon, Campas Bhaile an Easpaig.
51. Ar 9 Feabhra 2015 i gCampas Bhaile an Easpaig, shínigh CIT agus Cuntasóirí Cairte Éireann Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i dtaca le hoideachas mic léinn CAP 1 agus CAP 2 (Oilteacht Chuntasóirí Cairte). Bhí mar chuspóir ag an gComhaontú a chinntiú go bhfuil na heilimintí agus na tiomantais chearta i bhfeidhm chun seachadadh seasmhach d'ardcháilíocht a chur ar fáil agus tacaíocht chustaiméara do na mic léinn agus do Chuntasóirí Cairte Éireann araon.
52. Bhí Seachtain Bailigh agus Tabhair (RAG) CIT ar siúl ó 9 go 12 Feabhra 2015. Bhí an-chuid imeachtaí agus gníomhaíochtaí lae agus oíche mar chuid den bhailiúcháin seachtaine agus ghlac an-chuid mac léinn páirt ann ionas gur bailíodh €14,000 ar fad. Ba é príomhthairbhí RAG i mbliana ná "The Fight for Sophie Fund" a cuireadh ar bun chun cóireáil a mhaoiniú le haghaidh Sophie Moore atá ag sracadh leis an ngalar díblitheach Lyme. Gheobhaidh Sophie leath an €14,000 a bailíodh mar phríomhthairbhí na Seachtaine RAG. Go dtí seo, tá €12,000 bailithe ar mhaithe lena cóir leighis idir maidneacha caife, Comórtas Prize Tagging Ernst and Young agus Seachtain RAG. Dáilfear an fuilleach, €7,000 as RAG go hiomlán ar charthanais fhiúntacha amhail Focus Ireland, Age Action Ireland, agus Childline, Corcaigh.
53. Is í CIT an príomh-chomhpháirtí sa tionscadal CoderDojo atá á mhaoiniú ag Erasmus+, a bhfuil mar phríomhaidhmeanna aige scothchleachtas agus foireann uirlisí dhigiteach a fhorbairt do ghluaiseacht CoderDojo. Tá mar aidhm eile ag an tionscadal scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfadh fianaise ar an bhfoghlaim a ghnóthaíonn rannpháirtithe CoderDojo a aithint. Is í CIT an ceannaire pacáiste oibre freisin don chomhpháirt seo den tionscadal. Is lónra domhanda é Coderdojo de chlubanna ríomhchláraithe, a threoraítear ag lucht deonach, atá neamhspleách agus pobalbhunaithe. Foghlaimíonn na daoine óga conas códú a dhéanamh; láithreáin gréasáin, aipeanna agus cluichí a fhorbairt; agus a iniúchán an teicneolaíocht i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil, thacúil agus chruthaitheach. Ar cheann de na bunaitheoirí tá James Whelton a rugadh i gCorcaigh. Is cuí go bhfuil CIT ag treorú an tionscadail seo atá maoinithe ag Erasmus+ anois a chuideoidh le CoderDojo a chur i bhfeidhm laistigh den AE.
54. Ar 12 Feabhra 2015, d'óstaigh CIT imeacht "Is Mian Lion" (a spreagann mná in STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic), a raibh 200 mac léinn idirbhliana i láthair aige. Ba chuid é sin de chúig imeacht a bhí ag tarlú ag an am céanna ar fud na tíre ar a n-áirítear Halla na Cathrach, Fóta, Mala agus Cloich na Caolte, agus is comhpháirtíocht é idir CIT, UCC, IT@Cork, an Cumann Tráchtála agus Comhairle Chathair Chorcaí.
55. Bhí Dinnéar Bliantúil an Ard-Mhéara a d'óstaigh CIT ar siúl ar 12 Feabhra 2015.
56. D'óstaigh CIT Craobhchomórtais Náisiúnta Tréantógála IDFPA le linn na deireadh seachtaine 21 agus 22 Feabhra 2015 in Halla Spóirt CIT. Ba stairiúil an comórtas é seo de bhrí gurbh é an t-imeacht Tréantógála ba mhó a tharla in Éirinn agus ceann de na cinn ba mhó san Eoraip. Le linn an deireadh seachtaine, bhí beagnach 400 lúthchleasaí san iomaíocht sa Ghróigeadh, Ardú ó Bhinse agus Marbhardú. Chomh maith le bheith ag iomaíocht do theidil náisiúnta, bhí an t-imeacht ina cháilíocht freisin d'Fhoireann Náisiúnta na hÉireann do na Craobhchomórtais Dhomhanda 2015 sa RA i Meitheamh.
57. I gcomhar le Club Eachaíochta UCC, d'óstaigh CIT an "Cork Rebel Equestrian Intervarsities" ar 21 agus 22 Feabhra 2015. Bhí an t-imeacht ar siúl i Stáblaí Maryville, Droichead an Mhionnáin. Bhí 78 capall ar fad le fáil chun an t-imeacht seo a réachtáil agus baineadh úsáid as gach capall ceithre huairé.
58. Rinne beagnach 1,500 mac léinn freastal ar an Aonach larchéime bliantúil a réachtáladh in CIT ar 24 Feabhra 2015. Bhí an t-imeacht ceaptha chun cabhrú le feasacht a chruthú ar éagsúlacht na gclár Dochtúireachta agus Máistir atá ar fáil do chéimithe ag CIT agus institiúidí eile ardoideachais. Cuimsíodh 38 seastán ar fad san imeacht. Chuir ionadaithe as cuid mhaith ranna acadúla agus lárionad taighde de chuid CIT deiseanna ar taispeánt i nGnó, Innealtóireacht & Eolaíocht, Daonnachtaí, Ealaín & Dearadh, agus Muirí. Bhí institiúidí agus eagraíochtaí seachtracha as gach cearn d'Éirinn agus an RA i láthair freisin. D'éirigh go han-mhaith leis an Aonach agus fuarthas aischothú dearfach ó bhail foirne, eagraíochtaí agus mic léinn.
59. D'éirigh le tairiscint CIT Clár na Scoile Idirnáisiúnta Samhraidh Ollscoile Spáis 2017 (ISU SSP) a óstú. Meallfaidh an t-imeacht seo a sheasfaidh ar feadh deich seachtain, thart ar 120 rannpháirtí agus 100 léachtóir breise agus baill foirne eile ar feadh tréimhsí ó chúpla lá go seachtain. Cuirfidh an rath seo ar chumas CIT tionscal na heolaíochta spáis atá ag fás a spreagadh agus CIT a bheith mar cheannaire náisiúnta in earnáil atá ag forbairt go domhanda ar ráta sciobtha. Mar mhíniú ar thábhacht an imeachta, beidh an SSP ar siúl in Ohio in

2015 agus in Haifa in 2016. Bhí sé ar siúl in Montreal in 2014, Strasbourg in 2013, Melbourne in 2012, Graz in 2011, agus Strasbourg in 2010.

60. Chuir an tUachtarán fáilte chuig an Institiúid roimh an Ollamh an Dr Ing. Klaus Habermehl agus an Déan an tOllamh W. An Dr Ing. Olfgang Krajewski as Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta in Hochschule Darmstadt ar 27 Feabhra 2015. Tá caidreamh láidir ag CIT leis an Roinn sin ó 1994 a raibh malartuithe mic léinn agus ball foirne i gceist leis. Tugadh ar thuras CNMÉ iad.
61. Bhí Seachtain na Nuálaíochta 2015 ar siúl ó 9 go 13 Márta 2015. Bhí cúrsaí Fiontraíochta agus Nuálaíochta i lar báire agus sraith imeachtaí a sheas ar feadh seachtaine a bhí ar siúl i ngach ceann de na cúig champas de chuid CIT, ar a n-áirítear RCD CIT. Ar cheann de na príomhimeachtaí bhí Duais CIT don Nuálaíocht, arbh fhiú €10,000 í, a bhí urraithe ag Oifigí Fiontair Áitiúla (Corcaigh). Fógraíodh Fiontraí CIT na Bliana ag an Searmanas Bronnta, agus thug Andrew Murphy, Céimí de chuid CIT agus POF Sláinte Healthcare an príomhathasc ar 13 Márta 2015.
62. Mar chuid de Sheachtain na Nuálaíochta, reáchtáil an Scoil Ghnó comórtas **APP**rentice arís. Iarraidh ar na mic léinn a gcuid smaointe a chur isteach le haghaidh aip fóin chliste. I mbliana, tugadh cuireadh do na mic léinn de chuid na Scéime Dul Chun Cinn na gColáistí Corcaíochta (Coláiste Stiofán Naofa, Lár-Choláiste Naomh Eoin, Coláiste Tráchtála Chorcaí, Coláiste Breis-Oideachais Chionn tSáile, agus Coláiste na Cathrach Thuaidh páirt a ghlacadh ann.
63. Bhí Máistir-rang Seirbhíse Dearaidh ar siúl i nDánlann Ché Wandersford CIT ar 10 Márta 2015. Rinne Irish Design 2015 páirtmhaoiniú ar an tionscadal seo i gcomhar le CIT. D'éirigh leis an Institiúid maoiniú a mhealladh as glaonna céad bhabhta. Chuir an Máistir-rang deis ar fáil do mheantóirí agus cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta Seirbhíse Dearaidh a chur ar taispeánt i roinnt disciplíní, ar a n-áirítear earnáil na baincúireachta, leighis, margaióchta agus phoiblí. Chuir sé ar taispeánt CIT freisin agus í ag baint úsáide as an gcur chuige nuálach i dtionscadail mic léinn-threoirithe, a thugann aitheantas don MSc nua i nGnó Idirnáisiúnta atá le tosú i Meán Fómhair 2015. Tionólann Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann Irish Design 2015 (ID2015), i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar son na Roinne Post, Fiontar & Nuálaíochta, na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Fiontar Éireann.
64. Ar achainí ó Phlean Gníomhaíochta Post Réigiún an Iar-Dheiscirt, d'óstaigh CIT cruinniú den Fhoireann Seachadta Tionscadail do Réigiún an Iar-Dheiscirt ar 23 Márta 2015. Fuarthas an chéad achainí ón Aire Post, Fiontar & nualaíochta, Richard Bruton, TD. D'fhógair an Rialtas le déanaí go ndéanfar an Plean Gníomhaíochta Post i mbliana do na réigiúin go léir in Éirinn. Tá an tAire Bruton ag treorú iarracht seo an Rialtais chun breis fáis agus cruthú post a spreagadh i ngach Réigiún.
65. Ar 23 Márta 2015, chuir an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha fáilte chuig an Institiúid roimh an Ollamh Abu Bakar Bin sade, Dámh Ghnó & Eolaíochta Faisnéise, Ollscoil UCSI, an Mhalaeisia. Tugadh forléargas dó ar an Institiúid, forbhreathnú ar Lárionad Rubicon agus a chuid oibríochtaí, agus bhuaill sé le Grúpaí éagsúla Taighde amhail Lárionaid CAPP, MEDIC, agus TEC. Tugadh turas Lárionaid Rubicon, NIMBUS agus TEC dó agus turas RCD CIT. Bhí sé an-sasta leis an bhfáilte a cuireadh roimhe in CIT. Gheall sé do CIT go raibh UCSI tiomanta d'oibriú trí na réimsí féideartha comhoibrithe a bhí pléite. Ghlac sé buíochas le CIT freisin as an litir aitheantais a tugadh do UCSI as glacadh le mic léinn sa Bhunús in Ealaíona agus an Bunús in Eolaíocht de chuid UCSI le haghaidh iontrála isteach sna cláir ábhartha fochéime in CIT.
- Tabharfaidh sé sin deiseanna go leor do mhic léinn de chuid Company Secretaries of India (ICSI) Foundation a gcuid staidéir a dhéanamh in Éirinn.
66. Mar chuid den 12ú Seachtain um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil a reáchtáladh i gCorcaigh ó 23 go 29 Márta 2015, d'óstaigh CIT roinnt imeachtaí i rith na seachtaine a raibh mar thoradh orthu gur tháinig na céadta duine chun an champais chun páirt a ghlacadh i seisiún faisnéise, turasanna, imeachtaí spóirt, léirithe ceoil 7 rl.
67. I gcomhar le hOideachas in Éirinn agus na nIIT, tugadh cuireadh chuig Éirinn d'ionadaithe Colleges Ontario. Bhí mar aidhm leis an turas sin "Seaimpíní" den Chomhaontú CO-IIT a dhéanamh de na hionadaithe coláiste seo le súil is go leanfaidh siad den chomhaontú a chur chun cinn do na mic léinn agus iad a spreagadh chun a gcuid céimeanna a chur i gcrích in Éirinn. Mar chuid dá gcuairt ar institiúidí eile, chuir an tUachtarán fáilte roimh thoscaireacht a thug cuairt ar CIT ar 25 Márta 2015. Faoi láthair tá 9 mac léinn as Coláistí Ontario deimhnithe le bheith in CIT i Meán Fómhair seo chugainn le haghaidh céim a chur i gcrích. Deis mhaith a bhí

ann an caidreamh atá ann a fhorbairt tuilleadh agus caidreamh nua a chruthú le coláistí nach ndearnamar obair i gcomhar leo go fóill.

68. Bhí Bronnadh Gradaim Chumainn & Gníomhaíochtaí Mic Léinn 2015 CIT ar siúl ar 25 Márta 2015. Bhronn an Clárúitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla sé Ghradam Cumainn agus seacht nGradam aonair. Thug an t-aoidhainteoir, Joanne O’Riordan, aitheasc spreagúil do na mic léinn faoi conas gan ligean do na bacainní a choinníonn siar iad bac a chur orthu agus iad ag iarraidh sprioc a bhaint amach. Bhí 160 mac léinn agus ball foirne i láthair ag an imeacht a raibh súil mhór leis.
69. Bhí Ócáid Scoir ar siúl do na baill foirne a chuaigh ar pinsean ó Lúnasa 2013 go Meán Fómhair 2014 ar 27 Márta 2015.
70. Is é CNMÉ an príomh-chomhpháirtí i seachadadh chéad Lárionad Oiliúna Marthanachta san Fharrage Amuigh de chuid na nOileán Canárach. Reáchtáladh searmanas chun an chomhpháirtíocht a chomórath in Las Palmas ar 27 Márta 2015 arna óstú ag Conor Mowlds, Ceann CNMÉ, agus an tAire Spáinneach Tionsclaíochta, Fuinnimh agus Turasóireachta, José Manuel Soria i láthair, chomh maith le Consal Onórach na hÉireann in Gran Canaria, Víctor Aúz Castro. Ta CNMÉ agus SEFtec, ar cheann de na príomhsholáthróirí trealaimh ionsamhlaithe agus comhairleoireachta tacaíochta oiliúna, agus tá siad ar na príomhchomhairleoirí agus déantúsóirí le haghaidh dearadh, déantúsaíocht, forbairt agus oibriú Lárionad Oiliúna Grupo Stier in Las Palmas. Cuireadh saineolas ó CNMÉ agus SEFtec le chéile chun tacú le forbairt agus oibriú an lárionaid seo agus anois aithnítear ina gceannairí domhanda san earnáil iad.
71. Bhí Taispeántais & Gradaim Chlár Forbartha Fiontraí New Frontiers ar siúl in CIT ar 13 Aibreán 2015. Críochnú Céimeanna 2 agus 3 den Chlár New Frontiers a bhí san imeacht arna mhaoiniú ag FÉ, a dhéantar a sheachadadh i Lárionad Rubicon CIT. Chuir tionscnóirí an 12 thionscadal nua a ngnólachtaí i bhfeirann poiblí agus bronnadh teastais orthu uile chun a n-éacht ar chríochnú dóibh an dianchlár ar cuireadh tús leis i Meitheamh 2014 a shonrú. Ba é an príomhchainteoir ag an imeacht ná Simon Coveney, TD, Aire Talmhaíochta, Bia & Muirí agus Cosanta a bhronn na teastais freisin. Mheall an t-imeacht de thart ar 200 duine a tháinig as na hearnálacha poiblí agus príobháideach.
72. Tá CIT i mbun a cuid taighde agus cornartha a leathadh go bríomhar isteach i raon leathan réigiún Eorpach. Bronnadh tionscadal suntasach ar an Institiúid chun bealach turasóireachta muirí nua a fhorbairt idir Corcaigh agus limistéar an Chiorcail Arctach den Iorua. Maoiníonn an Clár um Imeall Thuaidh agus Arctach Interreg VP (NPA) an tionscadal trasnáisiúnta a thugann aghaidh ar fhorbairt trasnáisiúnta nuálaíochta, fiontair agus fiontraíocht thar na limistéir chlaire a chuimsíonn Éire Theas agus Thiar, Tuaisceart na hÉireann, Albain Thiar agus Thuaidh, Oileáin Fharó, an Iorua Thiar, an Íoslainn agus an Ghraonlainn. Fuair CIT maoiniú don tionscadal dar luach €1.26 milliún chun bealach comhordaithe cúrsála luaimh, a shíneann feadh chósta an NPA. Faomhadh an tionscadal dar teideal “Ag Cúrsáil Aigéan ar Domhanleithead 51^o Thuaidh” – An Bealach Fionnuar” ag an gClár Interreg NPA agus déanfaidh sé taighde ar an bpleanáil lóistíochtúil, gnó agus margaíochta go léir don bhealach, a thabharfaidh tacaíocht do thionscnaimh eile turasóireachta comhlántacha muirí agus cladach-bhunaithe sna réigiúin eatarthu feadh an bhealaigh. Tharla an chéad Chruinniú Tionscnaimh den Choiste Stiúrtha do thionscadal an Bhealaigh Fhionnuair in CIT ar 14 Aibreán 2015 agus tá beartaithe comhráite leathana a fhorbairt agus dlúth-rannpháirtíocht leis na soláthróirí seirbhíse go léir, leis na páirtithe leasmhara turasóireachta, agus le páirtithe leasmhara eile. Seoladh an tionscadal go hoifigiúil ar 15 Aibreán 2015.
73. D’oscail Simon Coveney, TD, Aire Talmhaíochta, Bia & na Mara agus Cosanta Scifest 2015 go hoifigiúil ag CIT ar 17 Aibreán 2015. Is féile náisiúnta eolaíochta é Scifest a eagraítear go réigiúnach i gcomhar leis na hinstitiúidí teicneolaíochta agus atá ar oscailt do gach scoil dara leibhéal. Cruthaíodh é chun fóram breise a chur ar fáil do na mic léinn le torthaí a gcuid imscrúduithe eolaíochta a chur ar fáil agus a thaispeáint, tar éis rath taispeántais Eolaí Óig agus Teicneolaíocht BT atá ar siúl go han-rathúil ar feadh daichead bliain. Tugann an t-imeacht, atá anois san 8ú bliain ag CIT, deis do na mic léinn as scoileanna dara leibhéal thart timpeall ar Chorcaigh a saineolas eolaíochta a thaispeáint. Ghlac breis is 300 mac léinn páirt, mar dhaoine aonair nó i dtionscadaíil ghrúpa as 26 scoil difriúil i gcathair agus contae Chorcaí. Cuireadh 136 tionscadal difriúil ar fad ar thaispeáint, thar na ndisciplíní Eolaíochtaí Beatha, Eolaíochtaí Fisiceacha, agus Teicneolaíocht agus ag trí leibhéal, Sóisearach, Idirmeánach agus Sinsearach.
74. D’óstaigh CIMA Éireann Ceantar an Deiscirt, i gcomhpháirtíocht le CIT, a gcomhdháil cheannaireachta Chartered Global Management Accountant (CGMA) lena seachadadh i gCorcaigh ar 18 Aibreán 2015 in CIT. Thug EMC urraíocht don chomhdháil agus phléigh siad ó thaobh ghnó na hÉireann de na conclúidí in dhá thuarascáil CGMA atá foilsithe le déanaí dírithe ar “Olltíomsú Sonraí”, “From Insight to Impact” agus “Readying Business for the Big Data Revolution”. Rinne ionadaithe sinsearach a ó na páirtithe leasmhara go

léir a bhaineann leis an díospóireacht ar “Olltíomsú Sonraí” in Éirinn a gcuid tuairimí a chomhroinnt ar cad faoi é go léir; cad iad na buntáistí féidearthachta do ghnólachtaí in Éirinn; cén úsáid go díreach a bhaineann gnólachtaí Éireannacha as; na cumais is gá a fhorbairt ag gnólachtaí le go mnbainfidh siad leas as na deiseanna atá ag teacht chun cinn; agus na scileanna is gá dóibh a fhorbairt.

75. Bhí Craobh na Mumhan de MATHletes ar siúl in CIT ar 18 Aibreán 2015. Thart ar 150 mac léinn bunscoile agus iarbhunscoile a bhí i láthair, sa raon aoise ón 4ú rang go dtí an 5ú bliain. Is turnaimint saor in aisce é Dúshlán MATHletes atá ceaptha athrú ó bhun a chur ar ar conas a dhéanaimid Matamaitic a theagasc agus a fhoghlaim in Éirinn le hAcadamh Khan. Bhí Seán O’Sullivan Uas. fiontraí, aireagóir agus infheisteoir i láthair. Is é an cháil is mó atá air go ndearna sé Mapinfo Corporation a chomhbhunú a chuir tús leis an móréileamh ar mhapáí sráide ar ríomhairí agus gur cruthaigh an téarma “Cloud Computing”.
76. Rinne Oifig Alumni CIT GradFest 2015 a phíolótú, féile a dhéanann ár gcuid mac léinn a bheidh go luath ina gcéimithe a cheiliúradh agus a chuir ar fáil dóibh gach a bhí ar eolas faoin mbronnadh céime a bhí ag teastáil, le linn dóibh fós a bheith ag smaoineamh mar a bheadh mic léinn. Reáchtáladh GradFest i gcomhar le hAmbasadóirí Alumni CIT, Oifig Ealaíon CIT agus Aontas Mac Léinn CIT. Bhí an fhéile ar siúl ar 22 Aibreán 2015.
77. Bhí Tráthnóna Bliantúil Faisnéise um Iarratas LOI CIT ar siúl ar 22 Aibreán 2015. Agus é sa cheathrú bliain dó, bhí sé dírithe ar mhic léinn Ardteistiméireachta a chuir isteach ar chúrsaí CIT ina bhfoirm iarratais LOI agus ar mhic léinn freisin a d’fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar an rogha “Athrú Intinne”. Fuair na mic léinn ar cuairt deis níos mó eolais a fháil faoi chláir chéime, rinne siad turas an champais agus na saoráidí, fuair eolas ar dheontais agus cóiríocht mhic léinn chomh maith le saol an mhic léinn in CIT.
78. Rinne an Dr Jennifer Brennan, Comhairleoir Eorpach National Contact Point (NCP) Marie Sklodska-Curie Actions agus Toscaire Náisiúnta, Excellent Science Pillar san IUA láithreoireacht agus d’óstaigh seisiún C & F ar 23 Aibreán 2015 i Seomra Seimineáir NIMBUS. Is Clár Maoinithe de chuid Choimisiún na hEorpa é Gníomhaíochtaí Marie Sklodska-Curie a thugann tacaíocht do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha, thar gach disciplín taighde agus i ngach earnáil fostaíochta. Cinntíonn sé freisin oiliúint taighde ar fheabhas agus nuálach chomh maith le forbairt mhealltach gairme agus deiseanna chun eolas a mhalartú trí shoghluaiasteacht trasteorann agus trasearnála thaighdeoirí, d’fhonn iad a ullmhú níos fearr do dhúshlán reatha agus sa todhchaí sa tsochaí. Oibríonn an IUA agus Comhairle Taighde na hÉireann, a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil chun iarratais ar mhaoiniú a réiteach agus bainistiú gradam le haghaidh thaighdeoirí aonair atá ag lorg comhaltachta, príomhimscrúdaitheoirí ag iarraidh líonra taighde Eorpach a thógáil, nó eagraíochtaí atá ag iarraidh a gcumas taighde a fhorbairt i gcomhar.
79. Reáchtáil Aonad Margaíochta CIT “Lá Taithí CIT” le haghaidh mac léinn idirbhliana ar 23 Aibreán 2015. Thug breis is 2,000 mac léinn cuairt ar CIT as 25 scoil ó chathair agus contae Chorcaí. Bhí seastáin idirghníomhacha ag ranna as gach cuid den Institiúid chun dul i ngleic leis na mic léinn. Bhí baill foirne agus mic léinn ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt agus fuair na mic léinn deis freisin leas a bhaint as turas Campais agus as láithreoireacht ghinearálta faoi CIT.
80. D’éirigh le Lárionad NIMBUS dhá thionscadal Horizon 2020 a ghnóthachtáil san ICT sa ghlaó 2015 le haghaidh Foirgneamh atá éifeachtach ó thaobh Fuinnimh de. Tá an maoiniú gar do €1.5m aguscuideoidh sé sin chun an taighde a neartú atá ar siúl in NIMBUS agus CIT ar an topaic Foirgnimh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de.
81. Fuair an MSc i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil an gradam “Cúrsa larchéime na Bliana – Eolaíocht” ag gradaim GradIreland a reáchtáladh i dteach an Ard-Mhéara ar 30 Aibreán 2015. Is éacht ar leith é seo agus leibhéal na hiomaíochta á chur san áireamh agus cláir ar an ngearrliosta as earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus na nOllscoileanna.
82. Ghnóthaigh an Oifig Alumni agus an tSeirbhís Gairmeacha Gradam Airgid na hInfhostaitheachta AHECS ag searmanas Gradaim GradIreland do Chlár Comh-mheantóireachta CIT. Tá mar aidhm ag an gclár seo mic léinn reatha a mheaitseáil le lucht gairmiúil (is céimithe CIT a bhformhór), as raon leathan earnálacha chun taithí gnó, eolas, saineolas agus comhairle ghairme a mhalartú. Déanann Oifig Alumni CIT agus an tSeirbhís Ghairmeacha CIT comhéascaíocht air.
83. Ar 4 Bealtaine 2015, fuair an Institiúid nuacht iontach dá héiceachóras nuálaíochta. Tá Stephen Collins, Juan Martinez agus Kevin O’Mahony ó Lárionad NIMBUS tar éis a bheith ag obair ar theicneolaíocht nua teagmháil-bhunaithe deisce scoile atá an-nuálach, ar mhaoinigh FÉ a forbairt. Tá tosaithe acu ar an ngníomhaíocht a seachligeam amach i ngnólacht thosaithe ar a dtugtar “Tip Tap Tap”. Tá “Tip Tap Tap” curtha ar an ngearrliosta le haghaidh Tosú Gnólachta Teic na Bliana 2015 in Éirinn. Eascaíonn sé sin as a bheith

roghnaithe mar cheann de dhá chuideachta Éireannacha amháin a bhfuil seans acu a bheith roghnaithe mar Thosú Gnólachta Teic na Bliana 2015 in Las Vegas ar 6 Bealtaine.

84. chuir an tUachtarán fáilte roimh an Dr John Bowen, Seansailéar Ollscoil Johnson and Wales in Providence, Rhode Island chuig an Institiúid ar 5 Bealtaine 2015. Is ollscoil cheithre champas í Ollscoil Johnson and Wales agus lánmhéid clárúcháin aici de thart ar 12,000, agus meastar í a bheith ar cheann de na príomhcholáistí cócaireachta i SAM.
Ba é aidhm a chuairte ná bualadh le baill foirne sa Roinn Turasóireachta & Fáilteachais d'fhonn an caidreamh atá ann faoi láthair a thógáil agus a fhorbairt ar leibhéal níos foirmiúla. Tugadh forléargas dó ar ghníomhaíochtaí na roinne agus thug sé cuairt ar ranganna a bhí ar siúl.
85. Chuir an tUachtarán mar aon le Niall O'Neill Uas., Uachtarán Cumann Ealaíne Maclise, fáilte roimh Uachtarán na hÉireann, Micheál Ó hUiginn Uas. agus a bhean Sabina Higgins Uas. chuig CSC CIT ar 7 Bealtaine 2015. Ghlac an tUachtarán le cuireadh ó Chumann Ealaíne Maclise agus thug cuairt ar a dTaispeántas a bhí á reáchtáil ar shlí dála an Bhunurláir i gCSC CIT.
86. Fuair Campas Leathnaithe CIT maoiniú ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama chun imeacht dar teideal "Valuing Learning gained in different contexts" a óstú. Bhí an t-meacht ar siúl ar 12 Bealtaine 2015. Tháinig an lucht freastail go príomha as institiúidí breis-agus ardoideachais chomh maith le hionadaithe fostóra a rinne iniúchadh ar nádúr na foghlama agus ar éagsúlacht na gcomhthéacsanna inar féidir teacht ar an bhfoghlaim.
87. Ar 12 Bealtaine 2015, d'óstaigh roinnt grúpaí bliana as Cláir Oideachas Luathóige agus Montessori laistigh den Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige Mór-Oscailt imeacht Gala "The Wizard of Oz". Imeacht cuimsitheach 10-lá a bhí ann a raibh san áireamh ann léiriú cláir, taispeántas ealaíne, agus Ceant ar mhaithe le Carthanacht le haghaidh píosaí ealaíne. Bhí leanaí agus múinteoirí i láthair ag an Mór-Oscailt as suíomhanna Luathóige agus Bunscoileanna ar tugadh cuireadh dóibh taitneamh a bhaint as léirmhíniú na mac léinn ar an gceoldráma clasaiceach buan seo. Bhí an t-éileamh ar an seó chomh mór sin gur socraíodh dhá léiriú breise a chur ar siúl droim-le-droim chun freastal ar an éileamh mór. Tugadh léirithe ealaíne agus greannmhara iontacha don 260 leanbh agus múinteoirí a bhí i láthair. Ba bhuaic é an léiriú ina iomláine ar an modúl teagaisc (Léiriú Amharclainne), áit ar cuireadh ar a súile do na mic léinn cuid mhaith gnéithe praiticiúla den Léiriú agus Ealaín san Amharclannaíocht; idir sheiftiú, chruthú carachtair, thaibhiú go dearadh radharcra/feistis agus insint scéalta trí mheán scáil-phuipeadóireachta agus beochan íomhá ar íomhá. Tugadh fáiltas an cheant a bhí ar siúl ag imeacht carthanachta in CIT ar 14 Bealtaine don "Fight Back for Sophie Campaign".
88. Ar 13 Bealtaine 2015, d'fhógair Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsaíochta Scoláireacht tionscnaimh CIT-ABBOTT le haghaidh mac léinn an BEng Onóracha in Innealtóireacht Mheicniuil ó Mheán Fómhair 2015. Breathnaíonn an Roinn air seo mar aitheantas breise ar chaighdeán a cuid céimithe a fuair BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniuil le blianta fada. Is fianaise freisin é ar dhíograis, gairmiúlacht agus cáilíocht na foirne teicniúla, riaracháin agus léachtóireachta sa Roinn agus ar fud na hInstitiúide a leanann den chlár seo i bhfeidhm.
89. Thug an clár de chuid CIT Obair Dheonach Thar Lear tacaíocht do 11 mhac léinn a rinne obair dheonach in Bangalore na hIndia, Kolkata na hIndia, Ho Chi Minh Vietnam, Chiang Mai na Téalainne agus Mozambique. Leanann an clár de bheith ag tacú le mic léinn as leithead speictream CIT le cúrsaí agus blianta éagsúla. Déantar é a pháirtmhaoiniú ag an mbrabús a dhéantar as imeachtaí Damhsa Dinnéir na gCumann a bhíonn ar siúl gach bliain i Seimeastar 2. Ba iad na mic léinn:

David Whitehead	Innealtóireacht Mheicniuil Bliain 3	Bangalore India
Donna Rose	Mínealaín Bliain 2	Chiang Mai Thailand
Hallie Morrison	Máistir Ealaíon i bPróiseas Cruthaitheach	Chiang Mai Thailand
Linda Young	Mínealaín Bliain 3	Chiang Mai Thailand
Liz Buckley	Cúram Sóisialta Bliain 2	Ho Chi Minh Vietnam
Joy Mulcahy	Staidéar Amharclainne & Drámaíochta Bliain 3	Ho Chi Minh Vietnam
Orla Sheehy	Oideachas Luathóige Bliain 1	Ho Chi Minh Vietnam

Riona O'Regan	Mínealaín Bliain 4	Chiang Mai Thailand
Adam Tobin	Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht Bliain 3	Kolkata India
Fionnghuala Feeney	Oideachas Luathóige Bliain 2	Kolkata India
James Dooley	Innealtóireacht Mheicniuil Bliain 1	Mozambique

Ina iomláine, thug na mic léinn 63 seachtain d'obair dheonach do phobail agus bhain a gcuid oibre le feidhmiú i dtionscadail éagsúla sna réimsí: oideachas, ealaín, múinteoireacht, leas, timpeallacht, cumasú ban agus forbairt pobail.

90. D'éagraigh Alumni CIT Cruinniú Alumni CIT in Vancouver, Ceanada ar 5 Meitheamh 2015. Bhí Matt Cotterell, Ceann na Scoile Innealtóireachta Meicniúla agus Próisis i láthair chun fáilte a chur roimh Alumni CIT chuig an imeacht.
91. D'óstáigh an Institiúid imeacht an 91ú Lúthchleasa tBliantúla Bhunscoileanna Chorcaí ar 10 Meitheamh 2015. Bhí sé sin ar cheann de na himeachtaí spóirt ba mhó don óige, ní amháin in Éirinn, ach san Eoraip, agus bhí sé ar siúl ar an Raon Lúthchleasaíochta agus sa Staidiam Spóirt in CIT. D'aontaigh CIT an imeacht mórsála seo a óstú ar son Lúthchleasa Bhunscoileanna Chorcaí le linn do Pháirc Uí Chaoimh, an ghnáthionad, a bheith á forbairt. Ghlac níos mó ná 6,000 leanbh as bunscoileanna ó gach cearn den chontae páirt ann agus d'éirigh go hiontach leis an imeacht a gcuimhneoidh na leanaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí a raibh baint acu le himeachtaí an lae air.
92. Rinne an tUachtarán freastal ar shíniú Meamram Tuisceana ar Chorcaigh mar Chathair na Foghlama ar 12 Meitheamh 2015. Mar chuid de thogra Cathair na Foghlama, moladh go síneadh Comhairle Chathair Chorcaí, CETB agus UCC an MT. Is é atá mar chuspóir ná a thaispeáint go poiblí tiomantas d'oibriú le chéile chun cuspóirí an tionscadail uailmhianaigh seo a bhaint amach agus sa deireadh scileanna agus caipiteal daonna a fheabhsú sa chathair. Is iad seo a leanas a shínigh an MT:
- (i) Ardmhéara Ró-Onórach Chorcaí, an Comh. Mary Shields
 - (ii) Uachtarán CIT
 - (iii) Uachtarán UCC
 - (iv) Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.
93. Tá Lárionad CAPPa ag obair i gcomhar le cuideachta tosaigh atá bunaithe i gCorcaigh, Hydrolight, agus iad ag iniúchadh na féidearthachta a bhaineann le trealamh cliste diagnóiseach a thabhairt isteach sa réimse. Chomh maith le roinnt maoiniú breise díreach tá an príomhobair thionscadail á maoiniú tríd an scéim chomhpháirtíochta Innovation EI-Eexpress. Foilsíodh eolas faoin obair seo agus eolas eile sa Rannóg Nuálaíochta den Irish Times ar 15 Meitheamh 2015. Tá comhghleacaithe i NIMBUS gafa leis an obair seo freisin agus is sampla maith é de conas is féidir le taighde comhoibritheach smaointe cliste a mhealladh agus a fhorbairt.
94. Ghlac an tUachtarán le cuireadh ó Leas-Uachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta EMC Ireland, Bob Savage Uas., chuig seoladh Infinite Industrial Innovation, ardán ceannródaíoch "Idirlíon na nEarraí" agus an chéad leaba tástála san Eoraip atá faofa ag an gCuibhreannas Idirlín Tionsclaíoch ar mhórsála a bhí ar siúl san Iarsmalainn Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath ar 16 Meitheamh 2015. Thacaigh Airí Sinsearacha Rialtais agus ceannairí mórghnólachtaí – Anne O'Leary Uas., POF Vodafone Ireland agus Richard Foley, POF IIC. Labhair Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta leis an gcrúinniú.
95. Chuir FÉ in iúl don Institiúid go raibh a haighneacht "Innovative and New Product Multi-Disciplinary Product Development Laboratories - Engineering an Undergraduate Innovation Eco-System", atá aitheanta ag Abbott Ireland, roghnaithe mar Ainmniúchán Náisiúnta do Choimisiún na hEorpa le haghaidh an ghradaim Chur Chun Cinn na Fiontraíochta 2015 faoin gcatagóir "Spiorad na Fiontraíochta á Chur Chun Cinn". Sainaithníonn agus aithníonn na Gradaim Eorpacha um Chur Chun Cinn Fiontraíochta na tionscnóirí fiontar agus fiontraíochta is rathúla ar fud na hEorpa, taispeánann siad na polasaithe agus na cleachtais fiontraíochta is fearr, cruthaíonn feasacht ar luach breise na fiontraíochta, agus spreagann fiontraithe féideartha. Cuireadh an aighneacht ar aghaidh ar 18 Meitheamh 2015 chuig an gCoimisiún Eorpach ag Elto agus déanfar an chéim Eorpach den meastóireacht ag painéal meastóirí oirirce le linn na míonna seo romhainn. Fógrófar Buaiteoirí Catagóire na nGradam Cur Chun Cinn na Fiontraíochta agus Mór-Dhuais Fhoriomlán Choiste an Ghiúiré ag Searmanas Gradaim d'ardphróifíl i Lucsamburg i Samhain 2015 mar chuid de Sheachtain SNW na hEorpa.

96. Bhí an tUachtarán i láthair ag Gradaim thionscnaimh an Tionscail Mhuirí tráthnóna an 18 Meitheamh 2015 ag Óstán Ballsbridge i mBaile Átha Cliath. Bhí CNMÉ ina bpatrúin ar an imeacht seo agus thug an tráthnóna deis don tionscal aitheantas a thabhairt d'iarachtaí agus d'éachtaí na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí atá ag obair san earnáil. Ba é an tAire Simon Coveney an príomhchainteoir.

97. Thug Seán Sherlock, TD, Aire Stáit d'Fhorbairt, Trádáil agus Comhoibriú Thuaidh-Theas ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha cuairt ar urspás CEDC CIT Cé Uí Shúilleabháin ar 19 Meitheamh 2015. Sheol sé foireann uirlisí le haghaidh Cruthaitheachta agus Athraithe a forbraíodh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí éagsúla sa réimse le linn na mblianta beaga seo caite. Fuair CEDC Cit níos mó ná €100k i maoiniú ó Chúnamh Éireann le linn an ama sin.

Cuimsíonn Cruthaíocht agus Athrú roinnt clar le haghaidh ealaíontóirí, oideachasóirí agus oibríthe deonacha a bhíonn i dteagmháil le foghlaimoirí agus pobail agus ar mhian leo dearcadh domhanda a chur ar a gcuid oibre agus a bhfuil spéis acu i mbealaí cruthaitheacha chun é sin a dhéanamh.

98. Thug an tAire Ceanadach Cirt agus Ard-Aighne, Peter Gordon MacKay Uas. cuairt ar CNMÉ ar 23 Meitheamh 2015 ar thuras na saoráide. Ina theannta bhí:

- Ambasadóir Cheanada go hÉirinn, Kevin Vickers Uas
- Marian Fernet Uas., Ceann Foirne Chirt, Ceanada
- Michelle Douglas Uas., Stiúrthóir, Caidreamh Idirnáisiúnta Chirt, Ceanada
- Jackie Ellis Uas. Ambasáid Cheanada

Cuairt chúirtéise a bhí ann.

99. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó Damien English, TD, Aire Stáit sa Roinn Oideachais & Scileanna agus sa Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta le freagracht speisialta as Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht chuig Lárionad Rubicon ar 9 Iúil 2015 ag seoladh an chéad Chlár "Pas Scileanna Nuálaíochta & Fiontraíochta". Is clár oiliúna é seo a bheidh á reachtáil in CIT.

100. Tar éis seoladh an Phlean Gníomhaíochta don Réigiún Thiar Theas, thug Richard Bruton, TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cuairt ar Lárionad Rubicon ar 10 Iúil 2015 chun bualadh le Cuideachtaí Tosaithe.

101. Bhí an tUachtarán i láthair ag an 2ú Comhdháil Bhliantúil ar Harnessing Our Ocean Wealth (HOOW) ar 10 Iúil 2015 ag Foirgneamh Beaufort IMERC/CNMÉ/MaREI, Rinn an Scidígh. Is cuid í comhdháil HOOW den chlár oibre náisiúnta a bhaineann leis an gcumas a fheabhsú a bhfuil baint aige le forbairt geilleagar muirí na hÉireann a fhorbairt. Imeacht dhá lá a bheidh sa chomhdháil i mbliana, ar a n-áirítear aonach trádála, cruinniú infheistear, gníomhaíocht ar uisce agus diminsean poiblí. Beidh sí lárnaíthe thart timpeall ar Bhraisle IMERC i Rinn an Scidígh, agus deis mhaith agus uathúil á cruthú chun CNMÉ, Beaufort, MaREI, an tSeirbhís Chabhlaigh, comhpháirtithe tionscail, srl a thaispeáint.

102. Ar achainí ó Ambasadóir Mheicsiceo go hÉirinn, Carlos de Alba, d'óstaigh Ambasáid Mheicsiceo ceadal le Horacio Franco (Fliúirt Shasanach) agus Santiago Álvarez (cruitchlár Baroque) in Halla Curtis de chuid CSC CIT ar 16 Iúil 2015.

103. Chuir CIT tús le Campa Fiontair ar 17 Lúnasa 2015 a bhí dírithe ar mhic léinn na sraithe sóisearaí i scoileanna dara leibhéal a rinne scrúdú ar an bhfiontraíocht agus ar a ngnólacht féin a thosnú mar ghairm sa todhchái. Bhí an Campa ar siúl i Lárionad Rubicon agus roghnaíodh 25 mac léinn go randamach as scoileanna i gcathair agus contae Chorcaí. D'éirigh go hiontach leis an gCampa Fiontair atá anois sa cheathrú bliain dó. Deis bhreá a bhí ann Campas Bhaile an Easpaig, Lárionad Rubicon agus an timpeallacht fhiontraíoch atá in CIT a chur ar taispeáint. Tá sé soiléir gur bhain na mic léinn taitneamh as an eispéaras ón aischothú agus na rphoist a fuarthas.

104. Bhí Lá Cultúir Aontas na hÉimíreachtaí Arabacha de chuid Choláiste Béarla Chorcaí ar siúl in CIT ar 18 Lúnasa 2015. Is imeacht é an Lá Cultúir a thugann deis do na mic léinn ar cuairt ó A.É.A ar Chorcaigh a gcuid cultúir agus a gcuid imrisean de Chorcaigh agus ar fud na hÉireann a fuair siad a léiriú. Bhí Ard mhéara Ró-Onórach Chorcaí, an Comh. Chris O'Leary, Attaché d'Amasáid A.É.A, Khalid Alnuami, teilifís Abu Dhabi agus ionadaithe ó CIT i láthair.

7.2 Forbairt Champais

1. AIRÉANA CIT



Cur Síos:

Tá an foirgneamh ilchuspóireach Airéana CIT lena úsáid le haghaidh 3 príomhfheidhm: spórt agus folláine; ealaín agus cultúr; acadúil/oideachas. Tá an foirgneamh atá beartaithe 3350m cr agus cuimsíonn sé halla 8 gcúirt iomlána spóirt; giom iomlán carda/meáchana; saoráidí athraithe éadaí; agus roinnt seomraí ilfheidhmeacha/tionscadail.

Stádas an Tionscadail:

Tá Céim 1 (Réamhdhearadh) agus Céim 2a (Sceitse Dearadh Forbartha) curtha i gcrích. Tá curtha isteach ar Chead Pleanála, Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus Teastas Rochtana Míchumais; cinntí le fáil um Nollaig 2015.

2. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN - CÉIM 4 – IAROIFIGI TYCO



Cur Síos:

Is éard atá san obair ná athchóiriú ar an gcéad urlár d'iaroifigi Tyco (Seirbhísí IT) i bhFoirgneamh Melbourn agus oifig amháin ar an mbunurlár (Oifig AD). Is é an t-achar iomlán atá le cóiriú ar an dá urlár ná 420mcr.

Stádas an Tionscadail:

I mbun tógála. Cuireadh staidéar féidearthachta le leaganacha amach agus réamhbhuiséad ar chostais i láthair i bhFeabhra 2015; cuireadh tús leis an obair ar an suíomh i mí Iúil 2015. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe i nDeireadh Fómhair 2015.

3. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN – CÉIM 5 – FEISTIÚ BUNURLÁIR



Cur Síos:

Is é ata sa tionscadal ná an bunurlár a fheistiú (taobh theas) d'fhoirgneamh Melbourn. Is é an t-achar iomlán ná 600mcr.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh staidéar féidearthachta le leaganacha amach agus réamhbhuiséad ar chostais agus clár i láthair i bhFeabhra 2015.

Ta an tionscadal ar feitheamh.

4. 46 SRÁID AN CHAPAILL BHUÍ



Cur Síos:

Cheannaigh CIT Sráid an Chapail Bhúí i Lúnasa 2015. Tá ollachar urláir de 1260mcr ag an bhfoirgneamh agus glanachar de 920mcr ar 4 urlár.

Stádas an Tionscadail:

Tá cóiríocht le bheith ar fáil san fhoirgneamh le haghaidh mic léinn CEDC CIT atá suite faoi láthair i gCé Uí Shúilleabháin. Ní bheidh cóiríocht ann don uile dhuine ach tá roghanna á scrúdú chun cóiríocht a bheith ann don líon is mó is féidir. Beidh gá le cead planála d'athrú úsáide, teastas sábháilteachta dóiteáin agus teastas rochtana míchumais.

5. FEISTIÚ SAOTHARLAINNE C154



Cur Síos:

Baineadh úsáid as an tsaotharlann bhunaidh C154 mar shaotharlann iarchéime agus cóiríocht inti do 24 mac léinn. Bhí sí mí-oiriúnach lena húsáid mar shaotharlann iarchéime de bhrí nach raibh aon uisce go dtí na binsí. Suiteáladh na binsí nua saotharlainne mar bhinsí oileáin atá níos oiriúnaí do shaotharlanna teagaisc. Chuimsigh an tionscadal athchóiriú iomlán ar an seomra (85mcr), troscán nua, M&E, urlárta agus suiteáil AV.

Stádas an Tionscadail:

I mbun tógála. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aibreán 2015 agus tá an tsaotharlann le bheith seachadta i nDeireadh Fómhair 2015.

6. FEISTIÚ SAOTHARLAINNE C149



Cur Síos:

Baineadh úsáid as an tsaotharlann bhunaidh C149 mar shaotharlann iarchéime agus cóiríocht inti do 16 mac léinn. Bhí sí mí-oiriúnach lena húsáid mar shaotharlann iarchéime de bhrí nach raibh aon uisce go dtí na binsí. Suiteáladh na binsí nua saotharlainne mar bhinsí oileáin atá níos oiriúnaí do shaotharlanna teagaisc. Chuimsigh an tionscadal athchóiriú iomlán ar an seomra (100mcr), troscán nua, M&E, urlárta agus suiteáil AV.

Stádas an Tionscadail:

Tá tús le cur leis an tógáil mí na Nollag 2015. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aibreán 2015 agus tá an tsaotharlann le bheith seachadta i bhFeabhra 2016.

7. TIONSCADAL UASGHRÁDAITHE GÁSANNA (Céim Dheiridh) PRÍOMHFHOIRGNEAMH



Cur Síos:

Shainaithin measúnú riosca go raibh gnéithe braite gáis agus rialú sábháilteachta riachtanach ar eagla go dtarlódh sceitheadh gáis inlasta.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh tús leis an tionscadal agus cuireadh i gcrích é in 2015.

8. SUITEÁIL CHÓRAS CHP A DEONADH SA PHRÍOMHFHOIRGNEAMH




Cur Síos:

Thairg an Chuideachta UTRC (comhpháirtithe taighde NIMBUS-bhunaithe) aonad CHP a bhí beagnach nua a dheonú do CIT lena úsáid ag an gCampas i mBaile an Easpaig. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh air go suiteálfáí córas téimh ceantair ar an gcampas. Chuirfeadh an tionscadal comhcheangailte méadú suntasach ar éifeachtacht fuinnimh an champais. Éascóidh an t-aonad CHP seo athshuíomh an aonaid CHP atá ann cheana don fhoirgneamh Turasóireachta agus na coirí gáis adhainte neamhéifeachtacha a athsholathar ar an gcaoi sin.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2015. Meastar go laghdóidh an córas costas an fhuinnimh a cheannaíonn CIT go han-mhór.

9. LEABA TÁSTÁLA TÉIMH CEANTAIR UTRC/CIT



Cur Síos:

Déanfar an córas téimh atá ann cheana féin a uasghrádú go cineál bonneagair téimh ceantair chun leaba tástála bheo thurgnamhach a chur ar fáil chomh maith le téamh comhsheasmhach d'úsáideoirí an fhoirgnimh trí mheán rialtán cliste a mbeidh mar thoradh orthu éifeachtachtaí níos mó fuinnimh sa chóras. Déanann UTRC 80% den chostas Dearaidh, Tógála agus Seachadta a bhaineann leis an tionscadal seo a mhaoiniú; maoiníodh CIT an fuilleach de 20%.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh críoch le hinsealbhú an tionscadail in 2015. Tá plean ag UTRC taighde a dhéanamh ar an gcóras le linn na 5.5 bliain seo chugainn.

10. UASGHRÁDÚ CEANTÍN CÉIM 1



Cur Síos:

Forbraíodh coincheap dearaidh foriomlán don Phríomhcheaintín. Rinne an Student Services Company é sin a choimisiúnú. Ba é an chéad chéim ná roinnt suíochánra botha imlíneach agus roinnt achar seirbhíse a insealbhú.

Stádas an Tionscadail:

Tá Céim 1 (suíochánra botha) le bheith críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2015.

11. ATHCHÓIRIÚ & LEATHNÚ CEANTÍN CEDC



Cur Síos:

Rinneadh athchóiriú agus leathnú ar an gceaintín in CEDC CIT i rith tsamhradh 2015.

Stádas an Tionscadail:

Curtha i gcrích.

7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí

Le linn 2014/2015, rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt bhreise agus i gcur i ngníomh Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) na hInstitiúide. Chuidigh glacadh go foirmiúil leis an CBS agus a chur in iúl ar bhealach nach beag le dul chun cinn le hintinn a dhíriú, go háirithe iad siúd a bhfuil ról cheannaireachta acu ar fud na hInstitiúide.

Shínigh an tUachtarán Ráiteas Sábháilteachta athbhreithnithe agus cuireadh in iúl do na baill shinsearacha go léir é. Reáchtáladh sraith cruinnithe faisnéise le baill foirne shinsearacha i mBealtaine 2015 agus tá cruinnithe eile faisnéise do na baill roinne ar siúl. Reáchtáladh na cruinnithe faisnéise sin, chomh maith le hoiliúint Measúnaithe Riosca, le baill foirne sa Scoil Ghnó (4 roinn), sa CEDC CIT, Saotharlanna CAPPA, Roinn na Matamaitice, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais, Roinn Ríomhaireachta, Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha, agus Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair. Tugadh an fhaisnéis agus an oiliúint seo do thart ar 250 ball foirne i gcúig roinn déag go dtí seo.

Leanadh de bheith dírithe ar Mheasúnuithe Riosca a chur i gcrích ar fud na hInstitiúide, go háirithe sa Scoil Ghnó, Foirgneamh CREATE, CEDC (Gloine, Plástar, Úsáid Cheimicí Contúirteacha), Staidéar Gairneoireachta agus Talmhaíochta Cloich na Caoilte, agus an Roinn Ríomhaireachta.

Tugadh faoi athbhreithniú ar stóráil cheimicí contúirteacha ag Bloic A-D CIT agus ullmhaíodh agus eisíodh tuarascáil ar chinntí an athbhreithnithe sin mar aon le sraith moltaí.

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar cháipéisíocht (polasaithe agus gnáthaimh) SMS CIT. Tá na hathbhreithnithe sin ar fáil ar Inlíon Gateway CIT.

Cuireadh tús le clár píolótach a bhaineann úsáid as Córas Bainistithe Cáipéisíochta Sábháilteachta atá néalbhunaithe (Bogearraí Éifeachtacha) sa Lárionad Staidéar Ceardaíochta agus tuairiscítear dul chun cinn rialta.

Oiliúint Sábháilteachta

Cuireadh Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta mar seo a leanas:

- Sainnithint Ghuaise agus Measúnu Riosca
- Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceach
- Ag Obair ar Airde
- Múchtóir Dóiteáin agus Maor Dóiteáin
- Measúnóir Aonad Fístaispeána
- An Chéad Fhreagróir Cairdiach
- Garchabhair Oibre
- An Chéad Fhreagróir Éigeandála
- Láimhseáil Láimhe agus Teagascóir Láimhseála Láimhe
- Pas Sábháilteachta FÁS agus Oiliúint Ionadaíoch Sábháilteachta
- Cruinniú Faisnéise Bainistithe Sabháilteachta.

Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta

Leanadh den obair suiteála ar an ngléasra gáis i bpióbáin agus na gcóras braite in ionad na sorcóirí inmheánacha gáis sna saotharlanna agus ceardlanna. Tá sé sin críochnaithe anois i mBloic A, B agus C.

Cuireadh caoi ar na sceití i ndíon an halla gleacaíochta agus suiteáladh córas feabhsaithe aeraithe d'fhonn fadhbanna sábháilteachta féideartha a dhíothú sa réimse sin.

Timpistí/Teagmhais CIT ó Mheán Fómhair 2014 – Lúnasa 2015:

Tuairiscíodh 92 timpiste ar fad, ar laghdú é sin de 13 ón mbliain roimhe sin. Chuimsigh siad:

- 37 timpiste; ar éiligh dhá cheann díobh an taismeach a aistriú go dtí an t-ospidéal le hotharcharr (1 as Campas Bhaile an Easpaig agus 1 as CEDC)
- 55 teagmhais; 45 díobh a bhain le ceisteanna leighis agus 10 dteagmhais nár bhain gortu leo (5 as Campas Bhaile an Easpaig, 4 as CEDC agus 1 as CNMÉ).

Coiste Sábháilteachta CIT

Bhuail an Coiste Sábháilteachta le chéile ar bhonn rialta i gcaitheamh na bliana acadúla.

7.4 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón

+353 21 432 6100

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé an hAontachta, Corcaigh

Teileafón

+353 21 480 7300/310

Facs

+353 21 454 7617

Gréasán

<http://csm.cit.ie>

COLÁISTE EALÁINE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sharman Crawford Street, Cork

Teileafón

+353 21 433 5200

Facs

+ 353 21 433 5201

Gréasán

www.cit.ie/ccad

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Seoladh

Ringaskiddy, Co Cork

Teileafón

+353 21 497 0600

Facs

+353 21 497 0601

Gréasán

www.nmci.ie



Arna fhoilsiú ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Márta 2017

Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin

Tabhair faoi deara:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an
fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid
freagracht as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá inti.

E&OE

Aistritheoir

Niall Ó Murchadha

